

2012

Tuarascáil Bhliantúil: An Roinn Oideachais agus Scileanna



Clár Ábhar

1	CUID 1 Faisnéis Chorparáideach	1
1.1	Ár Misean.....	1
1.2	Ár Spriocanna Ardleibhéil.....	1
	Réamhfhocail ón Aire.....	2
	Ráiteas ón Ard-Rúnaí.....	3
2	Cairt Eagraíochta	4
3	Súil Siar ar an mBlain	5
3.1	Bunú Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)	5
3.2	Bunú SOLAS.....	5
3.3	Comhairle Taighde na hÉireann.....	5
3.4	Athchumrú na gCoistí Gairmoideachais.....	5
3.5	Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta.....	6
3.6	Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí	6
3.7	Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna	6
3.7.1	Cur chun feidhme Clár Chigireachta i Scoileanna agus in Ionaid	6
3.7.2	Forbairt Múnlaí Cigireachta	6
3.8	An Plean Gníomhaíochta ar Bhulaíocht	7
3.9	Pas Oideachais	7
3.10	An Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas	7
3.11	An Clár Tógála/Oibreacha	7
3.11.1	An Clár Tógála Scoileanna	7
3.12	An Clár Athchóirithe um Dheontais Mhac Léinn	8
3.13	An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF)	9
3.13.1	Rialachán atá Beartaithe don EGF 2014-2020	9
3.13.2	Athbhreithniú ar Oibríocht an EGF in Éirinn	9
3.14	Cur Chun Feidhme na Straitéise don Ard-Oideachas	9
3.15	Tionscnaimh Scileanna	10
3.16	Sásamh d'Fhorais Chónaithe	10
3.17	An Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil (ORP)	10
4	Sonraí Chorparáideacha Ginearálta i 2012	11
5	CUID 2 Dul Chun Cinn ar Spriocanna.....	13
6	Sprioc 1 – Córas oideachais scoile agus na luathóige atá uileghabhálach agus ar ardchaighdeán, a bhfuil torthaí foghlama níos fearr ag gabháil leis, a chur ar fáil	13
6.1	Tacú le Córas Oideachais na Luathóige atá ar Ardchaighdeán.....	13
6.2	Curaclam agus Measúnachtaí i Scoileanna	14
6.2.1	Tionscadal Mata	14
6.2.2	Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí	15
6.2.3	Tacú leis an bPróiseas Scrúduithe	16
6.2.4	An Tionscnamh Teangacha Iar-Bhunscoile (PPLI)	16
6.2.5	An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE)	16
6.3	An Fóram Frith-Bhulaíochta	16
6.4	Feabhas a Chur ar ár gCaighdeán sa Litearthacht agus san Uimhearthacht	16
6.5	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS)	18
6.5.1	Soláthar foirne DEIS	19
6.5.2	An Clár Tacaíochta Scoile	19
6.5.3	Teagmháil Bhaile, Scoile agus an Phobail (HSCL)	20
6.5.4	An Clár Críochnaithe Scoile (SCP)	20
6.5.5	An Bord Náisiúnta um Leas Oideachais	20
6.5.6	Litearthacht agus Uimhearthacht	20
6.5.7	Meastóireacht ar DEIS	21
6.6	Oideachas Speisialta.....	21
6.6.1	An Scéim Teagaisc sa Bhaile	22

6.6.2	Clár Oideachais Mhí lúil	22
6.6.3	Aschur 2012	22
6.6.4	Comhordú idir na seirbhísí Oideachais agus na seirbhísí Sláinte maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu	23
6.6.5	Tacaíochtaí spriocdhírthe a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.	23
6.7	Pátrúnacht Scoile	24
6.8	Tacú le húsáid TFC sa Teagasc agus san Fhoghlaim.	24
6.9	Beartais um Rollú Scoile	24
6.10	Forbairt Bunachair Shonraí Nua Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna (PPOD)	25
6.11	Iompar Scoile	25
6.12	Teagasc na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile	26
6.13	Cigireacht Scoile agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna	27
6.13.1	Féin-athbhreithniú agus Feabhsú Leanúnach ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim i Scoileanna agus in Ionaid Oideachais 27	
6.13.2	Tuarascálacha Cigireachta a Foilsíodh i 2012	27
6.14	Párolla Múinteoirí	28
6.15	Oideachas Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	28
6.15.1	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)	29
6.15.2	Clár Iarchéime do Thionscadal Mata a Thabhairt Isteach	29
6.15.3	An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM).	30
6.15.4	An Clár um Chúrsaí Samhraidh	30
6.15.5	Léann Giúdach	30
6.16	Líon na Múinteoirí le Céim ó na Coláistí Príomha Oideachais i 2012	30
6.17	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)	31

7 Spríoc 2 – Deiseanna le haghaidh uasoiliúna agus athoiliúna a chomhlíonann riachtanais na ndaoine aonair sa mhargadh saothair a chur ar fáil33

7.1	Breis-Oideachas agus Oiliúint	33
7.2	Clár EGF na hÉireann	34
7.3	SOLAS	35
7.4	Tacú le Cur Chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna - FET	35
7.5	Tacú le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna (NSS) - Ard-Oideachas	36
7.6	An tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí	36
7.7	Oiliúint do Dhaoine faoi Mhíchumas	37
7.8	Skillnets	37
7.9	Scileanna Litearthachta agus Uimhearthachta Aosach	37

8 Spríoc 3 – Deiseanna ardchaighdeáin foghlama, taighde agus nuálaíochta a chur ar fáil san earnáil ardoideachais39

8.1	An Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go 2030	39
8.2	Cothromas Rochtana ar an Ard-Oideachas a Chur Chun Cinn	40
8.3	Athchóiriú an Chórais um Dheontais Mhac Léinn	40
8.4	Caiteachas ar Thacaíocht do Mhac Léinn	41
8.5	Taighde agus Airgeadas an Ard-Oideachais	41
8.6	Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta	42
8.7	An Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil 2007-2013	43
8.8	Rannpháirtíocht na Roinne i gCruinnithe agus i dTionscnaimh Idirnáisiúnta	44
8.9	Thuaidh/Theas	45

9 Spríoc 4 – Bonneagar iomchuí le haghaidh timpeallachtaí foghlama a phleanáil agus a chur ar fáil47

9.1	Éifeachtúlacht a Mhádú i Seachadadh Tionscadal Tógála	47
9.2	Soláthar Áiteanna Scoile	47
9.2.1	Áiríodh an méid seo a leanas leis na mórthionscail tógála scoile a cuireadh i gcrích i 2012:	47
9.3	Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí	48
9.4	Forbairtí san Earnáil Ard-Oideachais	48
9.5	Éifeachtúlachtaí Méadaithe	49
9.6	Beartas Fuinnimh	49
9.7	Sonraí a bhaineann le hoideachas agus le hoiliúint a chur ar fáil don phobal agus d'eagraíochtaí	50

10	Cuid 3 – Feabhas a chur ar ár nÉifeachtúlacht agus ar ár nÉifeachtacht	51
10.1	Athchóiriú Ginearálta na hEarnála Oideachais	51
10.2	Tacú le nuachóiriú na hearnála oideachais trí phróiseas comhpháirtíochta a chuireann dea-chleachtas i gcaidreamh tionsclaíoch chun cinn.	51
10.3	An Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil	51
10.4	Tús Áite do Leanáí	52
10.5	Sásamh d’Fhorais Chónaithe	52
10.6	Feabhas a Chur ar Fheidhmíocht agus ar Éifeachtúlacht ár Roinne	52
10.6.1	Airgeadas	52
10.6.2	Faireachán a Dhéanamh ar ár gCórais Inmheánacha agus ar ár bPróisis Inmheánacha	53
10.7	Acmhainní Daonna	53
10.7.1	Oiliúint agus Forbairt Foirne	54
10.7.2	Feabhsú na bPróiseas Gnó	54
10.7.3	Éirim Ghnó	55
10.7.4	Feabhsúcháin Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide Inmheánaí	55
10.7.5	Forbairt ár Láithreáin Ghréasáin Nua	55
10.7.6	Prótacal Idirlín Guthaithe (VoIP)	56
10.7.7	Pleanáil agus Feabhsúcháin Ghnó ag an Leibhéal Rannóige	56
10.7.8	Feidhmíocht na foirne tacaíochta	56
	Aguisín A - Comhlachtaí faoi Scáth na Roinne i 2012	57
	Aguisín B - Foilseacháin i 2012.....	58
	Aguisín C - Naisc Dhíreacha chuig ár Láithreán Gréasáin www.education.ie	73

1 CUID 1 Faisnéis Chorparáideach

1.1 Ár Misean

Is é ár misean cur ar chumas foghlaimeoirí a lánchumas a bhaint amach agus cur le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann.

1.2 Ár Spriocanna Ardleibhéil

Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go soláthraíonn an Roinn agus an earnáil oideachais agus oiliúna níos leithne seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadann luach ar airgead don cháiniócóir. Is í ár sprioc uileghabhálach feabhas a chur ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama ag gach leibhéal den earnáil oideachais agus oiliúna agus feabhas a chur ar thorthaí foghlama le himeacht ama. Chun tacú leis sin, d'aithníomar na spriocanna ardleibhéil seo a leanas:

1. Córas oideachais scoile agus na luathóige atá uileghabhálach agus ar ardchaighdeán, a bhfuil torthaí foghlama níos fearr ag gabháil leis, a chur ar fáil
2. Deiseanna a chur ar fáil le haghaidh athoiliúna agus breisoiliúna a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine agus an mhargaidh shaothair
3. Deiseanna foghlama, taighde agus nuálaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil san earnáil ardoideachais
4. Bonneagar cuí a phleanáil agus a chur ar fáil do thimpeallachtaí foghlama

Réamhfocail ón Aire

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla do 2012, ina leagtar amach scála na hoibre a rinne an Roinn i 2012 agus an méid atá á chur ag an Roinn le téarnamh fioscach agus socheacnamaíoch na tíre. Agus aghaidh á tabhairt ar an sainchúram fairsing oideachais, bhí an bhliain 2012 ina bliain dhúshlánach, ach ina bliain tháirgiúil, dom féin agus do mo chomhghleacaithe Aireachta, Ciarán Cannon TD agus Seán Sherlock TD, agus tá áthas orm aitheantas a thabhairt don dul chun cinn seasta atá á dhéanamh chun na spriocanna atá leagtha síos sa chláir uailmhianach oibre um athchóiriú ar an earnáil oideachais a chomhlíonadh.

Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta do Phoist agus de Bhealaí chun na hOibre, tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh le hoideachas agus le hoiliúint ar ardchaighdeán a fhorbairt chun tacú le daoine dífhostaithe fillleadh ar an bhfostaíocht trí rochtain a fháil ar dheiseanna athoiliúna atá oiriúnach dá gcuid riachtanas. Maidir le daoine dífhostaithe a ghníomhachtú, cuireadh thart ar 30,000 áit bhreise ar fáil sa chóras oideachais agus oiliúna ar fud roinnt tionscnaimh éagsúla faoi dheireadh na bliana 2012, lena n-áirítear céim nua SpringBoard, clár thiontaithe do chéimithe TFC agus an clár nua MOMENTUM.

San earnáil tríú leibhéal, rinneadh dul chun cinn suntasach ar chur chun feidhme na Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas faoi choimirce an Ghrúpa Maoirseachta Forfheidhmithe. Rinneadh dul chun cinn freisin ar athchóiriú an oideachais tosaigh do mhúinteoirí, lena n-áirítear foilsiú *Tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe Idirnáisiúnta ar Struchtúr an tSoláthair Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí in Éirinn* i mí Iúil.

In earnáil na scoileanna, cuireadh tús le sraith athchóirithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear am méadaithe a thabhairt isteach don litearthacht agus don uimhearthacht i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus leathnú suntasach ar úsáid measúnachtaí sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic mar chuid de chur chun feidhme *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*.

Go déanach anuraidh, foilsíodh *Creat don tSraith Shóisearach*, rud a chuireann le moltaí a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ina foilseachán *I dTreo Creata don tSraith Shóisearach-Nuálaíocht agus Féiniúlacht*. Cuireadh tús cheana féin le hobair chun an tSraith Shóisearach a athchóiriú, agus beidh athruithe i bhfeidhm i scoileanna ó 2014 ar aghaidh. Rachaidh athchóiriú i ngleic leis na saincheisteanna a bhaineann le ró-ualú curaclaim agus le foghlaim de ghlanmheabhair, cuirfidh sé cruthaitheacht agus nuálaíocht mhéadaithe chun cinn, agus tacóidh sé le forbairt príomhscileanna, lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht, ag an am céanna.

Chuir an Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile a chuid oibre i gcrích ag tús na bliana 2012 agus leag mé plean gníomhaíochta mar fhreagra ar thuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh don Fóram amach i mí an Mheithimh. Mar chuid den phlean sin, cuireadh tús le hobair ar shuirbhéanna dífheistithe a leithdháileadh ar cheantair phíolótacha chun tuairimí na dtuismitheoirí áitiúla a fháil ar an ngá atá le cineálacha breise scoile i gceantair aitheanta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne, leis an bhfoireann inár gcuid gníomhaireachtaí agus leo siúd a oibríonn ag gach leibhéal ar fud na hearnála níos leithne oideachais as a gcuid tiomantais do dhul chun cinn a dhéanamh ar an sainchúram dúshlánach uailmhianach oideachais.

Ruairí Quinn

An tAire Oideachais agus Scileanna

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair, rud ina leagtar amach an dul chun cinn suntasach a rinneadh ar fud an oideachais agus na hoiliúna agus a mbeidh tionchar fada buan aige chun tairbhe shoचाई na hÉireann. Rinneadh an dul chun cinn sin nuair a bhí diandeachraí airgeadais agus eacnamaíocha romhainn.


Le linn 2012, rinneadh dul chun cinn i roinnt réimsí éagsúla – socruithe nua don tsraith shóisearach agus d'fhéinmheastóireachtaí scoile; agus dul chun cinn ar chur chun feidhme na straitéise náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta agus ar an athbhreithniú ar struchtúir eagraíochtúla le haghaidh seachadadh oideachais mhúinteoirí in institiúidí ardoideachais. Rinneamar dul chun cinn ar chur chun feidhme na straitéise don ardoideachas agus ar chur chun feidhme deiseanna nua uasoiliúna agus athoiliúna oiriúnaithe do dhaoine dífhostaithe, ar fhoilsiú na reachtaíochta lena mbunófar boird oideachais agus oiliúna agus ar an bplean forfheidhmithe as a mbunófar SOLAS, arb é an tÚdarás nua Breis-Oideachais agus Oiliúna. Chomh maith leis sin, cuireadh Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann ar bun agus baineadh fiordhul chun cinn amach ar fhorbairt socruithe athbhreithnithe do phátrúnacht na scoileanna nua agus ar bhunú agus ar chur chun feidhme beartas i leith athruithe ar phátrúnacht na mbunscoileanna atá ann cheana féin. Tugadh próiseas láraithe nua d'iarraitais ar dheontais mhac léinn isteach. Tháinig líon suntasach deachraí chun cinn le linn oibriú an chórais láraithe nua sa chéad bhliain, rud as ar tháinig moilleanna do-ghlactha ar bhronnadh agus ar íocaíocht deontas. Rinneadh anailís ar na cúiseanna leis na moilleanna sin agus chuathas i ngleic leo.

Bhí cuid mhór dúshlán roimh an Roinn le linn 2012, agus léiríonn an dul chun cinn a baineadh amach sa timpeallacht fhioscach a leanann de bheith deacair, mar aon le feidhmiú rathúil na dtascanna leanúnacha oibríochtúla riachtanacha a chomhlíonadh beag beann ar acmhainní laghdaithe airgeadais agus daonna a bheith aici, an tiomantas atá ag foireann na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach ball foirne na Roinne, lenár gcuid gníomhaireachtaí agus le gach duine atá páirteach san earnáil níos leithne oideachais as a gcuid oibre ina leith sin agus táim ag tnúth le bheith ag obair le comhghleacaithe, agus béim leanúnach á cur ar sheachadadh seirbhísí oideachais atá éifeachtúil agus ar ardchaighdeán agus ar féidir leo rannchuidiú fíor agus inbhraite a dhéanamh le téarnamh geilleagrach na hÉireann.

Seán Ó Foghlú
Ard-Rúnaí

2 Cairt Eagraíochta

Organisation Chart - Department of Education and Skills - MAC Responsibilities (May 2012)



3 Súil Siar ar an mBliain

Léirítear i Súil Siar ar an mBliain roinnt de na príomhfhorbairtí a tharla le linn 2012 de réir mar a lean an Roinn ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise a chomhlíonadh.

3.1 Bunú Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

Bunaíodh Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i mí na Samhna 2012 mar ghníomhaireacht chomhtháite aonair, a ghlac áit ceithre chomhlacht reatha – FETAC, HETAC, an tÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí agus Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann. Cuirfidh QQI seirbhís chomhcheangailte ar fáil d'fhoghlaimoirí agus do sholáthraithe oideachais agus oiliúna agus soláthróidh siad bealaí foghlama atá solúbtha agus dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de laistigh de chomhthéacs an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí.

3.2 Bunú SOLAS

Le linn na bliana, lean an Roinn ar aghaidh le húdarás nua breisoideachais agus oiliúna, ar a dtugtar SOLAS, a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar oibriú na hearnála breisoideachais agus oiliúna. Is é an sainordú atá aige ná a chinntiú go soláthrófar cláir bhreisoideachais agus oiliúna atá cothrom le dáta agus ar ardchaighdeán do lucht cuardaigh fostaíochta agus d'fhoghlaimoirí eile. Bhí obair ar an reachtaíocht chun SOLAS a bhunú ag ardchéim ag deireadh na bliana 2012.

Le linn 2012, aistríodh Seirbhísí Fostaíochta FÁS isteach sa Roinn Coimirce Sóisialaí. Is é atá i gceist leis an aistriú feidhmeanna chuig an Roinn sin ná freagra níos spriocdhírthe, níos éifeachtaí agus níos sruthlínithe a éascú ar riachtanais na ndaoine dífhostaithe.

Bhí obair ar an reachtaíocht chun SOLAS a bhunú ag ardchéim ag deireadh na bliana 2012.

3.3 Comhairle Taighde na hÉireann

Rinneadh Comhairle nua Taighde na hÉireann (IRC), a cuireadh ar bun trí chumasc idir Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) agus Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET) í, a sheoladh i mí an Mhárta 2012. Spreagfaidh IRC nuálaíocht, cruthaitheacht agus fiontraíocht, agus tabharfaidh sí tacaíocht do thaighdeoirí. Imreoidh sí ról lárnach freisin i gcruthú post amach anseo a bhrú chun cinn ar fud réimsí eacnamaíocha, cultúrtha agus sóisialta.

3.4 Athchumrú na gCoistí Gairmoideachais

I mí Dheireadh Fómhair 2011, cheadaigh an Rialtas na príomhghnéithe de Bhille na mBord Oideachais agus Oiliúna, rud ina ndéantar foráil d'athchumrú na gCoistí Gairmoideachais chun líon na gCoistí Gairmoideachais a laghdú ó 33 coiste go 16 choiste. Tabharfar Boird Oideachais agus Oiliúna ar na 16 aonán. Cinnteoidh na Boird Oideachais agus Oiliúna go ndéanfar oideachas agus oiliúint a sheachadadh agus a chomhordú ar bhealach níos fearr ag leibhéal áitiúil.

Ag deireadh na bliana 2012, chuaigh an Bille go rathúil tríd an dara céim i nDáil Éireann agus bhí sí ar feitheamh chéim an choiste.

3.5 Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta

Cuireadh tús le cur chun feidhme na *Straitéise Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht*

a *Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* rud as ar tháinig sraith athchóirithe chun cinn, lena n-áirítear athchumrú ar ábhar agus ar fhad na gcúrsaí do mhúinteoirí bunscoile chun forbairt scileanna na múinteoirí i dteagasc litearthachta agus uimhearthachta a chinntiú, méadú a dhéanamh ar an méid ama a chaitear ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht i scoileanna, agus leathnú suntasach ar an úsáid meastóireachta agus trialacha sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic.

3.6 Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí

Foilsíodh *Creat don tSraith Shóisearach* atá nua i 2012 agus tá obair ar siúl chun an tSraith Shóisearach a athchóiriú, agus beidh athruithe i bhfeidhm i scoileanna ó 2014 ar aghaidh. Rachaidh athchóiriú i ngleic leis na saincheistanna a bhaineann le ró-ualú curaclaim agus le foghlaim de ghlanmheabhair, cuirfidh sé cruthaitheacht mhéadaithe agus nuálaíocht chun cinn, agus tacóidh sé le forbairt príomhscileanna, lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht, ag an am céanna.

3.7 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna

3.7.1 Cur chun feidhme Cláir Chigireachta i Scoileanna agus in Ionaid

I 2012, rinne an Chigireacht cigireacht i níos mó ná aon chúigiú cuid de bhunscoileanna agus i níos mó ná 80% de na 730 iar-bhunscoil sa tír.

3.7.2 Forbairt Múnlaí Cigireachta

I 2012, píolótaíodh múnlaí nua cigireachta agus rinneadh athruithe ar mhúnlaí cigireachta atá ann cheana féin freisin. A bhfuil le húsáid ceistneoirí do mheastóireachtaí scoile uile i 2012, tá deis níos fearr ag daltaí agus ag tuismitheoirí tuairimí a chur in iúl maidir le meastóireacht scoileanna. Tháinig laghdú suntasacha ar an méid doiciméadaithe a éilítear ar scoileanna a chur ar fáil mar gheall ar mhúnlaí meastóireachta atá níos giorra agus níos spriocdhírthe.

Cigireachtaí Leantacha

Chuir an Chigireacht tús le múnla Cigireachta Leantaí a phiólótú i 2012. Díríonn na cigireachtaí sin ar an dul chun cinn atá déanta ag scoileanna i gcur chun feidhme a dhéanamh ar mholtaí a cuireadh i láthair i dtuarascálacha cigireachta a foilsíodh roimhe. Rinneadh 177 cigireacht den sórt sin i 2012.

Meastóireachtaí ar Aonaid Ard-Tacaíochta, ar Aonaid Chúraim Speisialta agus ar Scoileanna Coinneála Leanaí

I 2012, píolótaíodh múnla nua tiomnaithe cigireachta do scoileanna atá bainteach le hAonaid Ard-Tacaíochta, le hAonaid Chúraim Speisialta agus le Scoileanna Coinneála Leanaí. Rinneadh cigireacht ar gach ceann de na deich scoil sna haonaid sin i 2012.

Meastóireacht na Scoile Uile: Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (WSE:MLL) - Bunscoile

Ag an leibhéal bunscoile, píolótaíodh múnla nua meastóireachta, WSE-MLL, in aon scoil is fiche i 2012. Soláthraíonn an múnla seo solúbthacht mhéadaithe maidir leis an dóigh a ndéantar

meastóireacht ar sholáthar oideachais ar fud an raoin iomláin de shuíomhanna bunscoile. Tacaíonn an múnla le héifeachtúlacht mhéadaithe maidir le tuarascálacha a thabhairt chun críche agus maidir le haiseolas tráthúil a chur ar fáil do scoileanna freisin.

3.8 An Plean Gníomhaíochta ar Bhulaíocht

Le linn 2012, tionóladh Fóram Frith-Bhulaíochta chun machnamh a dhéanamh ar athruithe ar chleachtais agus ar bheartais atá ann cheana féin i scoileanna d'fhonn dul i ngleic go héifeachtach le bulaíocht. Mar aon leis an bhFóram, cuireadh grúpa oibre ar bun chun dul i ngleic le bulaíocht, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach, cibearbhulaíocht agus bulaíocht chiníoch. Bhí obair á déanamh i 2012 chun Plean Gníomhaíochta ar Bhulaíocht a fhorbairt.

3.9 Pas Oideachais

Chun cabhrú le daltaí agus iad ag aistriú ó bhunscoil go hiar-bhunscoil, ó mhí Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh, beidh “pas oideachais” ag gabháil le daltaí atá ag aistriú ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna. Is é sin, cárta tuairisce deireadh bliana a sheolfar chuig scoil nua an dalta. Tá an chomhroinnt seo faisnéise dírithe ar a chinntiú go mbeidh léargas cruinn ar chumas agus ar ghnóthachtáil daltaí sa bhunscoil ar fáil dá scoil nua.

3.10 An Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas

Chuir an Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile a chuid oibre i gcrích ag tús na bliana 2012 agus tá obair ar siúl chun dífheistiú a dhéanamh sna ceantair phíolótacha.

I mí Aibreáin 2012, foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh don Fhóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile. I mí an Mheithimh 2012, foilsíodh an Plean Gníomhaíochta ina leagtar amach freagra na Roinne ar Thuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh.

3.11 An Clár Tógála/Oibreacha

Chuir an seachadadh agus an soláthar tionscadal tógála i 2012, a thabhaigh caiteachas de €410m, le gníomhaíocht gheilleagrach, chabhraíodar le cruthú post agus mhéadaíodar acmhainneacht an gheilleagair i gcoitinne chun freagairt d'fhás agus do tháirgiúlacht. B'ionann an caiteachas iomlán ar thionscadail tógála bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i 2012 agus pas beag níos mó ná €347m. Caitheadh níos mó ná €55m ar thionscadail chaipitil ardoideachais i 2012, agus caitheadh níos mó ná €2m ar thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (PPP).

3.11.1 An Clár Tógála Scoileanna

Fógraíodh tionscnamh nua i mí an Mhárta 2012 chun seomraí réamhdhéanta ar cíos i scoileanna a athsholáthar le seomraí buana ranga. Measadh go mbeadh costas de níos mó ná €42m ag baint leis an tionscnamh, agus cuirfidh sé cóiríocht nua-aimseartha ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltai agus do mhúinteoirí i níos mó ná aon trian de na scoileanna a ghlacann seomraí réamhdhéanta ar cíos faoi láthair.

D'fhonn éifeachtúlacht a mhéadú i seachadadh na dtionscadal tógála, tá socruithe déanta ag an Roinn go ndéanfaidh Coistí Gairmoideachais bainistiú ar sheachadadh 37 tionscadal. Ina theannta sin, tá 15 tionscadal á mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, tá 2 tionscadal á mbainistiú ag Comhairle Contae Lú agus tá tionscadal amháin á bhainistiú ag Comhairle Contae na hIarmhí. Tá socruithe déanta ag an Roinn freisin go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt

Náisiúnta bainistiú ar sheachadadh 18 dtionscadal scoile. Cabhróidh na socruithe sin leis an Roinn na scoileanna nua agus na síntí atá ag teastáil a sheachadadh thar na cúig bliana amach romhainn.

I 2012, cuireadh 53 tionscadal ar scála mór san iomlán i gcrích – 39 tionscadal san earnáil bhunscoile agus 14 tionscadal san earnáil iar-bhunscoile. Cuireadh 9,792 áit bhuan scoile san iomlán (a raibh 6,324 ceann díobh ina n-áiteanna breise buana) ar fáil i 25 bunscoil nua agus cuireadh 1,820 áit bhreise bhuan ar fáil i 14 bhunscoil atá ann cheana féin.

San earnáil iar-bhunscoile, cuireadh 7 scoil nua agus 7 dtionscadal sínidh ar scála mór/athchóirithe i gcrích i 2012. Sheachaid na tionscadail sin 4,800 áit bhuan scoile (a raibh 2,000 ceann díobh ina n-áiteanna breise buana), agus chuir siad saoráidí feabhsaithe ar fáil do 4,150 dalta.

Ceadaiódh 746 tionscadal ar scála níos lú lena seachadadh ag scoileanna agus chuimsigh siad go príomha tionscadail faoin Scéim um Chóiríocht Bhreise, faoin Scéim Tionscnaimh Phost, faoin Tionscnamh Athsholáthair Sheomraí Réamhdhéanta agus ceaduithe a d'éascair ó iarratais ar Oibreacha Éigeandála. Laistigh de chohórt na dtionscadal ar scála níos lú, chuir na Scéimeanna um Chóiríocht Bhuan agus um Chóiríocht Bhreise agus an Tionscnamh Athsholáthair Sheomraí Réamhdhéanta 6,677 áit bhuan scoile san iomlán ar fáil.

3.12 An Clár Athchóirithe um Dheontais Mhac Léinn

Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn, Éire

I 2011, roghnaíodh Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath mar údarás aonair bronnta deontas agus cuireadh aonad tiomnaithe ar bun laistigh de Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath chun an próiseas a lárú d'iontrálaithe nua don bhliain acadúil 2012/2013. Cé gur tháinig líon suntasach deacrachtaí chun cinn maidir le hoibriú an chórais láraithe nua sa chéad bhliain, rud as ar tháinig moilleanna do-ghlactha ar bhronnadh agus ar íocaíocht deontas, táthar ag súil, de réir mar a rachfar i ngleic leis na deacrachtaí sin agus mar a dhéanfar an córas nua a chuíchóiriú agus a uathoibriú tuilleadh, go seachadfaidh na hathchóirithe sin feabhsú suntasach seirbhíse d'iarratasóirí ar dheontais mhac léinn sa téarma níos faide.

Tá na 66 comhlacht éagsúil bronnta deontas atá ann cheana féin agus atá freagrach as deontais mhac léinn (Údarás Áitiúla agus Coistí Gairmoideachais) ag leanúint de bheith ag déileáil le hathnuachaintí deontais dá mic léinn reatha go dtí go gcríochnóidh na mic léinn sin a gcuid cúrsaí.

Saoráid Iarratais Ar Líne

Cuireadh saoráid iarratais ar líne amháin ar fáil do gach iarratasóir nua a bhí ag déanamh iarratais chuig Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn, Éire, don bhliain acadúil 2012/2013. Cuireadh beagnach 100% de na hiarratais isteach ar líne don bhliain acadúil 2012/13.

An Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn

Cuireadh Bord neamhspleách Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn ar bun tar éis achtú an Achta um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011. Sa chás go ndiúltaíonn údarás bronnta deontas

d'achomharc tosaigh ó iarratasóir aonair, is féidir achomharc a chur isteach chuig an mBord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn, atá neamhspleách agus a chuid feidhmeanna á bhfeidhmiú aige. I 2012, shuigh an Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn ar cheithre ócáid déag agus rinne sé machnamh ar 375 achomharc.

Íocaíocht deontas Mac Léinn trí Ríomh-Aistriú Airgid (EFT)

Ó mhí Mheán Fómhair 2012, aistrefar deontais do gach iarratasóir nua ó íocaíochtaí téarmabhunaithe seic trí institiúidí ardoideachais chuig íocaíochtaí leictreonacha míosúla a íocfar go díreach isteach i gcuntais bhainc mhac léinn.

3.13 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF)

Is ionann an EGF agus ionstraim chómhaoinithe de chuid an AE atá ceaptha chun cabhrú le Ballstáit tacaí gníomhacha margaidh shaothair a chur ar fáil d'oibrithe a rinneadh iomarcach mar gheall ar dhrochthionchair an domhandaithe.

3.13.1 Rialachán atá Beartaithe don EGF 2014-2020

Le linn 2012, chuir Éire le hidirbheartaíocht leanúnach a rinneadh faoi uachtaránacht na Danmhairge agus na Cipire ar an Ae chun dul chun cinn a dhéanamh ar thogra an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh rialachán nua don EGF don tréimhse 2014-2020.

3.13.2 Athbhreithniú ar Oibríocht an EGF in Éirinn

Foilsíodh 'A Review of Ireland's operation of the Dell, Waterford Crystal and SR Technics EGF programmes' (*Athbhreithniú ar oibríocht na hÉireann ar chlár EGF Dell, Waterford Crystal agus SR Technics*) i mí Lúnasa 2012. Is é a bhí san Athbhreithniú, a chuimsigh ionchur ó na páirtithe leasmhara uile sa phróiseas EGF, lena n-áirítear oibrithe iomarcacha, roinnt moltaí ar nós caidreamh níos luaithe agus níos dírithe leis an gcohort iomarcach. Cuireadh cuid mhaith de mholtaí an Athbhreithnithe san áireamh sa dóigh a n-oibríonn an Roinn clár EGF Talk Talk atá ann faoi láthair.

3.14 Cur Chun Feidhme na Straitéise don Ard-Oideachas

Cuireadh roinnt spriocanna ardtosaíochta ón Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas chun feidhme le linn 2012.

An Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim a Fheabhsú ag an Tríú Leibhéal.

Cuireadh an Fóram Náisiúnta um Oiliúint agus Fágáil ag an Tríú Leibhéal ar bun i 2012. Tá sé mar phríomhaidhm aige caighdeán an eispéiris foghlama a fheabhsú do gach dalta, bíodh siad ina mic léinn lánaimseartha, ina mic léinn pháirtaimseartha nó ina bhfoghlaiméoirí solúbtha. Beidh ról ríthábhachtach le himirt aige maidir le tacú le sármhaitheas i dteagasc agus i bhfoghlaim ar fud gach ceann de na hinstiúidí ardoideachais.

Tús an Phróisis chun an Tírdhreach Ard-Oideachais a Athchumrú

I mí Feabhra 2012, d'fhoilsigh an tÚdarás um Ard-Oideachas raon doiciméad agus chuir sé tús le próiseas comhairliúcháin agus plé ar chumrú córais, agus tabharfaidh siad sin eolad maidir leis an dóigh is fearr chun an córas ardoideachais a athchumrú d'fhonn gur féidir leis cuspóirí na Straitéise a chomhlíonadh. Bhí an próiseas ceithre chéim agus na critéir cheithre chéim maidir le hainmniú institiúidí teicneolaíochta mar ollscoileanna teicneolaíochta san áireamh san

fhoilseachán *I dTreo Tírdhreach Ard-Oideachais sa Todhchaí*. Le linn 2012, rinne gach ceann de na hinstiúidí ardoideachais aighneachtaí chuig HEA, ag cur síos ar an dóigh a n-oirfidís go straitéiseach do chóras athchumraithe sa todhchaí. Choimisiúnaigh HEA saineolaithe chun anailís a chur ar fáil mar chuid den phróiseas.

Critéir agus próiseas maidir le hainmniú ollscoileanna teicneolaíochta

Chun cabhrú le plé HEA ar athchumrú an chórais, chuir grúpaí instiúidí teicneolaíochta léirithe foirmiúla spéise isteach lena n-ainmniú mar ollscoileanna teicneolaíochta mar chuid den chéad chéim den phróiseas ceithre chéim agus de na critéir cheithre chéim a leagadh amach in *I dTreo Tírdhreach Ard-Oideachais sa Todhchaí*. Chuir trí ghrúpa a gcuid spéise in iúl: a) Instiúid Teicneolaíochta Átha Cliath, Instiúid Teicneolaíochta Thamhlachta agus Instiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir; b) Instiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Instiúid Teicneolaíochta Thrá Lí; agus c) Instiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Instiúid Teicneolaíochta Cheatharlach

An Grúpa Stiúrtha ar Athchóiriú Aistrithe

Chuir an Roinn Grúpa Stiúrtha ar bun, atá faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí agus a bhfuil a bhallaíocht comhdhéanta de phríomh-chomhpháirtithe agus de phríomhghníomhaireachtaí, chun taighde a chomhordú agus chun moltaí le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar an aistriú ón oideachas dara leibhéal go dtí an t-ardoideachas a fhorbairt agus a aontú.

Instiúid Teicneolaíochta Átha Cliath – Gráinseach Ghormáin

Le linn 2012, fuarthas maoiniú do thionscadal Instiúid Teicneolaíochta Átha Cliath – Gráinseach Ghormáin mar chuid de Phacáiste Spreagthaí eacnamaíocha an Rialtais.

3.15 Tionscnaimh Scileanna

Tugadh faoi raon tionscnamh chun áiteanna breise a chur ar fáil sa chóras oideachais agus oiliúna chun freastal ar riachtanais an tionscail agus ar riachtanais na ndaoine dífhostaithe, lena n-áirítear *Springboard*, *MOMENTUM* agus an *Plean Gníomhaíochta TFC*.

3.16 Sásamh d'Fhorais Chónaithe

Ritheadh an tAcht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe (RISF), 2012, lena ndéantar foráil do bhunú RISF. Déanfaidh an Ciste maoirseacht ar an úsáid ranníocaíochtaí airgid ar fiú suas le €110 milliún iad atá geallta ag pobail chreidimh chun tacú leis na riachtanais atá ag thart ar 15,000 marthanóir ó mhí-úsáid leanaí i bhforais chónaithe, trí raon seirbhísí ceadaithe a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí sláinte agus seirbhísí pearsanta sóisialta, seirbhísí oideachais agus seirbhísí tithíochta.

3.17 An Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil (ORP)

Foilsíodh Plean Gníomhaíochta na Roinne mar chuid den tríú Tuarascáil ar phróiseas ORP i mí Eanáir 2012. Tá an tuarascáil iomlán, ina bhfuil léirmheasanna ar thrí Roinn eile, ar fáil le híoslódáil ó www.orp.ie. (Tá tuilleadh sonraí ar ORP leagtha amach i [gCuid 3](#) den Tuarascáil seo). Go dtí seo, cuireadh 14 ghníomhaíocht i gcrích agus tá obair ar siúl ar na gníomhaíochtaí atá fágtha

4 Sonraí Corparáideacha Ginearálta i 2012

Tugtar sonraí corparáideacha ginearálta sa chuid seo. Is féidir sonraí a bhaineann le tionscnaimh ar leith a fháil i gCuid 3 den tuarascáil. Is féidir staitisticí tábhachtacha oideachais a fháil ar an leathanach staitisticí ar láithreán Gréasáin na Roinne tríd an nasc seo a leanas: www.education.ie/en/Publications/Statistics/

Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte
• Tugadh freagra ar 3892 Ceist Parlaiminte i 2012
• Fuair Oifig an Aire agus Oifigí na nAirí Stáit thart ar 11,500 uirioll i 2012
• Tugadh freagra ar 53 Ceist Thráthúil sa Dáil agus tugadh freagra ar 49 rún Díospóireachta Atrátha sa Seanad.

Seirbhísí Faisnéise
• Fuarthas níos mó ná 7,100 fiosrúchán ríomhphoist trí info@education.gov.ie
• Bhí 1,506,082 cuairt ar ár láithreán Gréasáin www.education.ie i 2012, agus bhí úsáideoirí nua freagrach as 42% díobh.
• Fuarthas 417 iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FOI), 1997 agus 2003, i 2012. Rinneadh níos mó ná 600 cinneadh ar iarratais Saorála Faisnéise i 2012.
• An Phreas-Oifig – Eisíodh 129 Preas-Eisiúint agus tionóladh 6 Phreas-Chomhdháil i 2012
• Ar an 29 Meitheamh, sheol an Roinn an chéad tvuít dá cuid agus, faoi dheireadh 2012, bhí pas beag níos mó ná 1,000 leantóir againn.

Tuarascálacha Cigireachta Scoile

Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le cigireachtaí scoile agus obair na Cigireachta a fháil i gCuid 2 faoi Sprioc 1 ar 27.

Cineál Cigireachta	2012
Meastóireacht na Scoile Uile (WSE) - Bunscoil	262
Meastóireacht na Scoile Uile (WSE) - Iar-bhunscoil	4
Meastóireacht na Scoile Uile (WSE-MLL) - Iar-bhunscoil	80
Cigireachtaí ábhar - Iar-bhunscoil: cigireachtaí aonair	373
Cigireachtaí ábhar – Iar-bhunscoil: laistigh de WSE	16
Cigireacht Theagmhasach (Bunscoil)	326
Cigireacht Theagmhasach (Iar-bhunscoil)	343
Cigireachtaí leantacha (Bunscoil)	98
Cigireachtaí leantacha (Iar-bhunscoil)	79
Cuairteanna tacaíochta Féin-Mheastóireachta Scoile (Bunscoil)	346
Cuairteanna tacaíochta Féin-Mheastóireachta Scoile (Iar-bhunscoil)	159
Ionaid Oideachais (Ógtheagmháil, iar-Ionad Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach)	9
Scoileanna Speisialta d'Uathachas	13
Scoileanna Speisialta in Aonaid Ard-Tacaíochta, in Aonaid Chúraim Speisialta agus in Ionaid Choinneála Leanáí	10

Cineál Cigireachta	2012
Tuarascálacha meastóireachta ar Choláistí Gaeilge	40
Meastóireachtaí ar Chúrsaí Samhraidh (Múinteoirí)	71
Campaí Samhraidh Litearthachta/Uimhearthachta (do scoileanna DEIS)	19
Aonaid Chúraim agus Oideachais na Luath-Óige (ECCE)	15
Cigireachtaí Alt 24	2
Promhadh múinteoirí (Bunscoil) i 2012	Rinneadh 4,257 Cigireacht ar 2,502 múinteoir sa bhliain 2011/2012
Líon iomlán na gcigireachtaí / na gcuariteanna	6,522

Achoimre ar Phras-íocaíochtaí: ¹ Eanáir go Nollaig 2012			
Sonraí	Líon	Luach (€)	Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh (Líon)
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	10,438	508,176,072	74.82%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh idir 16 lá agus 30 lá	3,141	11,818,890	22.46%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh tar éis 30 lá	381	633,222	2.72%
Líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh i 2012	13,960	520,628,184	100.00%
Líon iomlán na n-íocaíochtaí a Díospóideadh i 2012	9	58,865	

Foinse: Achoimre ar Thuarascálacha ráithiúla 2012 don Roinn de bhun Chinneadh Uimh. S29296 ón Rialtas an 19 Bealtaine 2009

¹ Íocaíochtaí a rinneadh ar an dáta nó roimh an dáta ar a bhfuil íocaíocht dlite faoi théarmaí conartha scríofa, nó i gcásanna nach bhfuil aon chonradh scríofa nó nach bhfuil dáta íocaíochta sonraithe sa chonradh scríofa iontu, laistigh de 45 lá tar éis an sonrasc a fháil nó tar éis na hearraí nó na seirbhísí a sheachadadh, cibé acu is déanaí.

5 CUID 2 Dul Chun Cinn ar Spriocanna

6 Sprioc 1 – Córas oideachais scoile agus na luathóige atá uileghabhálach agus ar ardchaighdeán, a bhfuil torthaí foghlama níos fearr ag gabháil leis, a chur ar fáil

Agus tacaí á gcur ar fáil aici don chóras scoile agus don luathoideachas, is í tosaíocht na Roinne ná cur ar chumas scoileanna agus soláthraithe eile torthaí ar ardchaighdeán a bhaint amach do gach foghlaimoir. Trí na gníomhartha seo a leanas, leanann an Roinn le cáilíocht, le hábharthacht agus le cuimsitheacht a chur chun cinn.

- Tacaí teagaisc, airgeadais agus curaclaim a chur ar fáil,
- Aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil trí idirghabhálacha spriocdhírthe,
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais foghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu,
- Tacaíocht beartais, reachtaíochta agus rialála a chur ar fáil, agus
- Feabhsuithe leanúnacha curaclaim, teagaisc agus foghlama a chur chun cinn trí mheastóireacht, trí chuntasacht agus trí fhorbairtí ceannaireachta

6.1 Tacú le Córas Oideachais na Luathóige atá ar Ardchaighdeán.

Tacaíonn an Roinn le soláthar ar ardchaighdeán in earnáil oideachais na luathóige tríd an lucht saothair a fhorbairt agus trí chleachtas éifeachtach a chur chun cinn. Tá an tAonad Beartas um Oideachas sna Luath-Bhlianta comhlonnaithe leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun a chinntiú go mbeidh forbairtí beartas in earnáil na luathóige ag teacht leis an gcreat straitéiseach foriomlán beartas do leanaí.

Sa Phlean Forbartha Tascfhórsa d'Earnáil na Luath-Bhlianta, a d'fhoilsigh an Roinn i 2010, aithníodh an chomhghaolmhaireacht láidir idir lucht saothair atá oilte go cuí chun seirbhísí luathbhlianta a sholáthar agus an cumas atá ann chun soláthar réamhscoile ar ardchaighdeán a sheachadadh. Mar chuid de chur chun feidhme an Phlean, tá roinnt cuir chuige nuálacha á bhfiosrú chun freastal ar an dúshlán a bhaineann le cláir oideachais agus oiliúna a sheachadadh ar bhealach solúbtha. Cuireadh tús le triail a dhéanamh ar thionscnamh um measúnacht foghlama, a bhí á sheachadadh tríd an gCoiste Gairmoideachais, i 2012. Tairgeadh bealach malartach do rannpháirtithe sa triail chun dámhachtain chomhpháirteach a bhaint amach i bhForbairt Leanaí, ar ceann de na dámhachtainí comhpháirteacha éigeantacha do mhórdámhachtain Leibhéal 5 i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige de chuid an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) é. Tá anailís á déanamh faoi láthair ar an éileamh is dóigh a bheith ann ar an gcineál seo cúrsa ó chleachtóirí oilte i suíomhanna luathóige nach bhfuil cáilíochtaí atá creidiúnaithe go náisiúnta acu faoi láthair.

Lean an Roinn de bheith ag obair leis na hEagraíochtaí Deonacha um Chúram Leanaí agus leis na suíomhanna Coisc agus Luath-Idirghabhála ar an triail allamuigh ar Síolta, an Chreatlach

Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige. Tá an triail allamuigh ag cur le forbairt leanúnach an chláir agus tá an méid atá á fhoghlaim ón triail ag tabhairt eolais don athbhreithniú agus don mhionchoigeartú leanúnach atá á ndéanamh ar ábhair, ar phróisis agus ar thacaí Síolta. Le linn 2012, rinne an Roinn nuashonrú breise a fhoilsiú agus a scaipeadh ar chur chun feidhme Síolta don earnáil níos leithne. D'éagraigh an Roinn seimineár Cleachtas a Chomhroinnt i 2012 freisin chun cleachtóirí ó sheirbhísí luathóige agus ón gcóras bunscoile a thabhairt le chéile chun go bhféadfaidís dea-chleachtas a thaispeáint agus a chomhroinnt.

Le linn 2012, leanadh ar aghaidh le tacaí a chur ar fáil do chleachtóirí agus do mhúinteoirí luathbhlianta chun úsáid a bhaint as Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige. I measc na dtacaí den sórt sin, tá foireann uirlisí Aistear, ar acmhainn ghréasánbhunaithe a sholáthraíonn podchraoltaí fuaime agus amhairc do sholáthraithe oideachais luathóige é, agus Tionscnamh Teagascóirí Aistear. Cuireann Teagascóirí Aistear gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí ranga naíonán trí líonra na n-ionad oideachais ar bhonn náisiúnta.

Is é ceann de chuspóirí na Straitéise Oideachais an Lucht Siúil 2006 ná deireadh a chur de réir a chéile le réamhscoileanna leithscartha don Lucht Siúil. Mar gheall ar thabhairt isteach an tsoláthair uilíoch réamhscoile (scéim ECCE) i mí Eanáir 2010, agus mar gheall ar na háiteanna breise i seirbhísí príobháideacha agus pobail a cuireadh ar fáil do gach leanbh dá bharr, bhí deis ag leanaí an Lucht Siúil agus ag leanaí socraithe freastal ar réamhscoil le chéile. Cuireadh céimniú amach mhaoiniú na Roinne do sholáthar réamhscoile leithscartha don lucht siúil i gcrích i 2012. Le linn 2012, tacaíodh le seirbhísí réamhscoile chun leanaí ó gach cúlra a chomhtháthú trí oiliúint chreidiúnaithe comhionannais agus ilchineálachta a maoiníodh trí Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Tá an Roinn páirteach i nGrúpa Oibre Téamaí an Choimisiúin Eorpaigh um Oideachas agus Cúram Luath-Óige (ECEC), rud a cuireadh ar bun i 2012 chun Creatlach Cáilíochta Eorpaí a fhorbairt do ECEC. Cuimsíonn ballraíocht an Ghrúpa Oibre ionadaíocht ó airí agus ó shaineolaithe ó gach Ballstát an AE agus ionadaithe ó eagraíochtaí ábhartha amhail OECD, Eurydice agus Coiste Cheardchumann na hEorpa um Oideachas (ETUCE).

6.2 Curaclam agus Measúnachtaí i Scoileanna

Le linn 2012, lean an Roinn ar aghaidh lena cuid oibre leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) maidir le forbairt curaclaim agus thug sí tús áite do chur chun feidhme leanúnach Thionscadal Mata agus Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí.

6.2.1 Tionscadal Mata

Is é atá i gceist le Tionscadal Mata ná siollabais athbhreithnithe a thabhairt isteach do Mhatamaitic an Teastais Shóisearaigh agus do Mhatamaitic na hArdteistiméireachta araon. Is é atá i gceist leis ná athruithe ar an méid a fhoghlaimíonn daltaí sa mhatamaitic, ar an dóigh a bhfoghlaimíonn siad é agus ar an dóigh a ndéanfar measúnacht orthu.

Is í an aidhm atá leis ná soláthar a dhéanamh d'eispéireas feabhsaithe foghlama don dalta agus do leibhéal méadaithe ghnóthachtála do gach duine. Cuirfear béim mhéadaithe ar an tuiscint atá ag an dalta ar choincheapa matamaiticiúla, agus beidh úsáid mhéadaithe comhthéacsanna agus feidhmeanna a chuirfidh ar chumas daltaí an mhatamaitic a nascadh leis an saol laethúil.

Díríonn an tionscnamh ar scileanna réitigh fadhbanna na ndaltaí a fhorbairt freisin. Léireoidh measúnacht an bhéim éagsúil ar thuiscint agus ar scileanna i dteagasc agus i bhfoghlaim na matamaitice.

Thosaigh an tionscnamh i mí Mheán Fómhair 2008, agus bhí grúpa tosaigh de 24 scoil páirteach i dTionscadal Mata ar dtús. Is imreoirí tábhachtacha sa phróiseas forbartha curaclaim iad na scoileanna sin. Chabhraigh a gcuid oibre le NCCA foghlaim ó scoileanna maidir leis an dóigh a n-oibreodh na hathruithe atá beartaithe ar an siollabas i seomraí ranga. A bhí lena gcuid oibre, forbraíodh acmhainní teagaisc agus foghlama agus ionstraimí measúnachta.

Tabharfar na siollabais Mhatamaitice isteach de réir snáithe mar seo a leanas:

1. Staitisticí agus Dóchúlacht
2. Céimseata agus Triantánacht
3. Uimhreas
4. Ailgéabar
5. Feidhmeanna

Bhí an chéad dá shraith faoi réir tuilleadh oibre sna 24 scoil sula dtabharfaí isteach ar bhonn náisiúnta do dhaltaí a bheadh ag tosú bliain a haon agus bliain a cúig i mí Mheán Fómhair 2010. Tar éis iad a chur chun feidhme ar bhealach céimnithe sna 24 scoil líonra, cuireadh gach ceann de chúig shnáithe Thionscadal Mata i bhfeidhm i scoileanna príomhshrutha i mí Mheán Fómhair 2012.

Rinneadh athbhreithniú chun taighde a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag Tionscadal Mata ar inspreagadh, ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil daltaí sna 24 scoil a bhí páirteach sa tionscadal ar dtús ó mhí Mheán Fómhair 2008, agus i ngach ceann de na hiar-bhunscoileanna eile a raibh feidhm ag an athrú siollabais iontu i mí Mheán Fómhair 2010.

Fuarthas amach sa chéad tuarascáil eatramhach, a foilsíodh i mí na Samhna 2012, gur cosúil go bhfuil ag éirí go maith le daltaí i gcuid mhór gnéithe den siollabas athbhreithnithe. Tá an tuarascáil ar fáil ar líne ag www.ncca.ie.

6.2.2 Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí

Sheol an tAire an Creat don tSraith Shóisearach i mí Dheireadh Fómhair 2012. Leagtar amach ann na prionsabail atá mar bhonn agus thaca ag an athchóiriú, ráitis foghlama ina gcuirtear síos ar an méid ba cheart a bheith ar an eolas ag daltaí, ar an méid ar cheart tuiscint agus meas a bheith ag daltaí air ag deireadh na trí bliana a chaith siad sa tSraith Shóisearach agus ar na scileanna ba cheart dóibh a fháil trína gcuid foghlama. Chuireann sé le moltaí a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus a foilsíodh i mí na Samhna 2011 faoin teideal, *I dTreo Creata don tSraith Shóisearach-Núálaíocht agus Féiniúlacht*. Ghlac an Creat le cuid mhór de na hathruithe curaclaim a mhol NCCA, ach bhí athruithe breise ann freisin ar an dóigh a ndéantar measúnacht ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim daltaí ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Cuirfear múnla measúnachta scoilbhunaithe, ina gcuirfear an bhéim ar chaighdeán eispéiris foghlama na ndaltaí, in áit Scrúduithe deiridh an Teastais Shóisearaigh.

Faoin gCreat nua, beifear ag súil go seachadfaidh scoileanna clár a chuirfidh ar chumas daltaí raon leathan scileanna a fhorbairt, lena n-áirítear scileanna smaointeoireachta criticiúla agus scileanna bunúsacha amhail uimhearthacht agus litearthacht. Cuirfear an clár nua chun feidhme de réir a chéile, agus tabharfaidh Béarla agus an Mhatamaitic isteach do dhaltaí na chéad bhliana ó mhí Mheán Fómhair 2014.

Tá cúrsaí gearra á n-ullmhú ag NCCA i seacht réimse agus beidh siad ar fáil do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2014. Is féidir measúnacht a dhéanamh ar na cúrsaí sin mar chuid den Teastas Scoile sa tSraith Shóisearach nua.

6.2.3 Tacú leis an bPróiseas Scrúduithe

Thug an Roinn tacaíocht leanúnach do SEC maidir le próiseas scrúduithe Stáit atá oibiachtúil agus trédhearcach a chur ar fáil. Thug sí tacaíocht do SEC freisin maidir le himpleachtaí praiticiúla na n-athruithe, go háirithe Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí. Is féidir amharc ar thuilleadh faisnéise maidir le scrúduithe Stáit ar láithreán Gréasáin SEC www.examinations.ie

6.2.4 An Tionscnamh Teangacha Iar-Bhunscoile (PPLI)

D'oibrigh an Tionscnamh Teangacha Iar-Bhunscoile (PPLI) chun beartas na Roinne Oideachais agus Scileanna a chur chun feidhme, is é sin éagsúlú, feabhsú agus leathnú a dhéanamh ar theagasc teangacha i scoileanna dara leibhéal. Forbraíodh láithreán Gréasáin nua PPLI www.languagesinitiative.ie arís eile chun acmhainní a chur san áireamh do mhúinteoirí nuatheangacha iasachta (MFL) ar MFL, do Theagasc agus Foghlaim, agus do Churaclam, Measúnacht agus Beartas. Ina theannta sin, tá rochtain ag múinteoirí agus ag foghlaimeoirí gach teanga anois ar ábhair ábhartha ar an láithreán Gréasáin agus ar láithreáin mheán sóisialta PPLI.

6.2.5 An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE)

Tacaíonn an Roinn freisin leis an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) maidir le hacmhainní, le hoiliúint agus le tacaí a chur ar fáil do threoirchomhairleoirí i scoileanna.

6.3 An Fóram Frith-Bhulaíochta

Le linn 2012, tionóladh Fóram Frith-Bhulaíochta chun machnamh a dhéanamh ar athruithe ar chleachtais agus ar bheartais atá ann cheana féin i scoileanna d'fhonn dul i ngleic go héifeachtach le bulaíocht. Mar aon leis an bhFóram, cuireadh grúpa oibre ar bun chun dul i ngleic le bulaíocht, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach, cibearbhulaíocht agus bulaíocht chiníoch. Bhí obair á déanamh i 2012 chun Plean Gníomhaíochta ar Bhulaíocht a fhorbairt.

6.4 Feabhas a Chur ar ár gCaighdeáin sa Litearthacht agus san Uimhearthacht

Rinneadh an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011 go 2020 a fhoilsiú i mí Iúil 2012 agus leanadh ar aghaidh le hí a chur chun feidhme i 2012.

In Imlitir 56/2011 a eisíodh chuig gach bunscoil i mí na Samhna 2011, tarraingíodh aird na mbord bainistíochta, na bpríomhoidí agus na múinteoirí ar fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020. Tar éis na hImlitreach sin, eisíodh Imlitir 18/2012 d'fhonn tuilleadh faisnéise a thabhairt ar chur chun

feidhme na socrúithe athbhreithnithe i leith trialacha caighdeánaithe. Eisíodh Imlitir 25/2012 ina dhiaidh sin, agus bhí sí sin dírithe ar Iar-Bhunscoileanna.

Thug an Roinn tacaíocht don Fhoras Taighde ar Oideachas (ERC) i gclár monatóireachta náisiúnta a chur ar fáil i mbunscoileanna – scoileanna Béarla agus Gaelscoileanna araon – i léitheoireacht an Bhéarla, i léitheoireacht na Gaeilge agus sa Mhatamaitic. Thug sí tacaíocht do ERC freisin páirt a ghlacadh sa Chlár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí (PISA), sa Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS) agus an Staidéar Idirnáisiúnta ar Threochtaí sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht (TIMMS), ar staidéir idirnáisiúnta ar na scileanna léitheoireachta agus eolaíochta atá ag daltaí bunscoile iad.

Leathnaíodh an riachtanas le trialacha caighdeánaithe a úsáid sa litearthacht agus san uimhearthacht ag deireadh rang a dó agus rang a ceathair chun rang a sé i mbunscoileanna a chur san áireamh freisin. Bailíodh na torthaí, trí Esinet a úsáid, don chéad uair i 2012.

In Imlitir 0056/2011 – Trialacha Caighdeánaithe i mBunscoileanna, a eisíodh do bhunscoileanna i mí na Samhna 2011, spreagadh bunscoileanna trialacha caighdeánaithe a chur chun feidhme ó mhí na Bealtaine/an Mheithimh 2012 do gach dalta i ranganna 2, 4 agus 6, agus luadh inti gur cheart na teimpléid chárta tuairisce a d'fhorbair NCCA a úsáid freisin chun tuairisc scríofa a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir le dul chun cinn na ndaltaí. Ba cheart torthaí na dtrialacha caighdeánaithe a chur san áireamh sna tuairiscí.

D'fhorbair NCCA raon de theimpléid chárta tuairisce chun cabhrú le scoileanna foghlaim agus forbairt shóisialta na ndaltaí a thaifeadadh agus a thuairisciú. Tá siad ar fáil ó láithreán Gréasáin NCCA ag www.ncca.ie

Ó 2016, cuirfear tús le trialacha caighdeánaithe ag deireadh bliain a dó in iar-bhunscoileanna.

Tionóladh cúigiú timthriall PISA in Éirinn i mí an Mhárta 2012. Cuireadh an bhéim is mó ar an measúnacht mhatamaitice, agus rinneadh measúnacht ar an léitheoireacht, ar an eolaíocht agus ar an réiteach fadhbanna mar réimsí beaga. Ghlac Éire, in éineacht le 32 tír eile, páirt freisin i measúnacht ríomhairebhunaithe ar an léitheoireacht, ar an matamaitic agus ar an réiteach fadhbanna. San iomlán, ghlac beagán os cionn 5,000 dalta ó 182 scoile páirt sa mheasúnacht in Éirinn. Rangaíodh scoileanna de réir méide (scoileanna beaga, scoileanna meánmhéide, scoileanna móra) agus de réir cineáil (meánscoileanna, scoileanna pobail/cuimsitheacha, gairmscoileanna) agus roghnaíodh iad ar bhealach a chinnteodh go mbeadh an sampla ionadaíoch ar bhonn náisiúnta agus go nglacfadh gach ceann de na 23 scoil a bhí páirteach i dTionscadal Mata ar dtús páirt ann. Foilseofar an chéad sraith torthaí ó PISA 2012, a chuireadh torthaí ó na measúnachtaí matamaitice, léitheoireachta agus eolaíochta, i 2013. Foilseofar na torthaí ón measúnacht ar réiteach fadhbanna i 2014.

Foilsíodh na torthaí ón Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS, 2011) agus ón Staidéar Idirnáisiúnta ar Threochtaí sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht (TIMMS, 2011) i mí na Nollag 2012.

Sa léitheoireacht, rangáíodh daltaí na hÉireann sa 10ú háit as na 45 tír a bhí páirteach. Cuireadh Éire sa 17ú háit sa Mhatamaitic as na 50 tír a bhí páirteach agus sa 22ú háit san Eolaíocht as na 50 tír a bhí páirteach. Bíonn daltaí na hÉireann ag feidhmiú os cionn na meán idirnáisiúnta i ngach ceann de na trí thriail, agus go háirithe sa Léitheoireacht.

I ngach ceann de na trí thriail, bíonn daltaí i roinnt tíortha eile ag feidhmiú i bhfad níos fearr ná daltaí na hÉireann. Tá roinnt tionscnamh ar siúl faoi láthair chun feabhas a chur ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama inár mbunscoileanna chun a chinntiú go leanfaidh na torthaí dár gcuid daltaí de bheith ag feabhsú. I measc na dtionscnamh sin, tá tabhairt isteach na dtrialacha caighdeánaithe i Ranganna 2, 4 agus 6.

Bronnadh an dara Bonn Staitisticí John Hooper ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i bpáirt leis an Roinn i 2012; bronntar é ar dhaltaí iar-bhunscoile san Idirbhliain nó sa tSraith Shinsearach a dhearann póstaer, le cabhair ó staitisticí, chun cur síos a dhéanamh ar a dtimpeallacht. Is í an aidhm atá le Bonn Staitisticí John Hooper ná litearthacht staidrimh a chur chun cinn, obair foirne a spreagadh i measc daltaí agus deis a thabhairt do dhaltaí scileanna cumarsáide a fhorbairt. Mar gheall ar chur i bhfeidhm Thionscadal Mata, is díol spéise ar leith do dhaltaí agus do mhúinteoirí é.

I 2012, rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna an dara Suirbhé d'Oideachas Scileanna Beatha san earnáil bhunscoile agus iar-bhunscoile araon. Rinneadh an chéad Suirbhé d'Oideachas Scileanna Beatha i 2009. Soláthraíonn an suirbhé sonraí ar shaincheisteanna a bhaineann le scileanna beatha, lena n-áirítear sláinte agus bia sláintiúil a chur chun cinn i scoileanna. Bhí ráta freagartha 70% (na bunscoileanna uile seachas Scoileanna Speisialta) ag an leibhéal bunscoile agus bhí ráta freagartha 53% (na hiar-bhunscoileanna uile) ag an leibhéal iar-bhunscoile.

Le linn 2012, lean an Chigireacht ar aghaidh le tacaíocht agus le comhairle a thabhairt maidir le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta i roinnt réimsí éagsúla, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Saoráid ar líne a fhorbairt chun torthaí tástálacha caighdeánaithe a bhailiú ó bhunscoileanna
- Rannchuidiú leis an ábhar a bhí in imlitir ar an litearthacht agus an uimhearthacht a eisíodh chuig iar-bhunscoileanna
- Rannchuidiú le dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar ábhair forbartha gairmiúla leanúnaí sa litearthacht agus san uimhearthacht a rinne an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Comhairle a sholáthar d'fhoireann Forbartha Thionscadal Mata agus comhairle a chur ar fáil maidir leis an dioplóma iarchéime san oideachas matamaitice ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2012.

6.5 Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS)

Díríonn DEIS, arb é an plean gníomhaíochta don chuimsiú oideachais, ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga ó phobail faoi mhíbhuntáiste, ón réamhscoil go dtí an t-oideachas dara leibhéal (3 bliana d'aois go 18 mbliana d'aois). Déanann DEIS soláthar do

chóras caighdeánaithe chun leibhéal mhíbhuntáiste a aithint agus chun Clár Tacaíochta Scoile (SSP) comhtháite a chur ar fáil.

I 2012, fuair na 860 scoil DEIS (665 bunscoil agus 195 Iar-bhunscoil) a bhí páirteach sa Chlár Tacaíochta Scoile acmhainní breise bunaithe ar a gcuid leibhéal mhíbhuntáiste. Cuirtear maoiniú breise iomlán arbh fhiú thart ar €14 milliún é ar fáil do scoileanna DEIS i 2012, mar aon le 1,036 múinteoir breise ar chostas €63 milliún.

An líon scoileanna atá páirteach in DEIS	
Bunscoileanna Uirbeacha Bhand 1:	197
Bunscoileanna Uirbeacha Bhand 2:	144
Bunscoileanna Tuaithe:	324
Iar-Bhunscoileanna:	195
IOMLÁN	860

6.5.1 Soláthar foirne DEIS

Meallann bunscoileanna uirbeacha Bhand 1 acmhainní ó thaobh cóimheasa laghdaithe daltaí le múinteoirí de agus ó thaobh leithdháileadh múinteoirí breise buana Tacaíochta Foghlama faoin tSamhail Ghinearálta Leithdháilte (GAM) de araon. Is ionann an tSamhail Ghinearálta Leithdháilte agus an phríomh-mheicníocht trína dtacaítear le scoileanna glacadh le daltaí a bhfuil riachtanais ardmhínicíochta speisialta oideachais. Cuimsíonn scoileanna Bhand 1 DEIS 197 bunscoil uirbeach/baile a bhfuil na comhchruinnithe is airde míbhuntáiste i gcoibhneas le scoileanna eile acu.

Ó mhí Mheán Fómhair 2012, beidh na sceidil foirne do na scoileanna sin bunaithe ar mheán ginearálta d'aon mhúinteoir amháin in aghaidh gach 20 dalta i scoileanna sóisearacha, ar mheán ginearálta d'aon mhúinteoir amháin in aghaidh gach 22 dalta i scoileanna ingearacha agus ar mheán ginearálta d'aon mhúinteoir amháin in aghaidh gach 24 dalta i scoileanna sinsearacha.

Tugtar leithdháileadh breise de 0.2 de phost do scoileanna Bhand 1 DEIS sa chás go bhfuil níos lú ná 200 dalta sa scoil agus tugtar leithdháileadh breise de 0.4 de phost sa chás go bhfuil 200 dalta nó níos mó sa scoil faoi GAM.

Cuirtear tacaíocht bhreise ar fáil do 195 iar-bhunscoil DEIS san iomlán trí sceideal feabhsaithe foirne de 18.25:1. Is ionann é sin agus feabhsú de 0.75 pointe i gcomparáid leis an gcaighdeán reatha de 19:1 a bhíonn i bhfeidhm de ghnáth in iar-bhunscoileanna nach ngearrann táillí.

6.5.2 An Clár Tacaíochta Scoile

I measc na gclár atá mar chuid den Chlár Tacaíochta Scoile DEIS, tá:

- Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail
- An Clár Críochnaithe Scoile
- Clár na mBéilí Scoile
- Scéim Deontais na Leabhar Scoile (íocaíocht fheabhsaithe)

6.5.3 Teagmháil Bhaile, Scoile agus an Phobail (HSCL)

Is í an aidhm atá le Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (HSCL) ná comhpháirtíocht idir tuismitheoirí agus múinteoirí a chur chun cinn d'fhonn deiseanna foghlama daltaí a fheabhsú agus d'fhonn a gcoinneáil sa chóras oideachais a chur chun cinn. Leagann an Scéim an-bhéim ar chomhar leis an bpobal áitiúil. Cabhraíonn an Scéim le comhpháirtíocht idir múinteoirí agus na foirne le tuismitheoirí a chur chun cinn agus spreagann sí cur chuige scoile uile trí fheabhas a chur ar thinreamh, ar rannpháirtíocht agus ar choinneáil san oideachas. I 2012, leithdháil an Roinn Oideachais agus Scileanna 400 múinteoir chun tabhairt faoi dhualgais teagmhála i 545 scoil a bhaineann leas as HSCL. Tá an Scéim á bainistiú ag an mBord Náisiúnta um Leas Oideachais.

6.5.4 An Clár Críochnaithe Scoile (SCP)

Clár de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige is ea an Clár Críochnaithe Scoile (SCP) agus tá sé mar aidhm aige tionchar dearfach suntasach a imirt ar leibhéal choinneála daltaí i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal agus ar líon na ndaltaí a n-éiríonn leo an tSraith Shinsearach a chríochnú.

I measc na dtacaí, tá gníomhaíochtaí le linn uaireanta scoile, gníomhaíochtaí tar éis uaireanta scoile agus gníomhaíochtaí laethanta saoire, atá ceaptha chun scoil a dhéanamh níos ábhartha, níos tábhachtaí agus níos tarraingtí dóibh siúd atá sa bhaol is mó.

6.5.5 An Bord Náisiúnta um Leas Oideachais

Cé go bhfuil freagracht as an mBord Náisiúnta um Leas Oideachais (NEWB), lena n-áirítear an Clár Críochnaithe Scoile, aistrithe chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ó mhí na Bealtaine 2011, bíonn an dá Roinn ag obair le chéile chun a chinntiú go nglacfaidh na seirbhísí i NEWB, lena n-áirítear an Clár Críochnaithe Scoile, Teagmháil Bhaile, Scoile agus an Phobail (HSCL) agus an tSeirbhís Leasa Oideachais, le béim athnuaite chun díriú ar gach leanbh i mbaol, agus chun tacaíocht a thabhairt do na leanaí sin ar bhealach níos éifeachtaí.

6.5.6 Litearthacht agus Uimhearthacht

Faoi théarmaí phlean gníomhaíochta DEIS, tugtar ardtsaíocht do bhearta agus do thacaíochtaí sonracha chun feabhas a chur ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta, agus cuimsíonn siad na cláir atá liostaithe thíos.

Clár	An líon de scoileanna DEIS 2012
Bunscoil	
Aisghabháil Léitheoireachta	238
Na Chéad Chéimeanna	334
Aisghabháil Matamaitice	327
Ready, Set, Go Maths	261
Iar-bhunscoil	
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	186
Leabharlann Taispeántais	30

Leantar le tús áite a thabhairt do scoileanna DEIS le haghaidh tacaíocht forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí i gcomhair na gclár seo.

6.5.7 Meastóireacht ar DEIS

Déanann an Foras Taighde ar Oideachas (ERC) soláthar do mheastóireacht leanúnach ar DEIS. Chríochnaigh ERC dhá thuarascáil bunaithe ar thrialacha gnóthachtála, agus díriodh ar an earnáil bhunscoile sa dá cheann acu; díriodh ar an ngné thuaithe i gceann amháin (foilsithe ar láithreán Gréasáin ERC) agus féachadh ar an ngné uirbeach de DEIS sa dara tuarascáil. Foilsíodh an dara tuarascáil, mar aon le dhá Thuarascáil ón gCigireacht ar Phleanáil i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna DEIS, i mí Eanáir 2012.

Léirítear an méid seo a leanas sna torthaí tosaigh ón Meastóireacht ar DEIS a rinne ERC san Earnáil Bhunscoile:

- Nuair a chuirtear an mheánléitheoireacht fhoriomlán i 2007 i gcomparáid lena coibhéis i 2010, bhí feabhas foriomlán i meánghnóthachtáil léitheoireachta agus Mhatamaitice le feiceáil i scoileanna uirbeacha;
- Tá na feabhsuithe suntasach ó thaobh staidrimh de ag gach grádleibhéal i léitheoireacht an Bhéarla agus sa Mhatamaitic araon;
- Tháinig na feabhsuithe is mó ag na gradleibhéil níos ísle, mar go raibh an gnóthachan is mó le feiceáil i measc daltaí i mbliain 2;
- Is cosúil go bhfuil dul chun cinn níos soiléire i measc daltaí a bhfuil leibhéal níos ísle ghnóthachtála acu;
- Tá an t-athrú dearfach i ngnóthachtáil is soiléire i measc gráid shóisearacha.

Léirítear an méid seo a leanas sna torthaí ó mheastóireacht na Cigireachta ar cé chomh héifeachtach atá pleanáil agus leagan síos spriocanna in 18 mbunscoil agus in 18 iar-bhunscoil atá páirteach in DEIS:

- Léirigh tuismitheoirí leibhéal dhearfacha sásaimh maidir leis an méid rannpháirtíochta a bhí acu in oideachas a gcuid leanaí;
- Thuairiscigh beagnach gach ceann de na bunscoileanna feabhsuithe suntasacha intomhaiste i leibhéal tinrimh a gcuid leanaí, agus bhí bearta éifeachtacha i bhfeidhm ag formhór na n-iar-bhunscoileanna chun tinreamh a fheabhsú;
- Mar gheall ar fhorbairt clár éifeachtach aistrithe, tuairiscíonn formhór na scoileanna dul chun cinn 100% ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil;
- Fuarthas amach gur éifeachtach i mbeagnach gach cás atá straitéisí agus idirghabhálacha chun dul chun cinn barrmhaith na ndaltaí a éascú agus a choimeád ar bun.

6.6 Oideachas Speisialta

Déanann an Roinn soláthar do raon tacaíochtaí agus seirbhísí oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta, lena n-áirítear múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht oiriúnaitheach, saintrealamh, caipitíocht fheabhsaithe agus socruithe speisialta iompair.

Tá an Roinn tiomanta dona chinntiú gur féidir le gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain a fháil ar oideachas atá oiriúnach dá gcuid riachtanas, agus is fearr an t-

oideachas seo a chur ar fáil i suíomhanna scoile príomhshrutha uilechuimsithí trí líonra na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna. Sa chás nach féidir soláthar a dhéanamh i suíomhanna príomhshrutha do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, déanann an Roinn soláthar d'áiteanna i ranganna speisialta speisialaithe agus i scoileanna speisialta.

Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) freagrach as próiseáil a dhéanamh ar iarratais ó scoileanna le haghaidh tacaíochtaí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Soláthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) tacaí do scoileanna maidir le láidreachtaí agus le riachtanais daltaí a aithint agus maidir le hidirghabhálacha a oireann do na riachtanais sin a phleanáil agus a athbhreithniú.

6.6.1 An Scéim Teagaisc sa Bhaile

Soláthraíonn an Scéim Teagaisc sa Bhaile maoiniú do thuismitheoirí chun oideachas a sholáthar sa bhaile do leanaí nach bhfuil in ann freastal ar scoil ar chúiseanna éagsúla, mar shampla tinneas ainsealach. Leathnaíodh an scéim le déanaí chun teagasc a éascú do leanaí atá ag fanacht le háit oiriúnach oideachais agus chun foráil a dhéanamh maidir le hidirghabháil luath i gcás leanaí réamhscoile a bhfuil Uathachas orthu.

6.6.2 Clár Oideachais Mhí Lúil

Cuireadh Clár Oideachais Mhí Lúil ar fáil i 2012 do gach scoil speisialta agus do gach bunscoil phríomhshrutha ina bhfuil ranganna speisialta a fhreastalaíonn ar leanaí ar a bhfuil uathachas, ar scoileanna iad a roghnaíonn a seirbhísí oideachais a fhadú go dtí deireadh mhí lúil. Déanann an Roinn soláthar freisin do Chlár mhí lúil do dhaltaí atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta géar/trom. Sa chás nach féidir soláthar scoilbhunaithe a chur ar fáil, is féidir cúnaimh deontais a chur ar fáil do sholáthar bailebhunaithe tríd an Scéim Teagaisc sa Bhaile.

6.6.3 Aschur 2012

Tacaíochtaí spriocdhírthe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (SEN) acu.

- Ag deireadh 2012, bhí thart ar 9,950 múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne coibhéise lánaimseartha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna príomhshrutha. Ina theannta sin, chuir níos mó ná 1,100 múinteoir oideachas ar leanaí a bhí ag freastal ar scoileanna speisialta, ina raibh cóimheasa laghdaithe daltaí le múinteoirí, idir 6-1 agus 11-1, ag brath ar chatagóiriú an mhíchumais.
- Faigheann leanaí a bhfuil riachtanais speisialta cúraim acu tacaíocht freisin ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta. Cuireadh 10,575 post coibhéise lánaimseartha mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar fáil lena leithdháileadh don scoilbhliain a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2012, chun freastal ar riachtanais chúraim de chuid leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bhí ag freastal ar bhunscoileanna, ar iar-bhunscoileanna nó ar scoileanna speisialta.
- Eisíodh 1,464 deontas do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta i 2012 chun saintreamh a cheannach d'fhonn cabhrú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa seomra ranga. Áirítear leis an gcineál trealaimh a cuireadh ar fáil córais

réimse fuaime do leanaí a bhfuil lagú éisteachta orthu agus bogearraí agus saoráidí ríomhaireachta do leanaí a bhfuil míchumas cumarsáide orthu.

- Faoi dheireadh 2012, rinneadh 628 rang speisialta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a fhaomhadh agus a chur ar fáil.
- Ceadaíodh thart ar 80 rang breise i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta le haghaidh leanaí ar a bhfuil uathachas, rud a d'fhág go raibh thart ar 540 rang speisialta san iomlán do leanaí a bhfuil uathachas orthu ag deireadh 2012.
- Soláthraíodh 20 rang breise luath-idirghabhála do leanaí ar speictream an oideachais i 2012.
- Bhain thart ar 1,040 dalta tairbhe as teagasc sa bhaile le linn na scoilbhliana 2011/12.
- Tá méadú seasta tagtha ar líon na scoileanna a chuireann Clár Mhí Iúil ar fáil ó tugadh isteach é i 2001. Ghlac 151 scoil páirt sa chlár i 2012.
- Bhain 3,462 dalta leas as soláthar bailebhunaithe Chlár Iúil i 2012.
- Sholáthair an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta 20,080 áit d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i 2012.
- Soláthraíodh 337 áit ar chlár choláistebhunaithe i dTacaíocht Foghlama agus in Oideachas Speisialta.

6.6.4 Comhordú idir na seirbhísí Oideachais agus na seirbhísí Sláinte maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Tá grúpa trasearnála comhdhéanta d'oifigigh ón Roinn Sláinte, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige nua, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), agus tagann sé le chéile go rialta chun comhordú a dhéanamh ar chur chuige a chinnteoidh go mbeidh an freagra is éifeachtaí do leanaí a bhfuil míchumas agus riachtanais speisialta oideachais acu.

6.6.5 Tacaíochtaí spriocdhírthe a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is ardtosaíocht an chórais oideachais go fóill é an gá atá le forbairt ghairmiúil leanúnach bhreise (CPD) do mhúinteoirí, atá ceaptha chun cur ar a gcumas freastal ar riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. I 2012, leanadh ar aghaidh le maoiniú a chur ar fáil d'áiteanna in institiúidí tríú leibhéal a sholáthar do mhúinteoirí chun cáilíochtaí iarchéime a shaothrú in oideachas speisialta.

Tugtar spreagadh do gach múinteoir cúnaimh a lorg ón tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS) agus forbairt ghairmiúil leanúnach speisialaithe a lorg maidir le foghlaim agus le teagasc daltaí a bhfuil raon leathan riachtanais speisialta oideachais acu. Léirítear sa tábla thíos na cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí a cuireadh ar fáil i 2012.

SEIRBHÍS	2012
SESS	20,080
Cláir choláistebhunaithe in Oideachas Speisialta	337
Iomlán	20,417

6.7 Pátrúnacht Scoile

Chuir an Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile, a bunaíodh i 2011 chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chultúrtha éagsúla inár sochaí, a chuid oibre i gcrích ag tús na bliana 2012 agus tá obair ar siúl chun dífheistiú a dhéanamh sna ceantair phíolótacha.

I mí Aibreáin 2012, d'fhoilsigh an tAire Tuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh don Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile agus, i mí an Mheithimh 2012, leag an tAire a Phlean Gníomhaíochta mar fhreagra ar Thuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh amach.

6.8 Tacú le húsáid TFC sa Teagasc agus san Fhoghlaim.

Tá an Clár um TFC i Scoileanna dírithe ar TFC a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim agus cuireann sé forbairt scileanna litearthachta na ndaltaí chun cinn.

Tugann an clár aghaidh ar cheithre réimse leathana:

1. Bonneagar riachtanach TFC a sholáthar agus líonrú laistigh de scoileanna.
2. Rochtain ar nascacht leathanbanda a sholáthar do scoileanna.
3. Tuilleadh oiliúna i scileanna TFC a chur ar mhúinteoirí.
4. TFC a chomhtháthú laistigh den churaclam, agus ábhar digiteach agus bogearraí digiteacha atá ábhartha don churaclam a chur ar fáil.

Saothraítear straitéisí trí obair na Rannóige Beartas TFC agus trí SFGM - Teicneolaíocht san Oideachas, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, le seirbhísí tacaíochta agus le comhlachtaí ionadaíochta de réir mar is gá.

Ón 1 Meitheamh 2012, tá NCTE comhtháite leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), agus éascú á dhéanamh acu ar chomhtháthú níos fearr TFC ar fud an chórais agus éifeachtúlachtaí riaracháin á seachadadh acu don fhadtearma. Mhéadaigh an meántrácht comhiomlán laethúil ar líonra leathanbanda na scoileanna ó 1200 Meigibheart/s i mí Mheán Fómhair 2011 go 1400 Meigibheart/s i mí Dheireadh Fómhair 2012. Leanadh ar aghaidh leis na naisc 100 Meigibheart a chur i bhfeidhm in iar-bhunscoileanna, agus nascadh 202 scoil i 2012. Soláthraíodh thart ar 13,500 áit in oiliúint TFC d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí. Cuireadh dhá chúrsa nua TFC d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach leis an soláthar a bhí ann cheana féin.

I 2012, tugadh 1.6 milliún cuairt ar www.scoilnet.ie, arb é an tairseach náisiúnta do TFC san oideachas é agus a thugann rochtain ar stór comhairle, faisnéise agus foinsí Gréasáin, bogearraí agus acmhainní ilmheán atá catagóirithe agus measúnaithe atá ag fás.

6.9 Beartais um Rollú Scoile

Foilsíodh pléidhoiciméad maidir le beartais rollaithe scoile i 2011 d'fhonn creat rialála nua a fhorbairt do rollú scoile. Sa doiciméad *An Plépháipéar ar Chreat Rialála do Rollú Scoile*, tá moltaí maidir leis dóigh ar féidir an próiseas rollaithe i scoileanna a dhéanamh níos oscailte, níos cothroime agus níos comhsheasmhaí. Is é aidhm an phléidhoiciméid tús a chur le díospóireacht as a dtiocfaidh athruithe ar an dóigh a leithdháilfidh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna áiteanna ar dhaltaí d'fhonn a chinntiú go mbeidh córas rollaithe cothrom, trédhearcach agus

neamhidirdhealaitheach ann. Thug an tAire cuireadh do chomhpháirtithe oideachais agus do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur faoi bhráid na Roinne faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2011. Fuarthas 90 aighneacht san iomlán. Chabhraigh an t-aiseolas ón gcomhairliúchán sin le heolas a thabhairt do chineál agus do raon an chreata rialála nua do rollú scoile atá beartaithe ag an Aire a thabhairt don Rialtas go luath i 2013.

6.10 Forbairt Bunachair Shonraí Nua Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna (PPOD)

I 2012, thosaigh an Roinn bunachair sonraí nua ar a dtabharfaí PPOD a chur in áit na mbogearraí riaracháin scoile reatha a ghlacann sonraí daltaí iar-bhunscoile. Forbraíodh PPOD chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht níos mó a thabhairt don dóigh a ndéanann iar-bhunscoileanna a gcuid tuairisceáin sonraí daltaí don Roinn. Beidh córas PPOD, a bheidh á óstáil ag an Roinn, ina bhunachair sonraí lárnach do shonraí daltaí agus do roinnt sonraí scoile. Nuair a bheidh PPOD forbartha, beidh iar-bhunscoileanna in ann teacht ar an gcóras trí úsáid a bhaint as tairseach *esinet* na Roinne chun sonraí a gcuid daltaí a choimeád. Triaileadh PPOD i dtíocha scoil le linn na scoilbhliana 2012/2013. Táthar ag súil go gcuirfeadh i bhfeidhm é i ngach scoil don scoilbhliain 2013/2014 agus samhlaítear go gcomhlánóidh gach scoil a gcuid tuairisceán ar shonraí daltaí, ar a dtugtar Tuairisceáin Mheán Fómhair nó Tuairisceáin Dheireadh Fómhair, tríd an gcóras PPOD faoin mbliain 2014/2015.

6.11 Iompar Scoile

Iompraíodh thart ar 114,000 leanbh, lena n-áirítear 8,000 leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, go sábháilte chun na scoile sa scoilbhliain 2011/12. Taistealaíodh 82 milliún ciliméadar san iomlán, a chlúdaigh 42 milliún turas agus a bhain úsáid as thart ar 6,000 bealach. B'ionann an t-aschur don tseirbhís agus €168.5m, figiúir a bhí laistigh den leithdháileadh airgeadais €169.7m do 2012.

Cuireadh athruithe ar an Scéim Iompair Scoile, ag eascairt ó chinntí buiséid agus ag cur an athbhreithnithe luach ar airgead san áireamh, chun feidhme ón scoilbhliain 2011/12, agus tá tuilleadh athruithe beartaithe ón scoilbhliain 2012/13. Bhain na hathruithe sin go príomha leis na critéir cháilitheachta agus bhí an méid seo a leanas i gceist leo:

Sa bhliain 2011/12:

- Scor riail na scoile dúnta,
- Cuireadh critéar cáilitheachta achair íosta de 3.2km (leibhéal bunscoile) i bhfeidhm
- Rinneadh méadú, ó sheachtar go deichniúr, ar líon na leanaí cáilithe atá ag teastáil i limistéar ar leith chun seirbhís a bhunú nó a choimeád ar bun
- Tugadh táillí iompair isteach den chéad uair do leanaí cáilithe bunscoile (€50 in aghaidh an linbh bhunscoile nó uastáille €110 do theaghlach leanaí bunscoile)

Sa bhliain 2012/13:

- Cuireadh deireadh le cáilitheacht bunaithe ar riail na scoile dúnta (CSR) agus ar riail na scoile lárnaí do gach leanbh nua a thagann isteach i mbunscoileanna.
- Cuireadh deireadh leis an gcóras teorann scoile chun cáilitheacht a chinneadh do gach leanbh nua iar-bhunscoile

- Méadaíodh táillí iompair bhunscoile do leanaí cáilithe go €100 in aghaidh an linbh bhunscoile nó go huasmhéid €220 do theaghlach leanaí bunscoile. Laghdaíodh an táille do dhaltaí bunscoile a bhfuil pasanna lamháltais acu ó €200 go €100.

Ina theannta sin, athbhreithníodh an Scéim Iompair Bhunscoile agus an Scéim Iompair Iar-Bhunscoile chun athruithe ar na critéir cháilitheachta a chur san áireamh i 2012. Foilsíodh na scéimeanna athbhreithnithe ar láithreán Gréasáin na Roinne agus scaipeadh iad ar na páirtithe leasmhara ábhartha.

Tugadh próiseas nua isteach d'íarratais iompair scoile, rud trína ndéanann tuismitheoirí leanaí ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile iarratas go díreach chuig Bus Éireann le haghaidh iompar scoile.

6.12 Teagasc na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile

I 2012, lean an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), le tacaíocht ón Roinn, ar aghaidh le comhairle, le taighde, le hacmhainní agus le téacsanna sa Ghaeilge agus le seirbhísí tacaíochta do theagasc na Gaeilge agus trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.

I 2012, thacaigh an Roinn le cur chun feidhme na bhfeabhsuithe ar mheasúnacht na litearthachta sa Ghaeilge (L1) i nGaelscoileanna, mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, agus leis an athbhreithniú ar an ábhar atá sa churaclam Gaeilge (L2) do scoileanna príomhshrutha Béarla a úsáideann cur chuige “torthaí foghlama”, ag sonrú go soiléir an méid a bheifear ag súil le bheith bainte amach ag leanaí ag gach céim den tsraith bhunscoile.

Mar chuid den chéim leanúnach cur chun feidhme, tá obair a chuirfidh feabhas ar an nGaeilge inár mbunscoileanna agus inár n-iar-bhunscoileanna ar siúl faoi láthair: áirítear leis an obair sin cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta mar a bhaineann sí le hathbhreithniú ar an ábhar atá i gcuraclam L1 agus L2.

In Imlitir 0056/2011, a eisíodh do bhunscoileanna i mí na Samhna 2011, leagadh amach bearta chun feabhas a chur ar mheasúnacht agus chun soláthar a dhéanamh do thuilleadh ama a chaitheamh ar fhorbairt scileanna litearthachta in (L1) tríd an am sin, go háirithe sa chéad teanga (Gaeilge agus Béarla), a mhéadú faoi uair an chloig in aghaidh na seachtaine.

Tháinig curaclam athbhreithnithe Ardteistiméireachta don Ghaeilge i bhfeidhm i ngach scoil i mí Mheán Fómhair 2010 agus reáchtáladh an chéad scrúdú ina leith sin i 2012. Déanann an clár athbhreithnithe soláthar do chéatadán na marcanna atá ar fáil do mheasúnacht chainte a mhéadú go 40%, agus tá sé dírithe ar aistriú suntasach i mbéim a chur chun cinn i dtreo Gaeilge mar theanga labhartha, inar féidir le daltaí cumarsáid agus idirghníomhú a dhéanamh le chéile ar bhealach nádúrtha, agus ina labhraítear Gaeilge gach lá i scoileanna. Iarradh ar an NCCA athbhreithniú a dhéanamh ar an siollabas sin i bhfianaise eispéireas na ndaltaí sna scrúduithe i 2012 agus i 2013.

Mar chuid den chur chuige foriomlán agus de thabhairt isteach de réir a chéile athchóirithe na Sraithe Sóisearaí, déanfar athbhreithniú ar shiollabas na Gaeilge, agus déanfar neartú ar an bpunann agus ar chineálacha eile measúnachta.

6.13 Cigireacht Scoile agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna

Tá freagracht reachtúil ar Rannóg Cigireachta na Roinne as measúnacht a dhéanamh ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i scoileanna agus in ionaid oideachais. Chuir an Chigireacht lena raon múnlaí cigireachta chun ligean di féin measúnacht a dhéanamh ar líon i bhfad níos mó de scoileanna ar bhealach comhréireach. I 2012, rinne an Chigireacht cigireacht de chineál éigin i níos mó ná aon chúigiú cuid de bhunscoileanna agus i níos mó ná 80% de na 730 iar-bhunscoil sa tír.

I 2012, tugadh faoin ngníomhaíocht chigireachta seo a leanas i scoileanna:

- 669 Cigireacht Theagmhach (neamhfhógartha) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon.
- 346 Meastóireacht na Scoile Uile (WSEanna) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, ag díriú ar chaighdeán na bainistíochta agus na ceannaireachta agus ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama.
- Rinneadh 389 Cigireacht Ábhar in iar-bhunscoileanna, ag díriú ar chaighdeán an tsoláthair i réimsí ábhair ar leith.
- Rinneadh cigireacht ar níos mó ná 2,500 múinteoir nuacháilithe bunscóile le linn na scoilbhliana 2011/2012 mar chuid dá bpróiseas promhaidh.
- Foilsíodh 957 tuarascáil chigireachta scoile ar láithreán Gréasáin na Roinne (www.education.ie), rud a chinntíonn go mbíonn rochtain ag scoileanna, ag tuismitheoirí agus ag an bpobal i gcoitinne ar fhaisnéis thábhachtach ar cháilíocht agus ar chaighdeán sa chóras oideachais. Tacaíonn foilsiú agus scaipeadh na dtorthaí cigireachta le soláthar comhairle ábhartha maidir le beartas don chóras oideachais freisin.
- D'fhoilsigh an Chigireacht roinnt tuarascálacha téamacha agus ilchodacha, mar aon le roinnt treoirleabhair ar an dea-chleachtas, i 2012.

6.13.1 Féin-athbhreithniú agus Feabhsú Leanúnach ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim i Scoileanna agus in Ionaid Oideachais

Is é is féinmheastóireacht scoile (SSE) ann ná próiseas comhoibritheach agus machnamhach i leith athbhreithniú inmheánach scoile. Tugann sí deis do mhúinteoirí féachaint ar bhealach córasach ar an dóigh a dteagascann siad agus ar an dóigh a bhfoghlaimíonn daltaí, agus cabhraíonn sí le scoileanna agus le múinteoirí feabhas a chur ar thorthaí d'fhoghlaimí. I 2012, rinne an Chigireacht, i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais, treoirlínte a fhorbairt arís eile agus a fhoilsiú chun cabhrú le scoileanna dul i mbun SSE. Ina theannta sin, forbraíodh láithreán Gréasáin tiomnaithe chun tacú le scoileanna féinmheastóireacht scoile a chur chun feidhme. I 2012, thosaigh cigirí ag dul i mbun sraith cuairteanna comhairleacha ar scoileanna chun tacú le cur chun feidhme féinmheastóireachta scoile. Fuair 346 bunscóil agus 159 iar-bhunscoil tacaíocht den sórt sin i 2012.

6.13.2 Tuarascálacha Cigireachta a Foilsíodh i 2012

Tuarascálacha Cigireachta a Foilsíodh i 2012	
WSE - Bunscóil	314
WSE / WSE-MLL - Iar-bhunscoil	108

Cigireacht Ábhar/Clár laistigh de WSE	51
Cigireachtaí aonair Ábhar/Clár	484
Iomlán	957

6.14 Párolla Múinteoirí

Tá freagracht ar an Roinn as tuarastail agus as pinsin a íoc le foireann teagaisc agus le foireann neamhtheagaisc atá, nó a bhí, fostaithe i mbunscoileanna, i meánscoileanna, i scoileanna Pobail agus i scoileanna Cuimsitheacha.

Íocann an Roinn le 95,300 duine, múinteoirí ar seirbhís, múinteoirí ar scor agus foireann neamhtheagaisc ina measc, thar ceann údaráis bhainistíochta na scoileanna ar bhonn coicíse. Is é atá i gceist leis sin 2.4 milliún idirbheart in aghaidh na bliana. Íoctar le 99.9% den fhoireann ar an bpárolla trí Ríomh-Aistriú Airgid.

Le linn 2012, tugadh duillín athbhreithnithe pá isteach, rud ina dtugtar faisnéis bhreise do mhúinteoirí páirtaimseartha agus do mhúinteoirí ionaid go háirithe.

I mí Feabhra 2012, chuir Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncain tús le duillíní pá fostaithe scoile/pinsinéirí a phriontáil agus a phacáistiú. Baineann an tionscnamh sin coigilteas de thart ar €300,000 amach in aghaidh na bliana, a bhuí go príomha le lascaíní poist a fhaightear mar gheall ar an gcaighdeán níos fearr priontála.

6.15 Oideachas Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tá freagracht ar an Roinn as ceapadh beartas, agus as comhordú, as bainistíocht, as cáilíocht agus as rialú airgeadais na mbeart atá ceaptha chun tacú le soláthar oideachais do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile le linn a gcuid gairmeacha beatha. Déanann an Roinn beartais agus bearta éifeachtacha a cheapadh agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbeidh soláthar leordhóthanach múinteoirí bunscoile a bheidh cáilithe agus oilte go cuí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Is é atá i gceist leis sin ardleibhéal cumarsáide agus idirghníomhaíochta leis na Coláistí Oideachais, leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus le daoine eile. Tá an Roinn freagrach freisin as cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais a bhaineann leis an gclár dioplóma iarchéime a chuireann rannóga oideachais na n-ollscoileanna atá páirteach ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile.

Le linn 2012, leanadh ar aghaidh le comhoibriú agus le comhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta maidir leis na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2006, a chur chun feidhme agus a leasú agus maidir le beartas comhroinnte a fhorbairt i leith ghairm na múinteoireachta.

Bhí reachtaíocht phríomha i measc na reachtaíochta a achtaíodh i 2012, eadhon an leasú ar Alt 30, ar Alt 33 agus ar Alt 38 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta trí Chuid 3 den Acht Oideachais (Leasú), 2012. I measc na reachtaíochta tánaistí a fógraíodh i 2012, bhí

Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Toghchán na mBall) (Leasú), 2011 (IR Uimh. 607/2011); Ordú an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (Leasú Comhlachtaí Ainmniúcháin), 2012 (IR Uimh. 73/2012) agus Ordú an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (Tosach Feidhme), 2012 (IR Uimh. 328/2012).

Is í an aidhm atá leis an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020 ná a chinntiú go gcoinneoidh múinteoirí agus scoileanna béim láidir ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta laistigh de churaclam leathan agus cothrom. Leagtar amach inti freisin clár leathan athchóirithe ar chúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon. Faoin Straitéis seo, tá feabhsúcháin á gcur ar chúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí, lena n-áirítear riachtanais iontrála nua níos airde a leagan síos do chúrsaí oideachais mhúinteoirí agus athchumrú a dhéanamh ar ábhar agus ar fhad na gcúrsaí do mhúinteoirí bunscoile chun a chinntiú go bhforbrófar scileanna múinteoirí sa litearthacht agus san uimhearthacht.

6.15.1 An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Athstruchtúraíodh an SFGM i 2012 d'fhonn eagraíocht a fhorbairt a bheidh éifeachtach agus freagrúil do riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí an chórais oideachais agus a mbeidh an tsolúbthacht aici chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais amach anseo. I 2012:

- Ceapadh foireann bhainistíochta nua
- Comhtháthaíodh an NCTE (an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas) isteach sa SFGM le héifeacht ón 1 Meitheamh agus
- Comhtháthaíodh an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge (STDL Gaeilge) isteach sa SFGM freisin ó mhí Mheán Fómhair 2012.

Éascaíonn an comhtháthú seo tuilleadh comhtháthaithe sa soláthar forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí.

Tugtar cúram do SFGM treorú a dhéanamh ar an soláthar tacaíochta do mhúinteoirí i dtaca le Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta na Roinne agus ar an soláthar tacaíochta do mhúinteoirí i réimse na féinmheastóireachta scoile freisin. Bhí na príomhthéamaí seo i Straitéis na Roinne lárnach i soláthar forbartha gairmiúla leanúnaí an SFGM i 2012.

6.15.2 Clár Iarchéime do Thionscadal Mata a Thabhairt Isteach

Tá cúrsa iarchéime do mhúinteoirí matamaitice 'as a réimse' i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2012. Tá an Diplóma Gairmiúil i Matamaitic do Mhúinteoireacht, ar clár páirtaimseartha dhá bhliain um fhoghlaim chumaisc é, ar fáil ar fud na tíre saor in aisce, ar chostas de thart ar €2 milliún i 2012, chun feabhas a chur ar scileanna na múinteoirí matamaitice ag leibhéal iar-bhunscoile.

Tá an tIonad Náisiúnta um Barr Feabhais i dTeagasc agus i bhFoghlaim na Matamaitice agus na hEolaíochta (NCE-MSTL) atá lonnaithe in Ollscoil Luimnigh i mbun sholáthar an chúrsa, agus déanfaidh Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, é a chreidiúnú i gcomhpháirt trína gcomhghuaillíocht straitéiseach. Cuireadh 390 áit ar fáil don chéad ionghabháil agus tá dhá ionghabháil bhreise ar a laghad beartaithe.

6.15.3 An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM).

Tá sé mar príomhchuspóir ag an gclár Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí ná tacú leis an bhforbairt ghairmiúil múinteoirí nuacháilithe ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon trí thacaíocht chórasach sa chéad bhliain teagaisc, rud a leagann an bunús le haghaidh fás gairmiúil agus forbairt ghairmiúil ina dhiaidh sin.

Lean bainistíocht an Chláir Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí ar aghaidh de réir an mhúnla a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse trialach. Tá an earnáil bhunscoile agus an earnáil iar-bhunscoile araon ag feidhmiú ó Choláiste Phádraig i nDroim Conrach.

D'éirigh ionduchtúchán éigeantach do gach Múinteoir Nuacháilithe an 1 Meán Fómhair 2012 agus éileofar orthu gach ceann den 12 cheardlann Ionduchtúcháin a chur i gcrích laistigh de thrí bliana tar éis clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá ceardlanna ar fáil do mhúinteoirí nuacháilithe cibé acu atá siad fostaithe nó nach bhfuil.

6.15.4 An Clár um Chúrsaí Samhraidh

Is é is príomhchuspóir don Chlár um Chúrsaí Samhraidh ná scileanna oideolaíochta agus bainistíochta múinteoirí a chur chun cinn i gcomhthéacs obair na bunscoile.

Áiríodh le cúrsaí samhraidh tuilleadh béime i 2012 ar litearthacht agus ar uimhearthacht i mBéarla agus i nGaeilge araon. D'fhreastail 27,961 múinteoir ar 676 cúrsa samhraidh a formheasadh i mbliana. Bhí cúrsaí samhraidh, a bhí ar oscailt go traidisiúnta do mhúinteoirí bunscoile san am atá thart, ar oscailt do mhúinteoirí iar-bhunscoile i 2012.

6.15.5 Léann Giúdach

Arna hóstáil ag Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar, tosaíodh oiliúint inseirbhíse do mhúinteoirí Léinn Ghiúdaigh i mí Eanáir 2012 agus cuireadh an chéim dhian i gcrích um Cháisc 2012 agus reáchtálfar na chéad scrúduithe sa tSraith Shinsearach i 2013.

6.16 Líon na Múinteoirí le Céim ó na Coláistí Príomha Oideachais i 2012

Coláistí	Céimithe - Baitsiléir san Oideachas agus Iarchéim 2012
Coláistí Neamh-HEA	
Coláiste Froebel	102
Coláiste Mhuire Marino	156
Eaglais na hÉireann	29
Coláistí HEA	
Coláiste Phádraig	469
Coláiste Mhuire gan Smál	550
Iomlán	1306

6.17 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Tá fáil ag gach bunscoil agus ag gach iar-bhunscoil ar mheasúnuithe síceolaíochta go díreach trí shíceolaí an NEPS atá sannta dóibh nó tríd an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Choimisiúnú (SCPA). Is féidir le scoileanna nach bhfuil síceolaithe an NEPS sannta dóibh cheana féin leas a bhaint as SCPA, rud trínar féidir leis an scoil measúnú a fháil ó bhall den phainéal síceolaithe príobháideacha atá ceadaithe agus íoctha ag an NEPS.

I gcomhpháirt le roinnt mhaith de sheirbhísí síceolaíochta eile agus de dhea-chleachtas idirnáisiúnta, ghlac an NEPS le múnla comhairliúcháin seirbhíse. Tá an fócas ar an gcumhacht a thabhairt do mhúinteoirí crioscaíl a dhéanamh go héifeachtach le daltaí a mbíonn a riachtanais idir éadrom agus dian agus idir neamhbhuan agus buan. Baineann síceolaithe úsáid as cur chuige comhairliúcháin dírithe ar réiteach fadhbanna agus réitigh chun dea-thorthaí do na daltaí sin a uasmhéadú. Tugann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais spreagadh do scoileanna próiseas measúnaithe agus idirghabhála atá bunaithe ar chontanam a úsáid trína nglacann gach scoil freagracht as measúnú tosaigh, as pleanáil oideachais agus as idirghabháil feabhais do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama, mothúcháin, sóisialta nó iompraíochta acu. Féadfaidh múinteoirí dul i gcomhairle lena síceolaí de chuid an NEPS más gá ag an gcéim seo den phróiseas. Ní bheidh baint ag an síceolaí le leanbh aonair le haghaidh idirghabháil dhian ach i gcás mainneachtana dul chun cinn réasúnach a dhéanamh, d'ainneoin iarrachtaí is fearr na scoile i gcomhairle leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. Tugann an próiseas seo an deis do shíceolaithe aird luath a thabhairt do chásanna práinneacha agus cabhrú le níos mó leanaí go hindíreach ná a d'fhéadfaí a fheiceáil ina n-aonar. Cinntíonn sé freisin nach dtarchuirtear leanaí le haghaidh idirghabháil shíceolaíoch gan ghá. D'oibrigh síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ar an bpróiseas contanaim a neadú san earnáil Bhunscoile tar éis don Roinn treoir agus ábhair acmhainní *'Riachtanais Speisialta Oideachais - Contanam Tacaíochta'* a fhoilsiú do mhúinteoirí a leithdháileadh ar gach scoil ó 2007/8.

Soláthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, ach é a iarraidh, cúnaimh do gach scoil agus gach pobal scoile ina dtarlaíonn teagmhais chriticiúla. Chomh maith leis sin, próiseálann sí iarratais ar an gCóiríocht Réasúnach i Scrúduithe Teastais (RACE) agus freagraíonn sí ar fhiosruithe maidir le leanaí aonair ó rannóga eile na Roinne agus ó shainghníomhaireachtaí.

I 2012/13, tá síceolaithe an NEPS sannta do thart ar 85% de Bhunscoileanna, arb ionann iad agus 90% de dhaltaí bunscoile, agus do 94% d'iar-bhunscoileanna, arb ionann iad agus 95% de dhaltaí iar-bhunscoile. San iomlán, dá bhrí sin, soláthraíonn síceolaithe an NEPS seirbhís do 86% de na scoileanna uile agus do 92% de na daltaí uile.

I rith na bliana acadúla 2011/12, bhí baint ag síceolaithe an NEPS le cásobair (measúnú agus idirghabháil) i ndáil le breis agus 8,504 dalta ainmnithe, agus chuir siad comhairle ar fáil do mhúinteoirí maidir le hidirghabhálacha i leith thart ar 14,700 dalta neamhainmnithe sa bhreis. Ina theannta sin, maoiníodh thart ar 1,948 measúnú faoi SCPA i 2012.

De bhreis air sin, rinne siad moltaí maidir le thart ar 5,100 dalta breise faoi scéim na Cóiríochta Réasúnaí do Scrúduithe Teastais (RACE) thar ceann Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus d'fhreastail siad ar thart ar 97 teagmhas criticiúil i scoileanna arna iarraidh sin ag údaráis na scoileanna.

I rith 2012, chuir an NEPS tús le treoirthionscadal i thart ar 40 scoil agus lena raibh baint ag thart ar 800 dalta i rang 5 sa Chlár 'Friends for Life' atá deartha chun athléimneacht / inniúlacht mhothúchánach shóisialta a chur chun cinn agus chun imní ar dhaltaí a laghdú.

Chomh maith leis sin, ghlac pearsanra an NEPS páirt ghníomhach i ndréachtú agus i gcruthú na dTreoirlínte maidir le Folláine Iarbhunscoile agus Féinmharú a Chosc i dteannta Chigireacht na Roinne agus na hOifige Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc.

7 Sprioc 2 – Deiseanna le haghaidh uasoiliúna agus athoiliúna a chomhlíonann riachtanais na ndaoine aonair sa mhargadh saothair a chur ar fáil

7.1 Breis-Oideachas agus Oiliúint

Déanann an Roinn comhordú, maoiniú agus faireachán ar fhorbairt na gclár breisoideachais agus oiliúna (FET) do dhaoine óga agus d'aoisigh a d'fhág scoil go luath agus/nó a bhfuil FET de dhíth orthu chun feabhas a chur ar a n-ionchais fostaíochta agus chun cur ar a gcumas leibhéal níos airde cáilíochta a bhaint amach ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).

I 2012, cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh níos mó ná 450,000 áit oideachais agus oiliúna ar fud raon an tsoláthair san earnáil ardoideachais agus san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna. Áiríodh leis na háiteanna sin soláthar do lucht fágála scoile agus do chliant a bhí féin-tarchurtha, agus go háirithe do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach a measadh a bheith ina dtosaíocht shonrach. Tugadh tosaíocht d'áiteanna san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna go sonrach dóibh siúd sa Bheochlár ar feadh dhá mhí dhéag nó níos faide. Tugadh spriocdhíríú breise orthu siúd atá faoi bhun 25 bliain d'aois isteach i gcomhair cláir áirithe ar nós an chláir nua 'MOMENTUM'.

Ghlac breis agus 170,000 foghlaimoír, lenar áiríodh líonta suntasacha daoine dífhostaithe, páirt i gcúrsaí Breis-Oideachais i 2012.

I 2012, bhain breis agus 83,000 foghlaimoír leas as cúrsaí FÁS, a sháraíonn an sprioc aschuir de phas beag níos mó ná 80,000 don bhliain. Den fhigiúr seo, cuireadh breis agus 75,000 áit ar fáil do dhaoine dífhostaithe agus baineann an chuid eile le hoiliúint dóibh siúd i bhfostaíocht, lena n-áirítear printísigh.

MOMENTUM

Maoineoidh tionscnamh nua darb ainm MOMENTUM a seoladh i 2012 an soláthar tionscadal saor in aisce oideachais agus oiliúna chun deis a thabhairt do 6,500 cuardaitheoir poist atá dífhostaithe ar feadh 12 mhí nó níos faide scileanna a ghnóthú agus rochtain ar dheiseanna oibre in earnálacha sainaitheanta atá ag fás. Tá MOMENTUM á riar ag FÁS agus á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna trí Chiste Oideachais agus Oiliúna an Mhargaidh Shaothair a dtacaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa leis. Is éard atá sa chóras íocaíochta do sholáthraithe ná bunaithe ar thorthaí le páirtíocaíocht in áirithe do phríomhchéimeanna an chláir, lena n-áirítear torthaí dúshlánacha deimhniúcháin, dul chun cinn agus fostaíochta ag deireadh an chláir.

Soláthróidh MOMENTUM na nithe seo a leanas do chuardaitheoirí poist incháilithe:

- Rochtain ar raon tionscadal ardchaighdeán oideachais agus oiliúna
- Naisc le folúntais phoist agus fostóirí atá sainaitheanta
- Socrúchán oibre agus tacaíocht
- Deimhniúchán ábhartha tionscail agus NFQ (an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí).

B'ionann an infheistíocht iomlán i FET arna déanamh ag an Roinn agus thart ar €900m² i 2012.

Springboard

I rith 2012, thacaigh an Roinn le níos mó ná 10,000 rannpháirtí faoi chlár Springboard, a sholáthraíonn cúrsaí ardoideachais páirtaimseartha saor in aisce do dhaoine dífhostaithe i réimsí ina bhfuil riachtanais scileanna shainaitheanta.

Plean Gníomhaíochta TFC

Mar chuid den Plean Gníomhaíochta TFC, a seoladh i mí Eanáir 2012, cuireadh breis agus 700 áit ar fáil do chuardaitheoirí poist ar an gcéad chéim de na cúrsaí tiontaithe scileanna do chéimithe TFC i 2012.

Athbhreithniú ar Phrintíseacht

I 2012, chuir an Roinn tús le hathbhreithniú ar mhúnla oiliúna Printíseachta na hÉireann, d'fhonn múnla oiliúna cothrom le dáta a chur ar fáil a sholáthraíonn an lucht saothair oilte atá riachtanach chun freastal ar na riachtanais atá ag geilleagar atá ag athrú go mear agus a chinntíonn cothromaíocht iomchuí idir soláthar agus éileamh. Déanfar an t-athbhreithniú seo in dhá chéim: Is é an chéad chéim ná páipéar saincheisteanna cúlra a sholáthróidh cur síos fíorasach ar an gcóras reatha printíseachta a ullmhú, lena n-áirítear na socruithe rialachais, treochtaí agus tuartha i dtaca le hearcaíocht agus láidreachtaí agus laigí sainaitheanta a bhaineann leis an múnla reatha. Leagfar amach sa Pháipéar moltaí le haghaidh raon roghanna féideartha i leith athraithe. Tá sé beartaithe go mbeidh comhairliúchán le gach príomhpháirtí leasmhar maidir leis na roghanna le haghaidh athraithe i gceist sa dara céim den athbhreithniú a thosóidh i 2013.

7.2 Cláir EGF na hÉireann

Tógáil Earnáil NACE

Chríochnaigh cláir EGF na hÉireann chun cabhrú le hoibrithe iomarcacha sna trí fho-earnáil tógála i mí an Mheithimh 2012:

- Tógáil foirgneamh (NACE 41)
- Seirbhísí tógála speisialaithe (NACE 43)
- Seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta (NACE 71)

Chlúdaigh trí chlár an EGF thart ar 8,000 oibrí iomarcach a ndearnadh iomarcaíocht orthu i rith na tréimhse tagartha 9 mí ón 1 Iúil 2009 go dtí an 31 Márta 2010. Soláthraíodh sraith beart faofa lena gcuimsítear gairmthreoir, oiliúint, printíseachtaí, breisoideachas, ardoideachas agus tacai fiontraíochta idir an 1 Iúil 2009 (an dáta ar a raibh feidhm ag na hiomarcaíochtaí den chéad uair) agus an 9 Meitheamh 2012 do na hoibrithe incháilithe.

Chuir an Roinn tuarascálacha deiridh agus ráitis chaiteachais do na trí chlár, lena n-áirítear figiúirí deiridh rannpháirtíochta, aschuir agus caiteachais, faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí na Nollag 2012 agus tá siad á mbreithniú ag an gCoimisiún faoi láthair.

Talk Talk

I mí Mheán Fómhair 2011, chuir an Roinn iarratas isteach chuig an gCoimisiún Eorpach ar chúnadh cómhaoinithe an EGF do 585 oibrí a ndearnadh iomarcaíocht orthu ag saoráid Lárionad

² Féach Caibidil 2 de Plean Gníomhaíochta SOLAS le haghaidh miondealú breise
<http://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/An-Action-Plan-for-SOLAS.pdf>

Glaonna Talk Talk i bPort Láirge agus d'fhaomh an Coimisiún é i mí Dheireadh Fómhair 2012. Áirítear leis an gclár faofa na bearta seo a leanas:-

- Gairmthreoir
- Tacaí oiliúna agus uasoiliúna a cuireadh ar fáil trí chomhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí ar nós FÁS agus Skillnets Teo.;
- Deontais oiliúna an EGF do chúrsaí creidiúnaithe breisoideachais nó ardoideachais a chuirtear ar fáil go príobháideach.
- Tacaí breisoideachais agus ardoideachais
- Tacaí fiontraíochta
- Ranníocaíochtaí speansas cúrsa i leith an chostais ar speansais riachtanacha (taisteal, cothabháil, trealamh cúrsa agus ábhair chúrsa).

Bhunaigh an tAire Cannon Fóram Comhairliúcháin an EGF maidir le Talk Talk i mí Lúnasa 2012 agus tháinig sé le chéile trí huaire go dtí seo. Déanann Uachtarán Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge cathaoirleacht ar an bhFóram agus tagann a bhaill ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó Chomhairle Chathair Phort Láirge, ó Chomhdháil na gCearrchumann, ó Aonad Comhordaithe an EGF agus ó sholáthraithe seirbhíse áitiúla ar nós FÁS, Bhord Fiontar Cathrach Phort Láirge, Choiste Gairmoideachais Chathair Phort Láirge agus Chumann Iar-Oibríthe Talk Talk.

Tá clár an EGF um Talk Talk i bhfeidhm ón 7 Meán Fómhair 2011 go dtí an 28 Feabhra 2014. Ag deireadh 2012, fuair 363 duine den chohórt 585 duine a ndearnadh iomarcaíocht orthu tacaí.

7.3 SOLAS

De bhreis ar fhógairt an Rialtais i 2011 go mbunófar údarás nua breisoideachais agus oiliúna darb ainm SOLAS, arb é a fheidhm ná athchóiriú, comhordú agus maoiniú a dhéanamh ar chláir bhreisoideachais agus oiliúna ar fud na tíre, foilsíodh an Bille um Breis-Oideachas agus Oiliúint i 2012.

Díscaoilfear FÁS agus aistreofar a sholáthar oiliúna do na Coistí Gairmoideachais, a dhéanfar a athchumrú mar Bhoird nua Oideachais agus Oiliúna (ETBanna).

Beidh SOLAS freagrach as an soláthar seirbhísí ó na boird nua Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) a choimisiúnú agus a mhaoiniú. Beidh na boird seo freagrach as an oiliúint agus as an mbreisoideachas ar fad ina réigiún a phleanáil agus a sholáthar.

7.4 Tacú le Cur Chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna - FET

Tugtar faoi deara sa Straitéis Náisiúnta Scileanna (NSS) go mbeidh uasoiliúint agus/nó athoiliúint agus rannpháirtíocht i bhfoghlaim bhuan ag teastáil ó bheagnach gach gairm sa todhcháí.

Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana i dtreo na gcuspóirí atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Scileanna don tréimhse go 2020 a chomhlíonadh. Tá sé seo fíor go háirithe i dtaca le tríú leibhéal. Mar sin féin, tá bearna shuntasach le druidim go fóill, go háirithe maidir leis na spriocanna a ndírítear orthu ag coibhéis na hArdteistiméireachta agus ag na leibhéil níos ísle den NFQ.

Cuirtear in iúl sa dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le cur chun feidhme na Straitéise Scileanna gurb é an dúshlán is suntasaí don tréimhse go 2020 ná uasoiliúint a chur ar fáil dóibh siúd ag Leibhéal 1-3 go Leibhéal 4 agus 5. Tabharfar díriú ar leith don dúshlán seo. Beidh Comhrac Luathfhágála Scoile agus cinntiú go ngnóthaítear scileanna litearthachta agus uimhearthachta ina dtosca tábhachtacha agus cinneadh á dhéanamh ar an méid ar a gcomhlíontar an dúshlán seo.

7.5 Tacú le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna (NSS) - Ard-Oideachas

Tá freagracht ar rannóg an Ard-Oideachais – Cothromas Rochtana sa Roinn as treorú a dhéanamh ar fhorbairt an bheartais náisiúnta um chothromas rochtana ar ardoideachas do gach mac léinn, ach go háirithe i measc na ngrúpaí sin atá faoi ghannionadaíocht san earnáil faoi láthair.

Rinneadh dul chun cinn ar spriocanna an NSS a bhaint amach trí sholáthar fochéime lánaimseartha a mhaoiniú in ollscoileanna agus in institiúidí teicneolaíochta agus trí áiteanna breise a chur i bhfeidhm faoi chlár Springboard agus faoi chlár thiontaithe scileanna TFC.

I 2011/12, bhí 162,786 mac léinn lánaimseartha rollaithe i gcúrsaí fochéime agus iarchéime in institiúidí atá maoinithe ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA). Bhí 33,401 mac léinn sa bhreis rollaithe i gclár pháirtaimseartha.

Soláthraíonn clár Springboard cúrsaí ardoideachais páirtaimseartha saor in aisce do dhaoine dífhostaithe i réimsí ina bhfuil riachtanais scileanna shainaitheanta. Tacaíodh le 10,000 rannpháirtí ar chlár Springboard i rith 2012; áirítear leis seo rannpháirtithe ar níos mó ná 6,000 áit nua a cuireadh ar fáil faoi chur i bhfeidhm an dara céim de Springboard i 2012.

Rinneadh measúnú 1^ú chéime den chéad chéim de Springboard i 2011 a fhoilsiú i mí Feabhra 2012. Léirigh sé go raibh ag éirí le Springboard a chohóirt sprice a bhaint amach. Bhí 77% de rannpháirtithe idir 25 bliain d’aois agus 49 bliain d’aois, bhí 60% díobh dífhostaithe ar feadh níos mó ná 1 bhliain agus fostaíodh 20% díobh, is é sin an grúpa aonair is mó, san earnáil tógála roimhe sin.

Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta TFC i mí Eanáir 2012. Forbraíodh é mar fhreagairt dhíreach do scileanna sonracha TFC. Beart tábhachtach den phlean ba ea an cur i bhfeidhm níos mó ná 700 áit ar chúrsaí tiontaithe scileanna céimithe leibhéal 8 ó mhí an Mhárta 2012.

7.6 An tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí

Go luath i 2012, aistríodh Seirbhís Fostaíochta FÁS chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Cuireadh meabhrán tuisceana i bhfeidhm idir FÁS/SOLAS agus an Roinn sin chun comhordú a dhéanamh ar atreoruithe go FÁS ón tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí, Intreo anois, is é sin an tseirbhís chomhtháite nua fostaíochta agus tacaíochta atá á cur ar fáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá dlúthchaidrimh oibre idir Intreo agus an earnáil oideachais agus oiliúna á bhfeabhsú mar chuid de bheartas gníomhachaithe an rialtais, mar atá leagtha amach in *“Bealaí chun na hOibre”*.

7.7 Oiliúint do Dhaoine faoi Mhíchumas

Oibríonn FÁS i gcomhar le Soláthraithe Sainoiliúna (STP) ar fud na tíre chun oiliúint a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Éilíonn an grúpa cliant seo tacaíocht níos déine ná atá ar fáil i soláthar oiliúna nach sainoiliúint í. Áirítear le gnéithe na sainoiliúna gairme seo na nithe seo a leanas:

- Fad breise oiliúna
- Trealamh oiriúnaithe
- Socrúcháin iompair
- Ábhar breisithe cláir
- Cóimheas breisithe oiliúnaí le foghlaimeoir.

Chríochnaigh 1,494 rannpháirtí san iomlán a gclár.

7.8 Skillnets

Is comhlacht stát-mhaoinithe fiontar-threoraithe é Skillnets a d'éascaigh oiliúint fiontair ón mbliain 1999. Is é cuspóir na hoiliúna seo cabhrú le cuideachtaí le go mbeidh siad iomaíoch go fóill agus a chinntiú go leanfaidh oibríthe orthu scileanna atá tionscal-shonrach a fhorbairt, go háirithe ar fud earnálacha éiritheacha. Cuireann oiliúint Skillnets soghluaisteacht oibríthe agus inaistrítheacht scileanna chun cinn.

I 2012, fuair Skillnets €14.5 milliún tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna chun deiseanna uasoiliúna agus breisoiliúna a chur ar fáil do suas go dtí 40,000 duine, lena n-áirítear daoine dífhostaithe agus daoine fostaithe.

Go luath i 2012, ceapadh Skillnets chun tionscnamh sonrath um oiliúint bhainistíochta a bhunú faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2012 de chuid an Rialtais. Bunaíodh an tionscnamh nua, atá á bhrandáil mar ManagementWorks, go luath i 2012. Agus buiséad de suas go dtí €1.2m aige, chuir tionscadal ManagementWorks tús le cur i bhfeidhm a dhéanamh ar raon clár oiliúna agus forbartha atá ar fáil chun cabhrú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide san earnáil phríobháideach feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht trí fhéachaint lena gcumas bainistíochta a fhorbairt chun an deis a thabhairt dóibh trádáil a fheabhsú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Athbhreithniú ar Chlár Líonraí Oiliúna Skillnets 2010-2011

I 2012, críochnaíodh meastóireacht neamhspleách ar chlár oiliúna Skillnets do 2011. Chlúdaigh an mheastóireacht an ghníomhaíocht arna déanamh ag 70 líonra oiliúna tacaí Skillnets ar fud na tíre a bhfuil na hacmhainní agus an saineolas acu chun dearadh agus soláthar a dhéanamh ar réitigh oiliúna a chuireann le hiomaíochas agus leis an infhostaitheacht fostaithe agus cuardaitheoirí poist.

Rinne Forfás leasú chun dáta ar threoirlínte 2011 um sholáthar breisoideachais a ailíniú leis na riachtanais scileanna atá ag fiontar, lena n-áiríodh athbhreithniú ar staitisticí breisoideachais.

7.9 Scileanna Litearthachta agus Uimhearthachta Aosach

I 2012, d'eisigh an Roinn treoirlínte nua oibriúcháin le haghaidh soláthar litearthachta aosach agus oideachais phobail a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le litearthacht a chomhtháthú i gcláir bhreisoideachais agus oiliúna.

I mí an Mhárta 2012, críochnaíodh an próiseas um aosaigh a chur faoi agallamh ina mbaile faoin gClár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Daoine Fásta (PIACC) arb é a bhí i gceist ansin suirbhé a dhéanamh ar aosaigh idir 16 bliana d'aois agus 64 bliain d'aois ina mbaile, agus ba é 72% an ráta freagartha. Ba é seo ceann de na rátaí freagartha ab airde i measc na dtíortha a rinne an suirbhé.

Mhéadaigh líon na rannpháirtithe i dteagasc litearthachta aosach ó 5,000 rannpháirtí i 1997 go 57,000 rannpháirtí i 2012.

Sa tréimhse 2000-2012, bhí thart ar 500,000 rannpháirtí ann, 100,000 rannpháirtí ESOL san áireamh. I 2012, cuireadh maoiniú de thart ar €30 milliún ar fáil don tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh agus cuireadh €2.8 milliún sa bhreis ar fáil ón gCiste Náisiúnta Oiliúna le haghaidh an Chláir um Scileanna don Obair a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar na scileanna litearthachta agus uimhearthachta atá ag fostaithe. Chríochnaigh breis agus 2,800 foghlaimeoir cláir i 2012.

8 Sprioc 3 – Deiseanna ardchaighdeáin foghlama, taighde agus nuálaíochta a chur ar fáil san earnáil ardoideachais.

Tá ról tábhachtach ag Ard-Oideachas i dtacú le deis phearsanta agus le forbairt shóisialta, shibhialta agus chultúrtha. Tá sé aitheanta freisin mar ghné atá ag éirí níos tábhachtaí dár mbonneagar náisiúnta chun tacú le forbairt fiontair, le nuálaíocht agus le fás geilleagrach. Laistigh den chomhthéacs sin, maidir le tacú le teagasc agus foghlaim, taighde agus nuálaíocht ardchaighdeáin in ardoideachas agus le feabhas a chur ar chumas na hearnála freagairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí atá ag athrú, tá an geilleagar agus an tsochaí mar thosaíocht don Roinn. Is é is aidhm don Roinn rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn, go háirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, trí dheiseanna solúbtha foghlama a chur ar fáil. Is iad ár gcuaspóir fadtéarmacha leibhéil an ghnóthaithe iomláin oideachais sa lucht saothair a mhéadú agus rannpháirtíocht na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht in ardoideachas a mhéadú.

8.1 An Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go 2030

Seoladh an Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go 2030 i mí Eanáir 2011 a bhfuil an cuspóir foriomlán aici cur chuige níos cuimsithí agus níos comhordaithe a thabhairt d'fhorbairt na hearnála ardoideachais. D'fhonn maoirseacht éifeachtach ar chur chun feidhme na Straitéise a chinntiú, bhunaigh an Roinn Grúpa Maoirseachta Forfheidhmithe. Tá comhordú, monatóireacht agus tuairisciú á ndéanamh ag an nGrúpa ar chur chun feidhme na moltaí atá sa Straitéis Náisiúnta ar bhonn leanúnach i gcomhar le saineolas eile agus páirtithe leasmhara eile nuair is gá. Tá ceithre phríomhshraith leis an Straitéis, is iad sin, feabhas i dteagasc, i bhfoghlaim, i dtaighde agus i rannpháirtíocht; forbairt córais; inbhuanaitheacht agus maoiniú agus rialachas (HR/IR). Tá ról tábhachtach ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) i gcur chun feidhme na Straitéise, rud a éileoidh rannpháirteachas QQI go pointe mór freisin.

Cuireadh tús le hobair chun dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí na Straitéise agus chomhaontaigh an Grúpa Maoirseachta teimpléad tuairiscithe ar Dhul Chun Cinn Forfheidhmithe don ghearrthearma go dtí an meántearma ina sonraítear gníomhartha faoi cheithre cheannteideal straitéiseacha leathana i dteannta roinnt cuspóirí tacaíochta. Áirítear le réimsí tosaíochta curtha chun feidhme do 2012 ón Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas na nithe seo a leanas:

- Seoladh an Fhórait Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim a Fheabhsú;
- Tosú an phróisis chomhairliúcháin agus bhreithniúcháin ar athchumrú an chórais ardoideachais, lena n-áirítear foilsiú an Údaráis um Ard-Oideachas *I dtreo Tírdhreach Ard-Oideachais sa Todhchaí* i mí Feabhra 2012, rud inar leagadh amach an próiseas ainmnithe mar Ollscoil Theicneolaíoch;
- An foilsiú tuairiscí ráithiúla ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag an nGrúpa Maoirseachta Forfheidhmithe atá ar fáil ar www.education.ie; agus

- Cónascadh an dá chomhairle taighde atá ann cheana i gcomhairle amháin, is é sin Comhairle Taighde na hÉireann;

Ritheadh an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, i mí Iúil 2012. Rinne an tAcht foráil do chóras cuimsitheach agus nuashonraithe um dhearbhu cáilíochta i mbreisoideachas agus in ardoideachas, agus sholáthair sé forálacha méadaithe ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Gné lárnach de na forálacha nua seo ba ea an cruthú gníomhaireachta cónasctha cáilíochtaí agus dearbhaithe cáilíochta.

Bunaíodh an ghníomhaireacht nua, Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), faoin Acht i mí na Samhna, 2012. Glacann an QQI freagracht as na feidhmeanna a ghlac FETAC, HETAC, Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann mar chúram. Comhlíonann sé sin gealltanas tábhachtach sa Chlár don Rialtas agus don Phlean um Athchóiriú na hEarnála Poiblí. Cuirfidh QQI seirbhís chomhcheangailte ar fáil d'fhoghlaimoirí agus do sholáthraithe oideachais agus oiliúna agus soláthróidh siad bealaí foghlama atá solúbtha agus dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de laistigh de chomhthéacs an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí. Chomh maith leis sin, soláthróidh na héifeachtúlachtaí a bhainfear amach tríd an gcónascadh coigiltí bliantúla de thart ar €1 milliún.

8.2 Cothromas Rochtana ar an Ard-Oideachas a Chur Chun Cinn

Tá freagracht ar rannóg an Ard-Oideachais – Cothromas Rochtana sa Roinn as treorú a dhéanamh ar fhorbairt an bheartais náisiúnta um chothromas rochtana ar ardoideachas do gach mac léinn, ach go háirithe i measc na ngrúpaí sin atá faoi ghannionadaíocht san earnáil faoi láthair. Tacaíonn an rannóg le raon beart a éascaíonn leibhéal níos mó rannpháirtíochta na mac léinn faoi mhíbhuntáiste, na mac léinn aibí agus na mac léinn faoi mhíchumas. Cuirtear an tacaíocht phríomha ó thaobh airgeadais de ar fáil faoin scéim deontas mac léinn, a chuireann cúnaimh airgeadais de réir tástála acmhainne ar fáil do mhic léinn i mbreisoideachas agus in ardoideachas. Áirítear le tacaíochtaí rochtana spriocdhírthe eile an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn agus an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Cuireann an rannóg roinnt deiseanna scoláireachta tríú leibhéal ar fáil freisin, lena n-áirítear scoláireachtaí atá dírithe ar mhic léinn faoi mhíchumas.

8.3 Athchóiriú an Chórais um Dheontais Mhac Léinn

Rinneadh foráil san Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, a síníodh isteach sa dlí i 2011, d'athchóiriú bunúsach an chórais um dheontais mhac léinn. Sa chéad chéim mhór chun an córas deontas mac léinn a ollchóiriú, ionadaíodh na scéimeanna a bhí ann cheana le scéim aonair chomhaontaithe le héifeacht ón mbliain acadúil 2011/12 agus bunaíodh údarás dámhachtana aonair laistigh de Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath darb ainm Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn Éire (SUSI) chun an próiseas d'iontrálaithe nua a lárú don bhliain acadúil 2012/2013.

Cé go raibh deacrachtaí ag an gclár athchóirithe um dheontais mhac léinn sa chéim thosaigh, tá sé beartaithe go bhfreastalóidh an bunú forais bhronnta deontas aonair níos fearr ar ár mic léinn ar bhonn fadtéarmach.

Cuireadh an tsaoráid iarratais ar líne ar Dheontas Mac Léinn ar fáil do gach iarratasóir nua i mí na Bealtaine 2012. Bhí fáil ar an tsaoráid tríd an láithreán Gréasáin www.studentfinance.ie. Rinne SUSI feachtais chuimsitheacha faisnéise do mhic léinn agus dá gcuid tuismitheoirí faoin bpróiseas

iarratais ar dheontas agus rinne sí teagmháil le treoirchomhairleoirí, leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, leis an Údarás um Ard-Oideachas, leis an Lár-Oifig Iontrála agus le hAontas na Mac Léinn in Éirinn.

Tháinig líon suntasach deacrachtaí chun cinn le linn oibriú an chórais láraithe nua sa chéad bhliain, rud as ar tháinig moilleanna do-ghlactha ar bhronnadh agus ar íocaíocht deontas. Mar sin féin, anailísíodh na cúiseanna leis na moilleanna seo agus tugadh aghaidh orthu, agus tá sé beartaithe go bhfreastalóidh an bunú córais láraithe agus uathoibríthe níos fearr ar ár mic léinn ar bhonn fadtéarmach.

Tá na 66 comhlacht éagsúil bronnta deontas atá ann cheana féin agus atá freagrach as deontais mhac léinn (Údarás Áitiúla agus Coistí Gairmoideachais) ag leanúint de bheith ag déileáil le hathnuachaintí deontais dá mic léinn reatha go dtí go gcríochnóidh na mic léinn sin a gcuid cúrsaí.

8.4 Caiteachas ar Thacaíocht do Mhic Léinn

I 2012, b'ionann an t-uasráta caighdeánach deontais chothabhála agus €3,025. Fuair mic léinn a cháiligh don ráta speisialta deontais uasmhéid de €6,100 i 2012. B'ionann an caiteachas iomlán ar dheontais mhac léinn i 2012 agus thart ar €356m do 76,644 mac léinn, i gcomparáid le caiteachas de thart ar €335m i 2011 do 71,532 mac léinn. Bhain 6,849 mac léinn leas as an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas i 2011/12, i gcomparáid le 6,097 mac léinn sa bhliain acadúil 2010/11. Bhain 13,347 mac léinn leas as an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn i 2011/2012. Bhain 20,196 tairbhí leas as Scéimeanna Rochtana Tríú Leibhéal agus b'ionann an caiteachas iomlán agus €16.2m. Sa bhliain acadúil 2011/12, bhain 291 mac léinn leas as scéimeanna scoláireachta na Roinne agus caitheadh €2m san iomlán i 2011.

2012		
Scéim	Tairbhíthe	Caiteachas iomlán
Scéimeanna Deontas Mac Léinn	76,644	€336m
Scéim Rochtana Tríú Leibhéal	20,196	€16.2m
Scéim scoláireachta na Roinne	291	€2m

2011/2012	
Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas	6,849
Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn	13,347

8.5 Taighde agus Airgeadas an Ard-Oideachais

Tá freagracht ar an Roinn as beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme, mar aon leis na leithdháiltí buiséadacha a cheapadh agus a athbhreithniú le haghaidh an tsoláthair bhreiseoideachais agus thaighde in institiúidí faofa sa Stát. Is é atá i gceist anseo bainistíocht airgeadais agus tuairisciú faoin gcreat maoinithe a chomhcheanglaíonn múnla maoinithe deontas córais leis na scéimeanna um Tháillí in Aisce; an soláthar maoinithe don Údarás um Ard-Oideachas (HEA) i gcomhair leithdháileadh díreach ar institiúidí; teagmháil leis an HEA, a dhéileáil le hInstitiúidí Ard-Oideachais (HEInna) ar bhonn laethúil agus an soláthar maoinithe dhírigh do HEInna nach bhfuil ainmnithe ag an HEA. Tá an Roinn freagrach as athbhreithniú agus

forbairt a dhéanamh ar chórais láidre faireacháin agus mheasúnachta chun freagracht a chur chun cinn laistigh de na hinstiúidí, lena n-áirítear comhlíonadh riachtanais chóid rialachais. Tá sí rannpháirteach freisin san athbhreithniú leanúnach ar an tionchar atá ag athruithe ar reachtaíocht, bíodh sí ina reachtaíocht Éireannach nó ina reachtaíocht de chuid an AE, ar na scéimeanna um tháillí in aisce.

Cuireann an Roinn tacaíocht ar fáil don fhorbairt cumas taighde ar fud raon leathan disciplíní in instiúidí tríú leibhéal trí chaipiteal daonna á mhaoiniú - is mic léinn PhD agus taighdeoirí iardhochtúireachta luathchéime iad de ghnáth - ag Comhairle Taighde na hÉireann. Chomh maith leis sin, maoiníonn an soláthar ríomhbhonneagair fothacaíochta don chóras taighde.

B'ionann an soláthar athfhillteach do na hollscoileanna agus do na hinstiúidí teicneolaíochta agus €1.118 billiún i 2012. Áirítear le maoiniú athfhillteach don earnáil tríú leibhéal deontas in ionad an chostais ar tháillí teagaisc arbh ionann é agus thart ar €367 milliún sa bhliain acadúil 2011/12 a chlúdaigh 125,034 mac léinn fochéime. B'ionann an soláthar deiridh faoin gCiste Nuálaíochta Straitéiseach (SIF) lena ndearnadh comhoibriú idir-instiúideach, athchóiriú agus feabhsú cáilíochta a chur chun cinn, agus thart ar €750,000. B'ionann caiteachas athfhillteach faoi Thaighde agus Forbairt agus €37.6 milliún i 2012. Rinne Comhairle Taighde na hÉireann 350 dámhachtain PhD agus 84 dámhachtain iardhochtúireachta san iomlán i 2012.

8.6 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Comhairle Oideachais Airí an AE

I 2012, lean Airí Oideachais ar aghaidh ag cur le baint amach chuspóirí agus spriocanna na straitéise 'Eoraip 2020'.

Ag an gComhairle i mí Feabhra, faoi uachtaránacht na Danmhairge ar an AE, ghlac Airí Oideachais le dréacht-Chomhthuarascáil 2012 ar chur chun feidhme an Chreata Straitéisigh do chomhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET2020) 'Oideachas agus Oilíúint in Eoraip atá cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach'.

Faoi ET2020, chomhaontaigh ballstáit ceithre chuspóir straitéiseacha fhadtéarmacha don tréimhse go dtí 2020. Is iad seo na ceithre chuspóir fhadtéarmacha:

- Foghlaim ar feadh an tsaoil agus soghluaisteacht foghlaimeoirí a dhéanamh ina réaltacht
- Cáilíocht agus éifeachtúlacht an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú
- Cothromas, comhtháthú sóisialta agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn
- Nuálaíocht agus cruthaitheacht a fheabhsú, lena n-áirítear fiontraíocht, ag gach leibhéal d'oideachas agus d'oiliúint.

Déanann an dréacht-Chomhthuarascáil anailís ar dhul chun cinn ar chuspóirí gearrthéarmacha laistigh de na réimsí seo ó 2009-11 agus déanann sí moltaí don tréimhse ó 2012-14.

I mí na Bealtaine 2012, tháinig Airí Oideachais ar chomhaontú faoi chur chuige ginearálta páirteach maidir le clár 2014-2020 an AE maidir le hOideachas, le hOilíúint, leis an Óige agus le Spórt. Tabharfaidh sé seo an deis d'Uachtaránachtaí amach anseo dul isteach in idirbheartaíocht thrípháirteach le Parlaimint na hEorpa ar an gclár, agus is é an sprioc ná teacht ar chomhaontú faoi lár na bliana 2013.

Ina theannta sin, ghlac an Chomhairle le conclúidí ar thagarmharc ar an infhostaitheacht céimithe ó oideachas agus ó oiliúint. Cumasóidh an tagarmharc seo anailís fheabhsaithe ar an trasdul ó oideachas agus ó oiliúint go fostaíocht ar fud an AE agus, chomh maith leis sin, éascóidh sé anailís scoite ar shonraí idir leibhéal éagsúla de ghnóthachtáil oideachais agus réimsí éagsúla oideachais. Cabhróidh sé sin le béim a leagan ar aon bhearna i gcumas fostaíochta eatarthu siúd a bhfuil oideachas tríú leibhéal acu agus iad siúd a bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach acu.

I mí na Samhna, faoi mhaoirseacht Uachtaránacht na Cipire, leanadh ar aghaidh le hidirbheartaíocht ar chlár 2014-2020 an AE maidir le hOideachas, le hOiliúint, leis an Óige agus le Spórt. Ina theannta sin, chomhaontaigh an Chomhairle moladh faoin mbailíochtú foghlama neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúla, agus conclúidí ar Lítearthacht agus ar ról an Oideachais agus na hOiliúna sa straitéis um fhás Eorpach 'an Eoraip 2020'.

8.7 An Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil 2007-2013

Ar aon dul lena ról i dtacú le agus i gcur le gníomhartha na mBallstát i réimse an oideachais agus na hoiliúna, ghlac an Coimisiún Eorpach le raon clár a thacaíonn le soghluaisteacht trasteorann, le líonrú agus le comhroinnt dea-chleachtas. Chomhtháthaigh an Coimisiún Eorpach a chuid tionscnamh éagsúil oideachais agus oiliúna faoi bhrat amháin: An Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil (LLP) 2007-2013.

Le buiséad de bheagnach €7 billiún do 2007 go dtí 2013, cuireann an clár seo ar chumas daoine aonair ag gach céim dá saol gabháil do dheiseanna foghlama ar fud na hEorpa. Tá ceithre fhochlár ann: Erasmus, Comenius, Leonardo DaVinci agus Grundtvig, chomh maith le cláir thrasnai a chlúdaíonn téamaí idir-earnálacha ar nós TFC agus teangacha.

Tá maoiniú faoin gClár á riar ag na gníomhaireachtaí náisiúnta sna ballstáit. In Éirinn, is iad Léargas agus an tÚdarás um Ard-Oideachas na gníomhaireachtaí riartha. Is é an Roinn seo an t-údarás náisiúnta, nó an t-urra, a dhéanann maoirseacht ar riar an chlár ag na gníomhaireachtaí. Cuimsíonn bord Léargas, ar cheap an tAire é, oifigeach den Rannóg Idirnáisiúnta agus Cigire Sinsearach.

Idir 2007 agus 2013, gheobhaidh Éire breis agus €80 milliún ón gClár Foghlama ar Feadh an tSaoil, rud a thabharfaidh an deis do thart ar 18,500 mac léinn Éireannach tríú leibhéal agus ball foirne léachtóireachta páirt a ghlacadh i malairtí oideachais Erasmus. Cuirfidh an maoiniú seo ón AE deiseanna ar fáil freisin do thart ar 2,500 oiliúnaí in Éirinn tairbhe a bhaint as socrúcháin oibre Eorpacha, do thart ar 800 oibrí usaoiliúint le linn socrúchán i gcuideachtaí Eorpacha, do thart ar 500 gairmí oiliúna agus gairmoideachais dea-chleachtas a mhalartú agus do 550 scoil agus 150 eagraíocht oideachais aosaigh a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíochtaí éagsúla Eorpacha. De bhreis air sin, glacfaidh thart ar 300 teagascóir aosach páirt i gClár Grundtvig, agus tabharfar an deis do níos mó ná 1,100 múinteoir agus múinteoir todhchaíoch a bheith páirteach i gclár Comenius. Leithdháileadh maoiniú iomlán €12.5m d'Éirinn faoin gClár i 2012.

Caiteachas ar Thionscnaimh Oideachais Idirnáisiúnta i 2012	
Clár	Caiteachas i 2012
Erasmus	€5,154,181
Comenius	€1,899,449

Leonardo da Vinci	€4,038,574
Grundtvig	€587,322
Cuairteanna Staidéir	€102,731
Costais oibriúcháin do na gníomhaireachtaí náisiúnta	€803,000

EOECNA

Feidhmíonn an Roinn mar choimisiún náisiúnta na hÉireann d'Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe.

8.8 Rannpháirtíocht na Roinne i gCruinnithe agus i dTionscnaimh Idirnáisiúnta

Sa bhliain 2012, bhí méadú mór ar ullmhúcháin d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE san Oideachas agus san Oilíúint a bheidh ag teacht i 2013. Reáchtáladh líon méadaithe cruinnithe Airí agus ardleibhéil idir foireann na Roinne agus foireann ón gCoimisiún Eorpach agus ó Pharlaimint na hEorpa d'fhonn ullmhúcháin don Uachtaránacht a thabhairt chun críche.

Reáchtáladh cruinniú Ghrúpa Ardleibhéil an AE um Oideachas agus Oilíúint i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag 2012, a ndearna an Rannóg Idirnáisiúnta cathaoirleacht air mar Uachtaránacht na hÉireann ar an AE ag teacht isteach. D'fhóin an t-imeacht seo mar thús neamhfhoirmiúil na hUachtaránachta don Chathaoirleach ag teacht isteach.

Comhlíonann Rannóg Idirnáisiúnta na Roinne ról riaracháin agus comhordaithe freisin maidir le faisnéis a scaipeadh faoi Chomhdhálacha, Sheimineáir agus chruinnithe éagsúla eile de chuid Uachtaránacht an AE agus maidir le heagrú agus clárú toscairí chucu.

Fónann oifigeach den Rannóg mar Ataisé Oideachais i mBuanionadaíocht na hÉireann ar an AE sa Bhruiséil. Is ar bhonn rialta a fhreastalaíonn oifigeach den Rannóg ar chruinnithe ghrúpa oibre an AE um oideachas agus oilíúint, is é sin, an Coiste Oideachais.

I 2012, bhí páirt lárnach ag an Roinn i soláthar a éascú agus a dhéanamh do na cruinnithe agus na tionscnaimh seo a leanas:

- Misin Aireachta amach chuig tíortha tosaíochta lena n-áirítear an tSín, an India, Vítneam agus an Mhalaeisia.
- Teagmhálaithe idir-rialtas a fhorbairt, lena n-áirítear óstáil a dhéanamh ar 12 chuairt toscaireachta idirnáisiúnta ag teacht agus an comhghrúpa oibre um oideachas leis an Malaeisia.
- Faireachán agus comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise oideachais idirnáisiúnta.
- Roinnt cur chuige náisiúnta a fhorbairt maidir le deiseanna margaidh, lena n-áirítear mórchomhaontú nua a shíniú chun rannpháirtíocht na hÉireann sa chlár 'Science Without Borders' sa Bhrasaíl a éascú.
- Tacú le próifíl na hÉireann mar ionad um oideachas idirnáisiúnta trí thacaíocht a thabhairt do chomhdháil 2012 *an Chumann Eorpaigh um Oideachas Idirnáisiúnta* i mBaile Átha Cliath, a mheall breis agus 4,500 toscaire ó níos mó ná 80 tír.

I 2012, leanadh ar aghaidh le clár an AE faoina bhfuil múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile ar iasacht ó scoileanna Éireannacha chun teagasc sna 14 Scoil Eorpacha, agus bhí thart ar 60 múinteoir Éireannach ar iasacht sa bhliain sin.

8.9 Thuaidh/Theas

An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC)

Tionóladh trí chruinniú de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC) i bhformáid Earnála Oideachais i 2012. Rinne na hAirí athbhreithniú ar fhorbairtí agus d'aontaigh siad comhar Thuaidh/Theas a bhrú chun cinn sna réimsí seo a leanas: Tearc-Ghnóthachtáil Oideachais, Riachtanais Oideachais Speisialta, Cáilíochtaí Múinteoirí agus Malairtí Scoileanna, Óige agus Múinteoirí.

Ina theannta sin, tionóladh dhá chruinniú de chuid NSMC i seisiún iomlánach i 2012. Le linn na gcruinnithe sin, thángthas ar chomhaontú maidir leis an gcumas atá ann do chomhar amach anseo idir an dá dhlínse i réimse an ardoideachais. Cé go bhfuil leibhéal suntasach rannpháirtíochta agus comhair Thuaidh/Theas i saincheisteanna ardoideachais ar siúl cheana féin ar bhonn neamhfhoirmiúil ag leibhéal oifigiúla agus institiúideacha, meastar gur féidir comhar den sórt sin a fheabhsú arís eile trí chúrsaí ardoideachais a chur san áireamh go foirmiúil faoi chuimsiú chreat na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas.

Grúpa Oibre NSMC

Ag a chruinniú i mí Mheán Fómhair 2012, thuiriscigh an Grúpa Oibre ar Thearc-Ghnóthachtáil Oideachais, Litearthacht agus Uimhearthacht go raibh obair á brú chun cinn ag na Cigireachtaí Oideachais sa dá dhlínse ar Chomh-Thuarascáil Chigireachta Thuaidh/Theas – Treoirlínte Dea-Chleachtais i Soláthar Litearthachta ag Leibhéal Iar-Bhunscoile – a thairiscint. Táthar ag súil go bhfoilseofar an tuarascáil i 2013.

Ar mholadh an Ghrúpa Oibre, thacaigh an Roinn agus an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann araon le tionscnaimh uile-oileáin chun litearthacht agus uimhearthacht a chur chun cinn i 2012: - Seachtain Mhatamaitice agus clár Leabhair Leanaí Éireann a bhí dírithe ar rannpháirtíocht déagóirí óga idir 12-15 bliain d'aois sa léitheoireacht a chur chun cinn.

Gníomhaíochtaí Ginearálta Thuaidh/Theas

I 2012, lean an Roinn ar aghaidh le tionscnaimh chomhair Thuaidh/Theas a chómhaoiniú in éineacht leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Fostaíochta agus Foghlama i dTuaisceart Éireann. Clúdaíonn na tionscnaimh sin raon leathan tionscnamh a bhaineann leis na nithe seo a leanas: Tearc-Ghnóthachtáil Oideachais; Scoileanna, an Óige agus Múinteoirí agus an 3^ú Leibhéal. B'ionann caiteachas iomlán na Roinne seo ar thacú leis na gníomhaíochtaí sin i 2012 agus thart ar €879,655.

Chomh maith leis sin, lean an Roinn ar aghaidh le dul i dteagmháil ar bhonn déthaobhach le Roinn Fostaíochta agus Foghlama Thuaisceart Éireann (DEL), d'fhonn comhar idir an dá Roinn a chur ar aghaidh i réimse an oideachais tríú leibhéal. Go háirithe, d'oibrigh na Ranna chun clár comhair a fhorbairt ar réimsí leasa chomhchoitinn, lena n-áirítear beartais maidir le rochtain ar an ardoideachas agus ar an mbreisoideachas sa dá dhlínse; an cumas atá ann do shoghluaisteacht mhéadaithe mac léinn agus do shreafaí trasteorann mac léinn; comhar

institiúideach trasteorann; agus an cumas atá ann do chomhrochtain Thuaidh/Theas ar mhaoiniú ón AE. Lean an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ar aghaidh lena cruinnithe débhlantúla leis na Príomh-Shíceolaithe Oideachais, Tuaisceart Éireann.

9 Sprioc 4 – Bonneagar iomchuí le haghaidh timpeallachtaí foghlama a phleanáil agus a chur ar fáil

Is é is aidhm don Roinn bonneagar iomchuí le haghaidh timpeallachtaí foghlama a chur fáil le go bhfuil fáil ag gach foghlaimeoir ar thimpeallacht foghlama nua-aimseartha. Ní mór dúinn a chinntiú go gcuirimid cóiríocht ar fáil chun freastal ar éileamh ar áiteanna scoile i gceantair ina bhfuil rolluithe ag ardú. Déanfaidh seachadadh na dtionscadal tógála san earnáil oideachais cur le gníomhaíocht gheilleagrach, poist a chruthú ar fud na tíre agus ár gcumas táirgthe a mhéadú. Tháinig laghdú suntasach ar chostais foirgníochta le blianta beaga anuas agus féachfaimid leis an luach is fearr don cháiníocóir a bhaint amach.

I mí an Mhárta 2012, fógraíodh Clár Foirgníochta Cúig Bliana, lenar áiríodh 275 mórthionscadal tógála scoile agus a raibh infheistíocht iomlán €1.5 billiún i gceist leis. I mí Iúil 2012, fógraíodh infheistíocht phleanáilte €280 milliún i dtionscadail oideachais tríd an bpróiseas comhpháirtíochta príobháidí poiblí (PPP) mar chuid de phacáiste spreagthaí geilleagracha an Rialtais. Mar thoradh air sin, cuirfear 2 bheart bhreise de thionscadail scoile i bhfeidhm ina mbeidh 12 scoil aonair san iomlán ar fiú infheistíocht iomlán de thart ar €100m iad. Leithdháileadh thart ar €180 milliún do Chéim 1 de chomhdhlúthú pleanáilte Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) ag campas Ghráinseach Ghormáin ó na 39 láithreán reatha ar fud na príomhchathrach.

9.1 Éifeachtúlacht a Mhéadú i Seachadadh Tionscadal Tógála

I mí na Samhna 2011, thug an Rialtas níos mó ná €2 billiún i maoiniú do thionscadail tógála scoile mar chuid den Infheistíocht Mheántéarmach Bonneagair agus Caipitil chun éilimh dhéimeagrafacha a chomhlíonadh. Is do na cúig bliana romhainn atá an infheistíocht seo agus cuirtear san áireamh sa phlean cúig bliana modhanna malartacha chun tionscadail a sholáthar. Tá gníomhaireachtaí ar nós Oifig na nOibreacha Poiblí, na gCoistí Gairmoideachais agus na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais, chomh maith le roinnt Údaráis Áitiúla, ag cabhrú leis an soláthar níos mó ná 70 mórthionscadal scoile.

9.2 Soláthar Áiteanna Scoile

9.2.1 Áiríodh an méid seo a leanas leis na mórthionscadail tógála scoile a cuireadh i gcrích i 2012:

- Cuireadh 25 bunscoil nua i gcrích lenar soláthraíodh 9,792 áit bhuan scoile, dá raibh 6,324 áit ina n-áiteanna buana breise.
- Cuireadh 14 shíneadh mórscála i gcrích lenar soláthraíodh áiteanna buana breise bunscoile agus áiseanna feabhsaithe i scoileanna atá ann cheana do 1,820 dalta.
- Ag leibhéal iar-bhunscoile, cuireadh 7 scoil nua i gcrích lenar soláthraíodh 4,550 áit bhuan scoile, dá raibh 1,750 áit ina n-áiteanna buana breise.
- Cuireadh 7 síneadh mórscála i gcrích lenar soláthraíodh 250 áit bhuan bhreise iar-bhunscoile agus áiseanna feabhsaithe i scoileanna atá ann cheana do 4,150 dalta.
- Cuireadh 210 tionscadal cóiríochta breise i gcrích san earnáil bhunscoile lenar soláthraíodh 5,684 áit bhuan scoile.

- Cuireadh 29 tionscadal cóiríochta breise i gcrích san earnáil iar-bhunscoile lenar soláthraíodh 741 áit bhuan scoile.
- Cuireadh 7 dtionscadal i gcrích faoin Scéim Athsholáthair Sheomraí Réamhdhéanta lenar soláthraíodh 252 áit bhuan bhunscoile.
- Faomhadh 375 tionscadal le haghaidh maoinithe faoin Scéim um Oibreacha Éigeandála.
- Freastalóidh suíomhanna a fuarthas i 2012 ar 10 mbunscoil agus 2 iar-bhunscoil.

9.3 Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí

Ar aon dul le beartas an Rialtais, baineann an Roinn Oideachais agus Scileanna úsáid as socrúcháin Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí le haghaidh bonneagar oideachais a chur ar fáil. Tá tionscadail scoile a dhéanann an Roinn bunaithe ar shocrúchán dearaidh, tógála agus cothabhála 25 bliain a mhaoinítear faoi íocaíochtaí aonadacha bliantúla. Cuimsíonn na híocaíochtaí aonadacha aisíocaíochtaí iasachta (caipiteal agus ús) don mhaoiniú tionscadail a chlúdaíonn dearadh, tógáil agus trealamh, cistí saolré tógála agus trealaimh agus a éascaíonn bainistíocht na scoileanna. Áirítear leis an mír dheireanach cothabháil, glantachán, tuarastail agus speansais éagsúla. Cuireadh beagnach 11,000 áit daltaí ar fáil tríd an gcóras PPP: 3,475 áit i gcéim thrialach thosaigh; 2,700 áit i mBeart 1; agus 4,700 áit i mBeart 2 a tháinig i bhfeidhm i rith 2011.

Mar chuid de Phacáiste Spreagthaí Geilleagracha 2012, d'fhaomh an Rialtas trí phacáiste bhreise de PPPanna. Bhí dhá cheann díobh san earnáil scoileanna a raibh 12 tionscadal scoile i gceist leo - is iad sin Beart 4 agus Beart 5 agus atosú tionscadal caipitil Ard-Oideachais Ghráinseach Ghormáin a raibh comhdhlúthú Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i gceist leis.

De bhreis air sin, cuireadh tús le hobair thógála ar Bheart Scoileanna 3 i 2012. I mí na Samhna 2012, síníodh conradh le Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí BAM le haghaidh sheachadadh na n-ocht scoil seo. Táthar ag súil go gcuirfear an chéad cheann de na scoileanna seo i gcrích i mí na Nollag 2013 agus cuirfear na 7 scoil eile i gcrích san earrach 2014.

9.4 Forbairtí san Earnáil Ard-Oideachais

B'ionann an caiteachas iomlán i 2012 agus thart ar €55m. Áiríodh le tionscadail:

- Cur i gcrích na leabharlainne ag Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
- Athchóiriú fhoirgneamh PESS in Ollscoil Luimnigh
- Críochnú na n-oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta ag Institiúidí Teicneolaíochta agus coláistí beaga éagsúla
- Ba iad na mórthionscadail a ndearnadh dul chun cinn orthu le linn 2012 ná Ionad Eolaíochta COBÁC / Dí COBÁC / Scoil Liachta Choláiste na Tríonóide

Déantar tionscadail chaipitil Tríú Leibhéal a chineadh d'institiúidí ardoideachais lena seachadadh, rud a éascaíonn soláthar níos gasta.

9.5 Éifeachtúlachtaí Méadaithe

Tá an Fardal Ar Líne um Chóiríocht Scoile (IOS) á thiomsú ag scoileanna trí úsáid a bhaint as Tairseach Esinet mar chuid d'ollchóiriú an bhunachair shonraí lárnaigh um chóiríocht scoile. Chomhlánaigh breis agus 80% de scoileanna na sonraí fardail.

Rinneadh fardal ar gach bonneagar oideachais bhunscoile agus iar-bhunscoile agus ar gach sócmhainn phobail lena mbaineann ar bhonn treoirscéime i gcúig cheantar den tír le linn 2012. Tabharfaidh an cleachtadh treorach seo eolas d'fhorbairt fardail náisiúnta um oideachas agus bonneagar lena mbaineann amach anseo.

Tá raon Creatáí um cheapacháin chomhairleachta i bhfeidhm maidir le tionscadail atá níos mó, casta agus práinneach.

Go mall i 2012, rinne an Roinn 65 cigireacht ar scoileanna a fuair maoiniú cineachta i 2010 agus i 2011 le feiceáil an ndearnadh oibreacha de réir threoirlínte na Roinne.

Tá socrúcháin i bhfeidhm chun éagsúlú a dhéanamh ar an seachadadh tionscadal, lena n-áirítear socrúcháin le Coistí Gairmoideachais agus le Comhairle Contae. I mí Iúil 2012, sheachaid Comhairle Contae Lú bunscóil nua 16-sheomra ranga i nDroichead Átha, Co. Lú. Ba í seo an chéad scoil a bhí seachadta ag údarás áitiúil thar ceann na Roinne faoi na socrúcháin nua atá dírithe ar scoileanna a thógáil ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de. Bhainistigh Comhairle Contae Lú an tionscadal €3.4 milliún, agus seachadadh é in am agus laistigh den bhuiséad.

Shínigh an tAire Meabhrán Tuisceana le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach i 2012. Cothaíonn an Meabhrán leibhéal mhéadaithe chomhair agus déanann sé foirmeálta an pháirt atá ag na húdaráis áitiúla i suíomhanna a fháil le haghaidh úsáid oideachais.

Mar chuid den phróiseas athchóirithe, rinne an Roinn athbhreithniú ar a nósanna imeachta agus d'fhorbair sí sraith nua doiciméad nós imeachta, eadhon, Nósanna Imeachta na Foirne Deartha, 2012, a cuireadh chun feidhme i mí an Mhárta 2012. Tugann na nósanna imeachta nua seo tuilleadh saoirse agus údarais d'Fhoirne Deartha agus díríonn siad ar chuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas Deartha agus ar mhóilleanna i rith an phróisis sin a íoslaghdú.

Foilsítear liostaí tionscadal atá faofa lena seachadadh ar láithreán Gréasáin na Roinne ar bhonn míosúil. I gcás na mórthionscadal, cuirtear an t-eolas is déanaí faoin dul chun cinn ar fáil trí na céimeanna éagsúla seachadta. I gcás na dtionscadal déabhlóidithe níos lú, foilsítear faisnéis ar bhonn seachtainiúil lena liostaítear ainm na scoile, an cineál tionscadail agus na dátaí faofa.

9.6 Beartas Fuinnimh

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ar thús cadhnaíochta deartha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile. Leanann Doiciméid Treorach Teicniúla na Roinne (TGDanna) orthu a bheith mar thagarmharc i ndáil le dearadh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile le fócas soiléir ar éifeachtúlacht fuinnimh lena dtacaíonn clár taighde láidir ag a bhfuil daichead tionscadal taighde ag céimeanna éagsúla, lena n-áirítear an láithreán Gréasáin fuinnimh ag www.energyeducation.ie agus an tionscadal um Scoileanna Éighníomhacha agus cuireadh dhá

scoil éighníomhacha i gcrích i mbliana. Tá gach scoil a thógtar de réir na TGDanna ábalta Rátáil Fuinnimh Foirgnimh A3 a bhaint amach.

Bhuaigh an Roinn an Dámhachtain um Inbhuanaitheacht Fuinnimh sa Timpeallacht Thógtha, 2012, as a thionscadal taighde, Coláiste Choilm, Tulach Mhór, ag Dámhachtainí Inbhuanaitheachta Fuinnimh an SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann). Chomh maith leis sin, bhuaigh sí an Dámhachtain um Fhoirgneamh Glas na Bliana ag na Dámhachtainí Glasa, 2012, agus ghlac sé an dámhachtain is fearr sa chomórtas ar fad, an Dámhachtain Ghlas is Fearr san Iomlán, bunaithe ar an tionscadal céanna agus as a hobair leantach maidir le scoileanna inbhuanaithe ísealfhuinnimh a fhorbairt.

9.7 Sonraí a bhaineann le hoideachas agus le hoiliúint a chur ar fáil don phobal agus d’eagraíochtaí

Soláthraíodh sonraí d’Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, don ECFE agus don EOECA maidir le gnéithe éagsúla d’oideachas, lena n-áirítear:

- líon na ndaltaí atá rollaithe in oideachas agus in oiliúint ag gach leibhéal ISCED arna rangú de réir catagóirí éagsúla ar nós inscne, aoisghrúpa, náisiúntachta agus cé acu atá an t-oideachas nó an oiliúint lánaimseartha nó páirtaimseartha
- líon na n-iontrálaithe nua i gcláir oideachais nó oiliúna
- líon na gcéimithe ó chláir oideachais nó oiliúna
- líon na múinteoirí agus na mball den fhoireann mhúinteoireachta
- líon na ndaltaí ag foghlaim teangacha iasachta
- sonraí airgeadais a bhaineann le hoideachas nó le hoiliúint
- faisnéis a bhaineann leis an gcuraclam ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal.

Cuireann an fhaisnéis seo le foilseachán bliantúil an ECFE ‘*Education at a Glance*’. Foilsítear an fhaisnéis seo i mBunachar Sonraí Oideachais Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach.

10 Cuid 3 – Feabhas a chur ar ár nÉifeachtúlacht agus ar ár nÉifeachtacht

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhís atá ardchaighdeánach agus éifeachtúil a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara go léir. I 2012, leanamar orainn a chinntiú gur sholáthraíomar luach don cháiniócoir trí sheirbhísí éifeachtacha éifeachtúla a sholáthar. Sa chuid seo den Tuarascáil, leagtar amach na feabhsúcháin a chuir an Roinn chun feidhme i 2012 chun méadú a dhéanamh ar a héifeachtúlacht agus ar a héifeachtacht trí thagairt a dhéanamh do na gníomhaíochtaí agus do na táscairí feidhmíochta atá leagtha amach i gCuid 4 de Ráiteas Straitéise na Roinne 2011-2014.

10.1 Athchóiriú Ginearálta na hEarnála Oideachais

I rith 2012, rinne an Roinn dul chun cinn suntasach i dtaca le hathchóiriú struchtúrtha ar an earnáil oideachais, lena n-áirítear: Bunú Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), cumasc na Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) agus Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET) agus bunú SOLAS agus Athchumrú na gCoistí Gairmoideachais. Tá tuilleadh faisnéise faoi athchóirithe aonair ar fáil san Athbhreithniú ar an mBliain.

10.2 Tacú le nuachóiriú na hearnála oideachais trí phróiseas comhpháirtíochta a chuireann dea-chleachtas i gcaidreamh tionsclaíoch chun cinn.

Lean an Roinn uirthi, trína hAonad Caidrimh Foirne Seachtrach, (ESRU), ag soláthar agus ag feidhmiú creata agus seirbhís chaidrimh thionsclaíoch ag an leibhéal náisiúnta chun próiseáil saincheistanna caidrimh thionsclaíoch a bhaineann leis an earnáil oideachais níos leithne a bhainistiú. Áirítear ar fheidhmeanna ESRU cur chun cinn chomhlíonadh beartais phá an Rialtais laistigh den earnáil oideachais níos leithne, lánfheidhmiú an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) maidir leis an earnáil oideachais agus soláthar comhairle do rannáin líne laistigh den Roinn (agus do na hinstiúidí oideachasúla) ar fheidhmiú dlí fostaíochta.

10.3 An Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil

I 2011, chuir an Roinn Plean Gníomhaíochta faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus foilsíodh é mar chuid den Tríú Tuarascáil ar an bpróiseas ORP i mí Eanáir 2012. Tá an tuarascáil iomlán, ina bhfuil léirmheasanna ar thrí Roinn eile, ar fáil le híoslódáil ó www.orp.ie.

Tá na gníomhaíochtaí sa phlean dírithe ar threo straitéiseach agus ar cheannasaíocht, ar chumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú, ar struchtúir agus rialachas, ar mheasúnacht, ar bhainistíocht agus úsáid acmhainní daonna agus ar phróisis agus ar struchtúir ghnó inmheánacha. Is é ár gcuspóir fadtéarmach cultúr feabhais leanúnaigh agus nuálaíochta leanúnaí a chothú sa dóigh a dtugaimid faoinár gcuid oibre agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí ar fud an chórais oideachais.

Shainaithin an Roinn 39 gníomhaíocht tosaíochta a dhéanfar dul chun cinn orthu sa 2 bhliain romhainn. Baineann na gníomhaíochtaí tosaíochta seo leis na téamaí seo a leanas ar leagadh béim orthu i dTuarascáil an Chláir Athbhreithnithe Eagraíochtúil:

- Treo straitéiseach agus ceannasaíocht
- Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú
- Struchtúir agus Rialachas
- Measúnacht
- Bainistíocht agus Úsáid Acmhainní Daonna
- Próisis agus struchtúir ghnó inmheánacha

Go dtí seo, cuireadh 14 ghníomhaíocht i gcrích agus tá obair ar siúl ar na gníomhaíochtaí atá fágtha.

10.4 Tús Áite do Leanaí

Ar fud 2012, chuir an Roinn oiliúint agus seimineáir faisnéise ar fáil do scoileanna ar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do scoileanna a rinneadh a athrú chun dáta agus a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2012 tar éis na leasuithe i mí Iúil 2011 ar na treoirlínte náisiúnta um Thús Áite do Leanaí.

10.5 Sásamh d'Fhorais Chónaithe

Ar aon dul le comhlíonadh a dhéanamh ar an tiomantas sa Chlár don Rialtas do mholtaí Thuarascáil Ryan a chur chun feidhme:

- rinneadh dul chun cinn ar an bpróiseas a bhaineann le cuimhneachán a chur ar fáil d'íospartaigh mhí-úsáide forais, agus fógraíodh buaiteoir an chomórtais i mí Iúil 2012;
- lean an Roinn ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don tSeirbhís Rianúcháin Bhunús Teaghlaigh, atá á hoibriú ag Barnardos, agus 84 iarratas á bpróiseáil aici le linn 2012; agus
- lean an Roinn ar aghaidh le taifid phearsanta a chur ar fáil do dhaoine ar iarratas, faoi théarma an Achta um Shaoráil Faisnéise, agus 421 iarratas á bpróiseáil aici le linn 2012.

Chomh maith leis sin, cuireann Acht 2012 ar chumas na bpobal, mar charthanais, ranníocaíochtaí airgid thirim a dhéanamh leis an RISF (Ciste Reachtúil na bhForas Chónaithe) agus leis an Stát mar ranníocaíochtaí i leith na gcostas sásaimh. Le linn 2012, chuaigh an Roinn i dteagmháil leis na pobail maidir lena gcuid tairiscintí réadmhaoine agus rinneadh dul chun cinn ar aistriú na 12 réadmhaoine ar ghlac an Rialtas leis i bprionsabal.

10.6 Feabhas a Chur ar Fheidhmíocht agus ar Éifeachtúlacht ár Roinne

10.6.1 Airgeadas

Cuireadh san áireamh i leithdháileadh caiteachais na Roinne do 2012 roinnt bearta coigiltis a chinn an Rialtas mar chuid de phróiseas an Athbhreithnithe Chuimsithigh ar Chaiteachas (CER) lenar baineadh coigiltí €76m amach i 2012, ag méadú go €241m faoin mbliain 2014. Mar sin, agus tosaíocht chlár oibre gníomhachtaithe an Rialtais á haithint, rinneadh soláthar do Chiste Gníomhachtaithe an Mhargaidh Shaothair nua agus do mhaoiniú faoi thionscnamh Springboard chun méadú a dhéanamh ar dheiseanna ardoideachais pháirtaimseartha do dhaoine difhostaithe. Rinneadh soláthar freisin chun tús a chur i 2012 le cur chun feidhme gníomhaíochtaí sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta, d'obair ar athchóiriú na Sraithe Sóisearaí agus do chur i bhfeidhm céimnithe leathanbhanda ardluais (100mbps) do scoileanna dara leibhéal.

Áiríodh leis na Meastacháin do 2012 cur i láthair an Mheastacháin san fhormaid nua Buiséadaithe Feidhmíochta i bhfoirm tháscach, a fhéachann le neartú a dhéanamh ar an díriú ar a bhfuil seachadta (aschuir agus torthaí) le cistí poiblí in ionad an dírithe thraidisiúnta ar ionchuir airgeadais. Leanadh ar aghaidh le hobair ar dhul chun cinn a dhéanamh ar aistriú iomlán na formáide Buiséadaithe Feidhmíochta do 2013 le linn 2012 agus ghabh mór-athstruchtúru ar Vóta na Roinne leis, ag bogadh ó rud a bhí mar struchtúr ceithre vóta go bunúsach go struchtúr vóta aonair.

Tháinig caiteachas don Roinn i 2012 laistigh den leithdháileadh. Bhí gannchaitheamh glan de chaiteachas reatha de €20.2m, agus b'ionann an gannchaitheamh ar chaiteachas caipitil agus €19.085m, dá raibh €19m tugtha ar aghaidh go 2013 faoi fhorálacha um thabhairt ar aghaidh chaipitil.

10.6.2 Faireachán a Dhéanamh ar ár gCórais Inmheánacha agus ar ár bPróisis Inmheánacha

Tá an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí ag an Roinn freagrach as dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leorgacht, le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht bhainistíocht riosca, chórais rialaithe inmheánacha agus phróisis rialachais na Roinne. Cinntíonn Aonad Rialaithe Airgeadais Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) go gcloíonn Éire le riachtanais rialála an Aontais Eorpaigh i ndáil le hiniúchadh ESF, cuireann sé dea-chleachtas chun cinn i mbainistíocht, i rialú agus in iniúchadh ESF in Éirinn agus cinntíonn sé go ndéantar iniúcháireachtaí i gcomhréir le caighdeáin iniúcháireachta idirnáisiúnta d'fhonn tuarascálacha ardchaighdeánacha, cothroma agus cothromaithe a chur ar fáil. Déantar cláir bhliantúla iniúcháireachta a ullmhú faoi choimirce an Choiste Iniúcháireachta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúcháireachta ESF don Choiste faoi stiúradh na gclár seo agus faoi thabhairt chun críche na dtuarascálacha iniúcháireachta. Tugadh cúig thuarascáil iniúcháireachta inmheánaí san iomlán chun críche i 2012 agus lean an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí, ar bhonn ráithiúil, dul chun cinn ar chur chun feidhme na moltaí a thagann as na tuarascálacha iniúcháireachta.

10.7 Acmhainní Daonna

Comhlíonadh na laghduithe ar sholáthar foirne a bhí ag teastáil faoi dheireadh na bliana 2012 maidir le sprioc Chreat Rialaithe Fostaíochta (ECF) na Roinne. Bhí timpeallacht níos solúbtha Acmhainní Daonna (HR) i bhfeidhm inar ath-imscaradh baill foirne go hinmheánach ar bhonn sealadach chun comhfhreagairt do bhuaiceanna agus do loig ar leith a sainathníodh in ualach oibre na rannóg ar fud na Roinne. Chomh maith leis sin, chuir an Roinn tús leis an bpróiseas um fhoireann dheonach a ath-imscaradh go Ranna agus Gníomhaireachtaí eile.

Mar thionscnamh tacaíochta den Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, cuireadh tús le próiseas foirmiúil Pleanála Lucht Saothair i 2012, a bhfuil sé mar bhonn leis sainathint a dhéanamh ar na nithe seo a leanas ar bhealach struchtúrtha: cén dóigh agus cén áit a mbeidh an Roinn ag laghdú a soláthair foirne, cén áit a bhféadfadh bearnaí criticiúla teacht aníos san eagraíocht agus conas pleanáil ina leith le linn leanúint de na leibhéil reatha seirbhíse le hacmhainní laghdaithe a chinntiú go dtí an pointe is mó is féidir.

Feidhm ríthábhachtach eile d’Acmhainní Daonna i 2012 ba ea leanúint de chur chun feidhme na mbeart faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh agus tuairisciú a thabhairt ar na bearta sin agus ar na coigiltí arna mbaint amach ag an Roinn agus ag a Gníomhaireachtaí don Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe chun eolas a thabhairt dá tuairisc ar dhul chun cinn agus ar choigiltí don Chomhlacht Forfheidhmithe.

Eochairthosaíocht de Chlár Oibre Athchóirithe an Rialtais is ea an bunú Seirbhísí Comhroinnte i raon leathan réimsí ar fud na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear Ionad Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna (HRSSC). Dheimhnigh an Rialtas i rith 2012 go rachadh an tionscadal HRSSC ar aghaidh tar éis meastóireacht airgeadais. Lean an Roinn seo ar aghaidh lena teagmháil leis an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna (HRSSC) agus thosaigh sí ag ullmhú dá bogadh chuig an tseirbhís sin i 2014, go háirithe i ndáil le cleachtadh Glantacháin Sonraí agus leis an ath-imscaradh foirne go Peoplepoint.

10.7.1 Oiliúint agus Forbairt Foirne

I rith 2012, lean Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne na Roinne ar aghaidh ag dul i dteagmháil le fireann agus le bainisteoireacht chun sainaithint a dhéanamh ar riachtanais tosaíochta oiliúna agus forbartha. Chun freastal ar na riachtanais sin, bhí raon oiliúna spriocdhírthe agus saincheaptha ar fáil do bhaill foirne. Cuireadh beagnach 3,000 lá oiliúna ar fáil i rith na bliana. Cuireadh oiliúint, a soláthraíodh go himheánach den chuid is mó, ar fáil i réimsí lena n-áirítear Bainistíocht Airgeadais agus Iniúchóireacht (lena n-áirítear oiliúint chun tacú leis an athrú go Buiséadú Feidhmíochta agus Athstruchtúrú an Vóta Oideachais agus Scileanna), Riarachán Pinsean, Feabhsú an Phróisis Ghnó, Gaeilge, Saoráil Faisnéise agus Bainistíocht Tionscadal. Chomh maith leis sin, lean an Roinn uirthi tús áite a thabhairt d’oiliúint bainistíochta chun méadú a dhéanamh ar a hacmhainneacht le dúshláin atá nua agus atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh go hiomchuí trí chlár oiliúna a chur ar fáil do bhainisteoirí meánacha agus do bhainisteoirí sinsearacha.

De bhreis ar oiliúint agus forbairt do ghráid riaracháin, cuireadh tacaíocht oiriúnaithe oiliúna ar fáil don Chigireacht, don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), don Aonad Pleanála agus Tógála (PBU) agus don Aonad TF lena sainriachtanais oiliúna gairmiúla agus teicniúla a chomhlíonadh.

Ar leith ón oiliúint eagraithe agus ón bhforbairt eagraithe atá leagtha amach thuas, lean an Roinn uirthi cultúr foghlama a chothú trí thacaíocht a chur ar fáil do bhaill foirne freastal ar chúrsaí breisoideachais ina gcuid ama féin. Bhí na cúrsaí i réimsí a bhaineann le hobair na Roinne agus na seirbhíse sibhialta agus poiblí níos leithne agus áiríodh leo Bainistíocht Teicneolaíochta, Rialachas, Pleanáil Spásúlachta, Deachtú Reachtaíochta, Acmhainní Daonna, Bainistíocht Phoiblí agus Oideachas.

10.7.2 Feabhsú na bPróiseas Gnó

Cuireadh tús le cur chun feidhme a dhéanamh ar chur chuige struchtúrtha maidir le próisis ghnó a chuíchóiriú agus a fheabhsú. Bunaíodh coiste stiúrtha um Fheabhsú na bPróiseas Gnó (BPI), a ndearna an Rúnaí Cúnta cathaoirleacht air, agus d’fhreastail príomhbhaill foirne ar oiliúint i Sé Shigme Barraineachta BPI. Sainaithníodh treoirhionscadail feabhsaithe, a thosóidh i mí Eanáir 2013.

10.7.3 Éirim Ghnó

Faoi dheireadh na bliana 2012, ionchorpraíodh na sonraí seo a leanas isteach in Éirim Ghnó (BI):

- Sonraí daonáirimh bunscoile
- Sonraí daltaí iar-bhunscoile
- Sonraí litearthachta / uimhearthachta bunscoile
- Sonraí Scrúduithe Stáit
- Sonraí neamhláithreachais an Bhoird Náisiúnta leasa Oideachais
- Sonraí cárta leighis.

Tá an fháil ar shonraí ardchaighdeáin ó roinnt mhaith foinsí éagsúla ag cabhrú cheana féin leis an gCigireacht maidir le cigireachtaí a spriocdhírú agus cuireann sí sonraí luachmhara ar fáil don Roinn chun eolas a thabhairt do chinntí beartais.

Cuireadh tús le céim III de BI i 2012. Is éard atá sa chéim seo ná ionchorprú na sonraí airgeadais faoi phárolla fostaithe scoile isteach in éirim ghnó (BI).

10.7.4 Feabhsúcháin Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide Inmheánaí

I rith 2012, lean Aonad TF na Roinne air úsáid a bhaint as cumais TFC ar mhaithe le haonaid ghnó agus custaiméirí na Roinne.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar PPOD (Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna) a fhorbairt i rith 2012. Tá sé sceidealaithe go rachaidh an feidhmchlár seo beo don scoilbhliain 2013/14, ag ionadú na mbogearraí atá á n-úsáid faoi láthair chun sonraí daltaí iar-bhunscoile a ghabháil.

Faoi dheireadh na bliana 2012, ionchorpraíodh na sonraí seo a leanas isteach in Éirim Ghnó (BI) agus is féidir le baill den Chigireacht, de Staitisticí, den Rannóg Bunachar Sonraí Daltaí/Foghlaimoirí (PLDS) agus den Rannóg Beartas um Cháilíochtaí, Churaclam agus Measúnacht (QCAP) iad a rochtain (de réir mar is cúil):

- Sonraí daonáirimh bunscoile
- Sonraí daltaí iar-bhunscoile
- Sonraí litearthachta / uimhearthachta bunscoile
- Sonraí Scrúduithe Stáit
- Sonraí neamhláithreachais an Bhoird Náisiúnta leasa Oideachais
- Sonraí cárta leighis.

Faoi dheireadh na bliana 2012, bhí 27 ceann de na 30 oifig de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) cónasctha le bonneagar teicniúil na Roinne.

10.7.5 Forbairt ár Láithreáin Ghréasáin Nua

Chuaigh láithreán Gréasáin athfhorbartha na Roinne beo i mí Iúil 2012. Dearadh an láithreán Gréasáin nua bunaithe ar riachtanais na bpríomhghrúpaí úsáideoirí seo a leanas i.e. foghlaimoirí, tuismitheoirí, foireann oideachais agus scoileanna/coláistí. Cé is moite d'áiseanna feabhsaithe cuardaigh le haghaidh imlitreacha etc, tá feidhmchlár mapa-bhunaithe 'Aimsigh Scoil' agus fotha twitter ón bPreasoifig ann freisin.

10.7.6 Prótacal Idirlín Guthaithe (VoIP)

I mí Aibreáin 2012, chuir an Roinn córas teileafónaíochta Prótacail Idirlín Ghuthaithe (VoIP) isteach in ionad córas teileafóin as dáta PABX ina trí phríomhoifig i mBaile Átha Cliath, i mBaile Átha Luain agus i dTulach Mhór. Cuirfear an córas seo i bhfeidhm maidir le gach oifig Réigiúnach agus Áitiúil, tar éis conradh le haghaidh Guth Seasta a bhronnadh. Bainfear coigiltí de thart ar €250,000 sa bhliain amach mar thoradh ar an gcóras nua seo.

10.7.7 Pleanáil agus Feabhsúcháin Ghnó ag an Leibhéal Rannóige

Tá próiseas bliantúil pleanála gnó na Roinne lárnach i mbaint amach thráthúil agus rathúil ár spriocanna. Gach bliain, iarrtar ar rannóga a gcuid tascanna rithábhachtacha don bhliain le teacht a shainnithint trí thagairt a dhéanamh do dhoiciméid ar nós ár Ráitis Straitéise agus pleanáil a dhéanamh lena gcur chun feidhme tríd an bpróiseas pleanála gnó. De bhreis ar thascanna rithábhachtacha a shainnithint, soláthraíonn an próiseas pleanála gnó an deis freisin do bhaill foirne plé a dhéanamh ar fheabhsú na bpróiseas gnó as a dtagann éifeachtúlacht agus éifeachtacht ar chostas níos mó agus seirbhísí feabhsaithe do chustaiméirí, a bhfuil gach ceann acu ina ngnéithe tábhachtacha de Phlean an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí. Ghlac gach rannóg den Roinn páirt sa phróiseas pleanála gnó do 2012.

Mar thoradh ar an bpróiseas seo agus ar an measúnacht a rinne rannóga ar a nósanna imeachta, rinneadh athruithe éagsúla ag leibhéal na rannóige as ar tháinig éifeachtúlacht níos mó, an caighdeánú nósanna imeachta agus laghdú ar chaiteachas de bharr chur chun feidhme na mbeart coigiltis chostais.

10.7.8 Feidhmíocht na foirne tacaíochta

Cuireadh tús le pleanáil i 2012 le haghaidh mórchlár athnuachana ríomhairí i mBaile Átha Cliath, i mBaile Átha Luain agus Tulach Mhór, chomh maith le huasghrádú Windows, Microsoft Office agus suiteáil Cumarsáide Aontaithe (UC). Éascóidh UC feasacht ar láithreach, físchomhdháil deisce etc.

Aguisín A - Comhlachtaí faoi Scáth na Roinne i 2012

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta	(COGG)
An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	(CICA)
An Bord Airgeadais Oideachais	(EFB)
Foras Áiseanna Saothair	(FÁS)
Comhairle na nDámhachtainí Breis-Oideachais agus Oiliúna	(FETAC)
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	(GGDA)
Comhairle na nDámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna	(HETAC)
An tÚdarás um Ard-Oideachas	(HEA)
Léargas - an Biúró Malartaithe	
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	(NCGE)
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	(NCCA)
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	(NCSE)
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann	(NQAI)
An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe	(RIRB)
Comhairle Taighde na hÉireann	(IRC)
An Coiste Athbhreithnithe um Shásamh Institiúidí Cónaithe	(RIRC)
Skillnets Teo.	
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	(SEC)
An Chomhairle Mhúinteoireachta	

Aguisín B - Foilseacháin i 2012

Leagtar amach sa liosta seo a leanas roinnt d'fhoilseacháin na Roinne i 2012. Ní liosta uileghabhálach é. Is féidir amharc ar an gcuid is mó de na foilseacháin thíos agus ar fhoilseacháin bhreise ar láithreán Gréasáin na Roinne ar Gach Foilseachán <http://www.education.ie/en/Publications/> Tá roinnt de na foilseacháin ar fáil ar láithreáin Ghréasáin na ngníomhaireachtaí faoi scáth na Roinne nó ar láithreáin Ghréasáin Ranna eile mar atá léirithe trí na naisc Ghréasáin.

Foilseacháin Ghinearálta Is féidir amharc ar liosta iomlán d'Foilseacháin Chorporáideacha ag www.education.ie
PIRLS & TIMSS 2011: Reading, Mathematics and Science Outcomes for Ireland
Report to New Schools Establishment Group on the pilot surveys regarding parental preferences on primary school patronage (Tuarascáil chuig an nGrúpa um Bunú Scoileanna Nua ar na suirbhéanna treorach maidir le tosaíochtaí tuismitheoirí faoi phátrúnacht bhunscoile)
The Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector Report of the Forum's Advisory Group (An Fóram um Pátrúnacht agus Iolrachas i dTuarascáil Ghrúpa Comhairleach an Fhórait ar an Earnáil Bhunscoile)
PIRLS & TIMSS 2011: Reading, Mathematics and Science Outcomes for Ireland
Report to New Schools Establishment Group on the pilot surveys regarding parental preferences on primary school patronage (Tuarascáil chuig an nGrúpa um Bunú Scoileanna Nua ar na suirbhéanna treorach maidir le tosaíochtaí tuismitheoirí faoi phátrúnacht bhunscoile)
Beartas Is féidir amharc ar liosta iomlán d'Foilseacháin Chorporáideacha ag www.education.ie
A Framework for Junior Cycle (Creat don tSraith Shóisearach)
Addressing High Level ICT Skills Recruitment Needs (Aghaidh a Thabhairt ar Riachtanais Ardleibhéil Earcaíochta Scileanna TFC)
An Action Plan for SOLAS (Plean Gníomhaíochta do SOLAS)
An Evaluation of the Special Education Support Service (SESS) (Measúnú ar an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS))
General Scheme of a Further Education and Training Authority (SOLAS) Bill 2012 (Scéim Ghinearálta de Bhille um Údarás Breis-Oideachais agus Oiliúna (SOLAS), 2012)
ICT Action Plan Meeting the high-level skills needs of enterprise in Ireland (Plean Gníomhaíochta TFC - Riachtanais ardleibhéil na bhfiontar in Éirinn a chomhlíonadh)
National Strategy for Higher Education 2030 Progress Report Q1 2012 (An Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas 2030 - Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn - R1 2012)
Review of the Completed EGF Programmes in Support of Redundant Workers in Dell, Waterford Crystal and SR Technics (Athbhreithniú ar Chláir Chríochnaithe an EGF mar Thaca le hOibrithe Iomarcacha in Dell, Waterford Crystal agus SR Technics)
Foilseacháin Chorporáideacha Is féidir amharc ar liosta iomlán d'Foilseacháin Chorporáideacha ag www.education.ie
An Roinn Oideachais agus Scileanna Tuarascáil Bhliantúil 2011
Public Service Agreement - Department of Education and Skills - Progress Report May 2012 (Comhaontú na Seirbhíse Poiblí - an Roinn Oideachais agus Scileanna - Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn, Bealtaine 2012)

Public Service Agreement - Department of Education and Skills - Revised Action Plan (Oct 2012) (Comhaontú na Seirbhíse Poiblí - an Roinn Oideachais agus Scileanna - Plean Gníomhaíochta Athbheithnithe (Deireadh Fómhair 2012))
Public Service Agreement - Education Sector - Action Plan (Dec 2012) (Comhaontú na Seirbhíse Poiblí - an Earnáil Oideachais - Plean Gníomhaíochta (Nollaig 2012))
Public Service Agreement - Education Sector - Action Plan (Oct 2012) (Comhaontú na Seirbhíse Poiblí - an Earnáil Oideachais - Plean Gníomhaíochta (Deireadh Fómhair 2012))
Public Service Agreement - Education Sector - Action Plan 2012 (Comhaontú na Seirbhíse Poiblí - an Earnáil Oideachais - Plean Gníomhaíochta 2012)
Public Service Agreement - Education Sector – Key achievements during reporting period – Q1 2011 to Q1 2012 (Comhaontú na Seirbhíse Poiblí - an Earnáil Oideachais - Príomhéachtaí i rith na tréimhse tuairiscithe - R1 2011 go R1 2012)
Public Service Agreement - Education Sector - Note on Productivity achievements during the Reporting period Q1 2011 – Q1 2012 (Comhaontú na Seirbhíse Poiblí - an Earnáil Oideachais - Nóta faoi Éachtaí Táirgiúlachta i rith na tréimhse tuairiscithe - R1 2011 - R1 2012)
Public Service Agreement - Education Sector - Savings Achieved In Year Two - 2010-2014 (Comhaontú na Seirbhíse Poiblí - an Earnáil Oideachais - Coigiltí a Bhaineadh Amach i mBliain a Dó - 2010-2014)
Foilseacháin Staidrimh
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'Foilseacháin Chorparáideacha ag www.education.ie
Liostaí Scoileanna Cónaithe (Iar-Bhunscoil) 2011/2012
Faisnéis faoi Mhéideanna Ranga 2011/2012
Faisnéis faoi Mhéideanna Ranga ag Leibhéal Bunscoile Aonair 2011/2012
Education at a Glance: OECD Indicators 2012 - Nóta Faisnéise
Education at a Glance: OECD Indicators 2012 - Eochairfhórais
Education at a Glance: OECD Indicators 2012 A Country Profile for Ireland
Liostaí Scoileanna Táille (Iar-Bhunscoil) 2011/2012
Eochair-Staitisticí 2011/2012
Liostaí Iar-Bhunscoileanna 2011/2012
Liostaí Bunscoileanna 2011/2012
Projections of demand for Full Time Third Level Education, 2011 - 2026 (Réamh-mheastacháin éilimh ar Oideachas Lánaimseartha Tríú Leibhéal, 2011 - 2026)
Projections of full time enrolment Primary and Second Level, 2012 - 2030 (Réamh-mheastacháin rollaithe lánaimseartha ag Leibhéal Bunscoile agus ag Dara Leibhéal, 2012 - 2030)
Retention Rates of Pupils in Second Level Schools 2005 and 2006 Entry Cohorts (Rátaí Coinneála Daltaí i Scoileanna Dara Leibhéal - Cohóirt Iontrála 2005 agus 2006)
Statistical Report 2011-2012 (Tuarascáil Staidrimh 2011-2012)
Teachers who retired from 1st November 2011 to 29th February 2012 (Múinteoirí a chuaigh ar scor ón 1 Samhain 2011 go dtí an 29 Feabhra 2012)
Foilseacháin na Cigireachta
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'Foilseacháin Chorparáideacha ag www.education.ie
An Evaluation of Planning Processes in DEIS Primary Schools (Meastóireacht ar Phróisis Phleanála i mBunscoileanna DEIS)
An Evaluation of Planning Processes in DEIS Post-Primary Schools (Meastóireacht ar Phróisis Phleanála in Iarbhunscoileanna DEIS)
Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte sa Bhunscoil
School Self-Evaluation: Draft Guidelines for Primary Schools (Féinmheastóireacht Scoile: Dréacht-Treoirínte do Bhunscoileanna)
School Self-Evaluation: Draft Guidelines for Post-Primary Schools (Féinmheastóireacht Scoile:

Dréacht-Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna)
School Size and the Quality of Teaching and Learning (Méid Scoile agus Cáilíocht an Teagaisc agus na Foghlama)
School Self-Evaluation: An Update for Primary Schools (Féinmheastóireacht Scoile: Nuashonrú do Bhunscoileanna)
School Self-Evaluation: An Update for Post-Primary Schools (Féinmheastóireacht Scoile: Nuashonrú d'Iar-Bhunscoileanna)
A Guide to Incidental Inspection in Second-Level Schools and Centres of Education (Treoir don Chigireacht Theagmhasach i Scoileanna Dara Leibhéal agus Ionaid Oideachais)
Joint Evaluation Report: Dissolving Boundaries Programme 2010/2011 (Comhthuarascáil Meastóireachta: Clár um Theorainneacha a Dhíscaoileadh 2010/2011)
An Introduction to School Self-Evaluation of Teaching and Learning in Primary Schools (<i>Réamhrá don Féinmheastóireacht Scoile ar Theagasc agus ar Fhoghlaim i mBunscoileanna</i>)
An Introduction to School Self-Evaluation of Teaching and Learning in Post-Primary Schools (<i>Réamhrá don Féinmheastóireacht Scoile ar Theagasc agus ar Fhoghlaim in Iar-Bhunscoileanna</i>)
Guidelines on School Self-Evaluation for Primary Schools (<i>Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte do Bhunscoileanna</i>)
Guidelines on School Self-Evaluation for Post-Primary Schools (<i>Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna</i>)
Science in the Primary School (Eolaíocht sa Bhunscoil)
English as an Additional Language in Primary Schools (Béarla mar Theanga Bhreise i mBunscoileanna)
Looking at English as an Additional Language: Teaching and Learning in Post-Primary Schools (Ag Féachaint ar Bhéarla mar Theanga Bhreise: Teagasc agus Foghlaim in Iar-Bhunscoileanna)
Looking at Biology (<i>Ag Féachaint ar Bhitheolaíocht</i>)

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
0001/2012	Prescribed Material for English in the Leaving Certificate Examination in 2014 (Ábhar atá Leagtha Síos do Bhéarla i Scrúdú na hArdteistiméireachta i 2014)	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Faisnéis Churaclaim
0002/2012	Prescribed Material for Junior Certificate and Leaving Certificate 2014 (Ábhar atá Leagtha Síos don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht, 2014)	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Faisnéis Churaclaim
0003/2012	Budget 2012 – Public Service-Wide Review of Allowances and Premium Payments	Bunscoil, Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Coinníollacha Fostaíochta

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
	(Buiséad 2012 - Athbhreithniú ar fud na Seirbhíse Poiblí ar Liúntais agus ar Íocaíochtaí Prémheanna)		
0004/2012	Good practice guidelines - Community and Comprehensive Schools (Treoirlínte dea-chleachtais - Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha)	C&C	Riarachán
0005/2012	Good practice guidelines - Voluntary Secondary Schools (Treoirlínte dea-chleachtais - Meánscoileanna Deonacha)	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Riarachán
0006/2012	Oireachtas Funded Pension Schemes III Health Retirement Procedures (Scéimeanna Pinsin arna Maoiniú ag an Oireachtas - Nósanna Imeachta um Scor mar gheall ar Dhrochshláinte)	Comhlachtaí faoi Scáth na Roinne	Pinsin
0007/2012	Staffing arrangements in Primary Schools for the 2012/13 school year (Socruithe soláthair foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2012/13)	Bunscoil	Sceidil Soláthair Foirne
0008/2012	Teacher Fee Refund Scheme 2011 (Scéim Aisíochta Táillí Múinteoirí 2011)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Maoiniú/Deontais
0009/2012	Staffing arrangements in post-primary schools for the 2012/13 school year	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Sceidil Soláthair Foirne

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
	(Socruithe soláthair foirne in Iar-Bhunscoileanna don scoilbhliain 2012/13)		
0010/2012	Arrangements for the Provision of Resource Teaching Supports for the 2012/13 school year (Socruithe don Soláthar Tacaí Múinteoireachta Acmhainne don scoilbhliain 2012/13)	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Sceidil Soláthair Foirne
0011/2012	ESF Aided Operations - VEC Sector – Pay and Non Pay 2011 - Information Booklet and Instructions for Beneficiaries (Oibríochtaí a Fhaigheann Cúnamh ón CSE - Earnáil na gCoistí Gairmoideachais - Pá agus Neamhphá 2011 - Leabhrán Faisnéise agus Treoracha do Thairbhíthe)	Coiste Gairmoideachais	Maoiniú/Deontais
0012/2012	Panel access for fixed-term (temporary), substitute and part-time teachers (Rochtain ar phainéil do mhúinteoirí téarma sheasta (sealadach), ionadacha agus páirtaimseartha)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Coinníollacha Fostaíochta

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
0013/2012	Combined Post-Graduate Diploma Programme of Continuing Professional Development for Teachers involved in Learning Support and Special Education – 2012/2013 (Clár Comhcheangailte Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí a bhfuil baint acu le Tacaíocht Foghlama agus le hOideachas Speisialta - 2012/13)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil	Cúrsaí Inghairme
0014/2012	Graduate Certificate in the Education of Students with Autistic Spectrum Disorders (ASDs) for teachers working with Students with ASDs in Special Schools, Special Classes or as Resource Teachers in mainstream Primary and Post-Primary Schools - 2012/2013 (Teastas Iarchéime san Oideachas Daltaí a bhfuil Neamhoird ar Speictream an Uathachais (ASDanna) orthu do mhúinteoirí a oibríonn le Daltaí a bhfuil ASDanna orthu i Scoileanna Speisialta, i Ranganna Speisialta	Bunscoil, Iar-Bhunscoil	Cúrsaí Inghairme

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
	nó a oibríonn mar Mhúinteoirí Acmhainne i mBunscoileanna nó in Iar-Bhunscoileanna Príomhshrutha - 2012/2013)		
0015/2012	Post-Graduate Certificate/Diploma Programme of Continuing Professional Development in Special Educational Needs (Autistic Spectrum Disorders) for Teachers (Clár Teastais/Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird ar Speictream an Uathachais) do Mhúinteoirí)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil	Cúrsaí Inghairme
0016/2012	Capitation grants for the 2011/2012 school year (Deontais chaipitlíochta don scoilbhliain 2011/2012)	Bunscoil	Maoiniú/Deontais
0017/2012	Reduction in the rate of the fee payable to schools and Vocational Education Committees for the administration of the Supervision / Substitution Scheme (Laghú ar ráta na	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Rátaí Pá

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
	táille iníoctha le scoileanna agus le Coistí Gairmoideachas as riar na Scéime Maoirseachta / Ionadaithe)		
0018/2012	Supporting Assessment: Standardised Testing in Primary Schools (Tacú le Measúnacht: Trialacha Caighdeánaithe i mBunscoileanna)	Bunscoil	Faisnéis Churaclaim
0019/2012	Revised Rates of Pay in respect of Supervision /Substitution for the 2011/2012 school year (Rátaí Athbhreithnithe Pá maidir le Maoirseacht/ Ionadú don scoilbhliain 2011/2012)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Riarachán
0020/2012	Web based Advertising of Teaching Posts (Fógraíocht Ghréasán-Bhunaithe Post Múinteoireachta)	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Coinníollacha Fostaíochta
0021/2012	Parental Leave Amendment for Registered Teachers in Recognised Primary and Post Primary Schools (Leasú Saoire Tuismitheoirí do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna Aitheanta)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil	Coinníollacha Fostaíochta

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
0022/2012	Career Break Scheme for Special Needs Assistants in Recognised Primary and Post Schools (Scéim um Shos Gairme do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna Aitheanta)	Cúntóirí Riachtanas Speisialta	Coinníollacha Fostaíochta
0023/2012	Important Public Health Alert 2012 Measles (Foláireamh Tábhachtach Sláinte Poiblí 2012: Bruitíneach)	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Sláinte agus Sábháilteacht
0024/2012	Grading Structure and Pay Scales for Chief Executive Officers of Education Training Boards (Struchtúr Grádaithe agus Scálaí Pá do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oiliúna Oideachais)	Breis-Oideachas agus Ard-Oideachas	Rátaí Pá
0025/2012	Implementation of the National Literacy and Numeracy Strategy- Post-Primary Schools (Cur Chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta - Iar-Bhunscoileanna)	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Faisnéis Churaclaim
0026/2012	Home Tuition Scheme 2012/2013 (Scéim um Theagasc Baile 2012/2013)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
0027/2012	Revised Syllabuses in Junior Certificate and Leaving Certificate Mathematics for Leaving Certificate examination in 2014 and Junior Certificate examination in 2015 (Siollabais Athbhreithnithe i Matamaitic an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta do scrúdú na hArdteistiméireachta i 2014 agus do scrúdú an Teastais Shóisearaigh i 2015)	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Faisnéis Churaclaim
0028/2012	Payment in respect of Substitution for the academic year 2011/2012 in Prisons (Íocaíocht i leith Ionadaithe don bhliain acadúil 2011/2012 i bPríosúin)	Coiste Gairmoideachais	Rátaí Pá
0029/2012	Probationary requirements for registration purposes for primary teachers (Riachtanais phromhaidh chun críocha cláraithe do mhúinteoirí bunscoile)	Bunscoil	Coinníollacha Fostaíochta
0030/2012	Arrangements for the Election of Parent and Staff Representatives to VECS (2012) (Socruithe don Toghadh Ionadaithe Tuismitheoirí agus	Coiste Gairmoideachais	Riarachán

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
	Foirne ar Choistí Gairmoideachais (2012))		
0031/2012	Switchover from Analogue to Digital TV Network (Aistriú ó Líonra Teilifíse Analógach go Líonra Teilifíse Digiteach)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Riarachán
0032/2012	School Vaccination Programme and MMR (measles, mumps, rubella) Vaccination Catch up Campaign in 2012/2013 (An Clár Vacsaínithe Scoile agus MMR (bruitíneach, leicneach, bruitíneach dhearg): Feachtas Dlúthaithe Vacsaínithe i 2012/2013)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Sláinte agus Sábháilteacht
0033/2012	Statistical Returns in respect of part-time courses in Vocational Schools/Community Colleges in the 2011/2012 School Year (Tuairiscí Staitistiúla i leith cúrsaí páirtaimseartha i nGairmscoileanna/i gColáistí Pobail sa Scoilbhliain 2011/2012)	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Riarachán
0034/2012	Parental Leave / Amendment for Staff in Institutes of Technology (Saoire Thuismitheoirí / Leasú do Bhaill Foirne in Institiúidí Teicneolaíochta)	Tríú Leibhéal	Coinníollacha Fostaíochta

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
0035/2012	Travel Pass Scheme 2013 (Scéim Pas Taistil 2013)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil	Riarachán
0036/2012	The new un-certified sick leave arrangements for Teachers (Na socruithe nua neamhdheimhniú um shaoire bhreiteachta do Mhúinteoirí)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Coinníollacha Fostaíochta
0037/2012	The new un-certified sick leave arrangements for SNA's (Na socruithe nua neamhdheimhniú um shaoire bhreiteachta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Coinníollacha Fostaíochta
0038/2012	Panel Access for Fixed Term (Temporary), Substitute and Part-Time Teachers (Rochtain ar Phainéal do Mhúinteoirí Téarma Sheasta (Sealadach), Ionadacha agus Páirtaimseartha)	Bunscoil	Sceidil Soláthair Foirne
0039/2012	Implementation of School Self Evaluation (Cur Chun Feidhme na Féinmheastóireachta Scoile - Bunscoil)	Bunscoil	Riarachán
0040/2012	Implementation of School Self Evaluation - Post Primary (Cur Chun Feidhme na Féinmheastóireachta Scoile - Iar-Bhunscoil)	Iar-Bhunscoil, Coiste Gairmoideachais	Riarachán

Imlitreacha

Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie

Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
0041/2012	SELF CERTIFIED PAID SICK LEAVE ARRANGEMENTS FOR ALL STAFF (EXCLUDING TEACHERS AND SNAS) IN VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEES (VECs) (SOCRUITHE FÉIN-DEIMHNITHE SAOIRE BREOITEACHTA ÍOCTHA DON FHOIREANN AR FAD (GAN MÚINTEOIRÍ AGUS CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA A ÁIREAMH) I gCOISTÍ GAIRMOIDEACHAIS)	Coiste Gairmoideachais	Coinníollacha Fostaíochta
0042/2012	SELF CERTIFIED PAID SICK LEAVE ARRANGEMENTS FOR DEPARTMENT PAID SECRETARIES AND CARETAKERS IN RECOGNISED PRIMARY AND POST PRIMARY SCHOOLS (SOCRUITHE FÉIN-DEIMHNITHE SAOIRE BREOITEACHTA ÍOCTHA DO RÚNAITHE AGUS D'AIRÍGH ATÁ ÍOCTHA AG AN ROINN I mBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA AITHEANTA)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil	Coinníollacha Fostaíochta

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
0043/2012	SELF CERTIFIED PAID SICK LEAVE ARRANGEMENTS FOR ALL STAFF (OTHER THAN TEACHERS AND SNAS) IN RECOGNISED PRIMARY AND POST PRIMARY SCHOOLS (SOCRUITHE FÉIN-DEIMHNITHE SAOIRE BREOITEACHTA ÍOCTHA DON FHOIREANN AR FAD (GAN MÚINTEOIRÍ AGUS CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA A ÁIREAMH) I mBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA AITHEANTA)	C&C	Coinníollacha Fostaíochta
0044/2012	Payment of Tool Allowance to Craft Workers (Íoc an Liúntais Uirlisí le Ceardaithe)	Coiste Gairmoideachais	Riarachán
0045/2012	Home Tuition Scheme 2012/2013 (NOT PUBLISHED) (Scéim um Theagasc Baile 2012/2013) (NACH BHFUIL FOILSITHE)	Bunscoil, Iar-Bhunscoil	Tacaíocht Mic Léinn
0046/2012	Implementation of Budget 2013 in respect of the Post Leaving Certificate (PLC) programme, the Vocational Training Opportunities Scheme (VTOS) and Youthreach (Cur chun feidhme Bhuiséad 2013)	Breis-Oideachas agus Ard-Oideachas	Riarachán

Imlitreacha			
Is féidir amharc ar liosta iomlán d'implitreacha a cruthaíodh i 2012 ag www.education.ie			
Uimhir na hImlitreach	Teideal	Earnáil	Rangú
	maidir leis an gclár Iar-Ardteistiméireachta (PLC), leis an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus le hÓgtheagmháil		

Aguisín C - Naisc Dhíreacha chuig ár Láithreán Gréasáin

www.education.ie

Faisnéis Staidrimh	http://www.education.ie/en/Publications/Statistics/
Tuarascálacha Cigireachta	http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/
Reachtaíocht Oideachais	http://www.education.ie/en/The-Education-System/Legislation/Education-Legislation.html
Gach Foilseachán	http://www.education.ie/en/Publications/
Imlitreacha agus Foirmeacha	http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/
Oideachas Speisialta	http://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/
Dearadh Scoile	http://www.education.ie/en/School-Design/
Preas agus Imeachtaí	http://www.education.ie/en/Press-Events/
Seirbhísí agus Faisnéis do Thuismitheoirí	http://www.education.ie/en/Parents/
Seirbhísí agus Faisnéis d'Fhoireann Oideachais	http://www.education.ie/en/Education-Staff/
Seirbhísí agus Faisnéis d'Fhoghlaimoirí	http://www.education.ie/en/Learners/